

Biseach 2009



Iris Chumann Forbartha Chois Fharraige

€6.00



Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
/ Co. Galway
Teil: / Tel: (091) 503100
Facs: / Fax: (091) 503101

Bailc Mhic Iric,
Maigh Chromtha,
Co. Chorcaí
/ Co. Cork
Teil: / Tel: (026) 45366
Facs: / Fax: (026) 45423

Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair
Duirí Beaga
Co. Dhún na nGall
/ Co. Donegal
Teil: / Tel: (071) 9560100
Facs: / Fax: (071) 9560101

Páirc Ghnó an Daingin
An Daingean,
Co. Chiarraí / Co. Kerry
Teil: / Tel: (088) 9150100
Facs: / Fax: (088) 9150101

An Aislann,
Béal an Mhuinthead,
Co. Mhaigh Eo / Co. Mayo
Teil: / Tel: (097) 81418
Facs: / Fax: (097) 82179


e: eolas@udaras.ie

w: www.udaras.ie



Tigh Dhurcáin

OLLMHARGADH & OIFIG AN PHOIST
An Tulaigh, Baile na hAbhann,
Co. na Gaillimhe.



CLPRINT Clódóirí Lurgan

Le os cionn 30 bliain taithí ins an gelódóireacht taobh thiar dúinn, agus le treallamh agus incallra is nua aoisí ar an margadh, déanann muid táirge den scoth ar phraghas réasúnach.

I gcóir meastachán glaoigh orainn ag ag oifig in Indreabhán, Conamara ag 091 593251.

Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.

t. 091 593 251 / 593 157
f. 091 593 159
e. info@clprint.ie



Scribhinní Mhíchíl Bhreathnaigh i gcló arís – tar éis beagnach 100 bliain

Clóch bhua ar charr duine de cheannródaithe móra na scríbhneoireachta sa Nua-Ghaeilge

Seoladh

Seanscoil Shailearna
Dé Máirí, 6 Deireadh Fómhair
ag 9 i.n.

Fáille roimh chách.

Sa Lochán Beag, Indreabhán, a rugadh Mícheál Breathnach sa mbliain 1881. Scríobh mblána dóig a bhí sé nuair a d'fhoghlaim sé léamh agus scríobh na Gaeilge. Chaith sé roinnt blianta ag obair do Chomradh na Gaeilge i Londain, tréimhse mar Ard-Ollamh i gColáiste Chonnacht i dTuair Mhic Fadaigh agus mar Ollamh le Gaeilge i gColáiste Iarthraithe i dTuair.


Scríobh mblána fidead a bhí sé nuair a fuair sé bás arís sa mbliain 1908. Bhí a bhás sin ar a chuid go léir, agus mar chomóradh ar a shaoil agus ar a shaoil chuir siad cuid dá scríbhinní i dcló a chéile i bhform leabhar, a foilsíodh sa mbliain 1913.

Saoilíocht ar an leabhar sin, an leabhar aillíocht a comradh an le beagnach céad bliain. Tá scríbhneoireacht farsúil, mionleabhar, tráchtlaireacht ar an beolaitíocht agus ar an litríocht, cumhínní arís, cumadóireacht agus filíocht sa leabhar, chomh maith le scéal a bheith a clóch bhua ar charr duine de cheannródaithe móra na scríbhneoireachta sa Nua-Ghaeilge.

Na hEagarthóirí

Lechlainn Ó Tuairis a chóirigh an t-ágrán nua seo. As an Lochán Beag in Indreabhán i gCo. na Gaillimhe dó. Tá sé ina Eagarthóir Litríocht le Cló Iar Chonnachta le ceithre bliana anuas. Le deiranas chuir sé féin agus Pádraig Ó hÍdeall bailiúchán béaloidis as Conamara agus Corca Dhuibhne dar teideal Tohar an Díchais (An Sagart, 2007) in eagar.

Tomás Mac Donnabail agus Seán Mac Fíon a chuir an bunleagan in eagar in 1913. I mBailí Chonnachta i gContae Mhaigh Tu a rugadh Tomás Mac Donnabail in 1885, i Hackney i Londain Shasana a rugadh Seán Mac Fíon in 1862. Bhí an bheirt an-ghníomhach in imeachtaí Chomradh na Gaeilge ag lús an fichú haois.



Mícheál Breathnach: Scribhinní

Tomás Mac Donnabail agus
Seán Mac Fíon a chuir in
eagar

Athcló cóirithe ag:
Lechlainn Ó Tuairis
Clóch bhua €14.00



Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo



**Córas le do chuntas
a sheiceáil ar-líne ag
www.cccholmcille.ie**

Oifig nua ar
an gCeathrú Rua

lasachtaí clúdaithe ag 5%



Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo., An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: (091) 593421. Faics: (091) 593089. Ríomhphost: ccccteo@eircom.net
Teil: (091) 869915 – oifig na Ceathrún Rua

Biseach 2009

Iris Chumann Forbartha Chois Fharraige

Eagarfhocal

Cé gur beag duine, eagraíocht ná gnó nach bhfuil priocadh éicint faighte aige nó aici ón loscadh airgeadais atá gaidhte ar fud na tíre agus an domhain le bliain anuas, is mór an díol misnigh go raibh cuid mhaith de lucht gnó Chois Fharraige flaithiúil lena gcuid fógraíochta don eagrán reatha seo den iris BISEACH. Léiríonn sin go soiléir go bhfuil muintir an cheantair sásta dul ar aghaidh leis an saol in ainneoin na ndeacrachtaí geilleagrach, díreach mar a rinne na glúine a tháinig rompu, chun cuma a choinneáil ar an áit agus brú ar aghaidh lena gcuid oibre agus lena gcuid forbartha. Tuar an mhaith agus gheobhaidh tú í, mar a deir an seanfhocal.

B'fhéidir nach bhfuil rudaí chomh réidh anois agus a bhí sna blianta beaga atá caite, go háirithe ag na daoine óga, ach is maith is cuimhin leis an gcuid is sine againn an saol a bheith i bhfad níos deacra agus gan mórán deise ag aon duine le slí bheatha cheart a bhaint amach. Mar sin fhéin, tháinig na daoine le chéile an t-am sin freisin, bunaíodh coláistí Gaeilge, comharchumainn, ionaid spóirt, agus cuid mhaith eagraíochtaí gnó agus sóisialta eile, rudaí atá againn go fóill agus ná ligeadh muid uainn iad.

Chuipe sin, ní mór don phobal tarraingt le chéile níos mó ná riamh chun cur i gcoinne na saineolaithe rachmasacha seo ón taobh amuigh atá ag moladh deireadh a chur le

heagrais stáit agus le scéimeanna pobail agus deontas a thug croí agus misneach don Ghaeltacht agus do mhuintir na Gaeltachta le blianta fada. Ní fheiceann leithéidí Mhic Cárthaigh agus chomhaltaí an Bhoird Snip ach figiúirí ar pháipéir, ach tuigeann muintir Chois Fharraige go bhfuil níos mó sa saol ná sin mar go bhfuil spreac agus misneach sa bpobal mar a bhí riamh, rud atá léirithe arís eile ag forbairtí ar nós an Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh atá oscailte go hoifigiúil agus ag seoladh go meidhreach faoin am seo agus an fhorbairt mhór atá beartaithe ag Cumann Mhícheál Breathnach.

Céimeanna móra don phobal agus don dream óg ach go háirithe an dá mhórobair sin, is fiú tacú go hiomlán leo agus chuile chúnaimh a thabhairt dóibh sna blianta atá romhainn. Díol bróid agus misnigh iad in aon phobal agus cúis dóchais iad don am agus do na glúine atá le theacht.

Mar fhocal scoir, bheirim míle buíochas do chuile dhuine a thug ábhar nó cúnaimh chun BISEACH 2009 a chur ar fáil. Bhí sibh fial flaithiúil mar is gnách agus go mba fada buan sibh. Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo, agus go mbeidh Nollaig mhór mhaith agus bliain nua faoi mhaise agaibh fhéin agus ag mhuintir an cheantair ar fad, sa mbaile agus i gcéin.

AN CLÁR

ÁBHAR	LCH.
Oscailt an ITT	3
An tAth. Stiophán	7
Picitúir Scoile	12
Tearmann Éanna	15
Coláiste Cholmcille	17
Scoil Sailearna	19
Scoil na Tuláí	21
Tigh Dick	24
Coláistí Gaeilge CF	25
Bád Bán & Green Dragon	27
Ponc	29
Mo Chara Ciarán	30
An Bóthar Nua	32
Mol an Óige	33
Pastime Chonamara	36
Muintir Chonchubhair	37
Don Rúis le Grá	38
Fáilte agus Slán	40
Pátrún Cholm Cille	41
Cumann Mícheál Breathnach	43
Coiste na nÓg	46
Iománaíocht	47
Lá na gClubanna	48
Liathróid Láimhe	50
Camógaíocht	59
Comhghairdeas	60
Pictiúir	61

*"Ionmhuin liom-sa Connachta
Ar a áilne ar a uaisle
Ionmhuin liom Cois Fhairrge
Ar a aoibhneas ar a uaigneas"*
(Mar a scríobh an Píarsach féin,
10 Lúnasa 1915)

*Clúdach tosaigh: An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh i gCois Fharraige.
Seán Ó Mhainnín a ghlac an pictiúr.*



CUAIRT
AN TAOISIGH

Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Chois Fharraige

Oscailt Oifigiúil – Cuairt an Taoisigh

Bhí an ghrian ag scaladh ar an gCnoc ar an 25ú lá de Mheán Fómhair nuair a d’oscail an Taoiseach an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh go hoifigiúil. Bhí slua breá i láthair don ócáid ar cuireadh tús léi go gairid tar éis a trí a chlog nuair a bheannaigh an tAthair Ó Flannabhra, Sagart Paróiste an Chnoic agus duine de stiúrthóirí an Ionaid, an foirgneamh nua. Chuir Diarmuid Ó Fátharta, Áine Ní Dhubhghaill, Eoin Ó Dubhghaill agus Aisling Ní Chonchubhair as Coláiste Cholm Cille ceol ar fáil don tslua fad is a bhí siad ag fanacht le teacht an Taoisigh.

Níor choinnigh ceannaire na tíre i bhfad iad áfach agus bhí Caitlín Nic an Ultaigh, Cathaoirleach Choiste Stiúrtha an Ionaid, ann chun fáilte a chur roimhe sular cuireadh baill eile an Bhoird, Treasa Uí Lorcáin, Órla de Búrca, Séamas Ó Concheanainn, Patricia Ní Chonghaile, Morgan Ó Concubhair, Sarah Uí Scanláin agus an tAthair Ó Flannabhra, in aithne dó. I dteannta an Taoisigh bhí an tAire Éamon Ó Cuív agus thug an bheirt acu cuairt ar dtús báire ar an naíonra agus bhain siad an-sásamh as na hamhráin áille a chas na páistí óga dóibh faoi stiúir Bhairbre Uí Mhaíleoin.

Lean an slua suas staighre ansin iad agus gach duine ag déanamh iontais den fhoirgneamh álainn nua a dhear an t-ailtire Aongus Mac Cana agus a thóg na conraitheoirí tógála áitiúla MBB Teo., agus bhí stiúrthóir na comhlachta sin, Micheál Breathnach agus Micheál Óg Breathnach iad féin i láthair agus iad ag baint sásaimh as imeachtaí an lae. I measc na ndaoine eile a bhí le feiceáil sa tslua bhí an T.D. Frank Fahey, roinnt de chomhaltaí Bhord an Údaráis, chomh maith le Cathaoirleach an Bhoird Liam Ó Cuinneagáin; Pádraic Ó Cinnéide, Bertie Ó hAinmhíre, Séamas Mac Giolla Chomhaill, Uinseann Mac Thómais agus Seán Mac Eoin ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta; An Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin; Pól Ó Gallachóir ó TG4; Pádraic Ó hAoláin ón



An Taoiseach, Brian Cowen, T.D., leis an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, agus Cathaoirleach Choiste Stiúrtha an ITT, Caitlín Nic an Ultaigh.

Údarás; Pádraig Ó Ceithearnaigh ó Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge; Dan Quaid ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; agus Bríd Ní Chonghóile ó Ghaillimh le Gaeilge.

Labhair an Taoiseach agus mhol sé muintir an cheantair as an obair iontach atá déanta acu ar an Ionad agus dúirt sé dtugann sé misneach dó go bhfuil pobal mar seo sa Ghaeltacht atá ag déanamh gach iarracht an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn.

“Tréaslaím leis an gCoiste agus na daoine sin a thaispeáin tréithe ceannródaíocha, nuálaíocha agus mórtas áitiúil agus iad ag tabhairt faoin obair seo,” a dúirt sé. “Tá a

fhios agaibh is dócha go bhfuil Coiste Rialtais faoi láthair ag ullmhú Straitéis 20 bliain don Ghaeilge agus don Ghaeltacht. Mar Chathaoirleach ar an gCoiste sin agus mar Thaoiseach ba mhaith liom rud amháin a threisiú anseo inniu, go bhfuil mise agus an Rialtas thar a bheith dáiríre maidir le láidriú agus cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht.”

Nocht an Taoiseach plaic ansin in onóir na hócáide agus bhronn an tAthair Ó Flannabhra bronnantas álainn ar an Taoiseach ina raibh leabhair ó scríbhneoirí Chois Fharraige agus dlúthdhioscaí ó cheoltóirí Chois Fharraige. Níor fágadh an tAire ar lár ach oiread agus baineadh siar as nuair a bronnadh féirín ar féin chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhreith a gharhmhic Éamon Óg ag tús na míosa seo.

Lean an tsiamsaíocht ansin le daltaí ó Scoil Náisiúnta Cholm Cille ar an Tulach, Scoil Náisiúnta Ros an Mhíl agus Scoil Sailearna ar an gCnoc ag déanamh damhsa ar an sean-nós. Chuaigh an Taoiseach síos an staighre chun greim a fháil le n-ithe agus bhain sé sásamh as a bhéile agus é ag comhrá go sásta le muintir na háite. Lean an tsiamsaíocht ar aghaidh ansin ar feadh an tráthnóna le ceol ó Johnny Pháraic Pheter, Neansaí Ní Choisdealbha, Mattie Joe Shéamuis, Tommy Mellott, Charlie Lennon agus Johnny Óg Connolly.



“Ní neart go cur le chéile, a Thaoisigh”. An sagart pobail, Micheál Ó Flannabhara, ag bronnadh cuid de shaothair an cheantair ar an Taoiseach, Brian Cowan, le linn oscailt oifigiúil an ITT ag deireadh Mheán Fómhair na bliana seo. Thíos, tá an Taoiseach agus an tAire Éamon Ó Cuív ag caitheamh súil ar leagan amach na háite, agus ag bun tá an fhoireann agus gasúir an Ionaid.

Réimsí Seirbhísí

Beidh seirbhísí éagsúla de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar fáil san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh a bheidh ar fáil do theaghlaigh le Gaeilge i gceantar Chonamara. Beidh na seirbhísí ar fad a bheidh ar fáil san Ionad ar fáil trí Ghaeilge agus ní bheidh ar theaghlaigh dul chomh fada le Gaillimh níos mó do sheirbhísí nach mbíodh ar fáil ach i mBéarla amháin den chuid is mó.

I measc na seirbhísí éagsúla a bheidh á gcur ar fáil ag FSS san Ionad, beidh Teiripe Urlabhra, Teiripe Shaothair, Seirbhís Síceolaíochta, Fisiteiripe agus Seirbhís Luath-idirghabhála. Chomh maith leis sin, áfach, beidh seirbhís réamhbhreithe á cur ar fáil do mhná a bheidh ag iompar clainne. Beidh alraí le Gaeilge ag cur na seirbhíse seo ar fáil agus beidh comhairle á cur ar fáil freisin maidir le cén chaoi ar féidir an páiste a thógáil le Gaeilge sa cheantar agus an Ghaeilge a bhuanú mar theanga an teaghlaigh.



Plean Gaeilge an ITT

Ar an 25 Meán Fómhair, d'oscail an Taoiseach an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh ar an gCnoc in Indreabhán, áis nua a chuideoidh le treisiú na Gaeilge i gConamara. Labhair *Biseach* le Caitlín Nic an Ultaigh, Cathaoirleach Choiste Stiúrtha an Ionaid, le fáil amach céard go díreach a bheidh ar siúl ann.

Tá éacht déanta agus Ionad Tacaíochta Teaghlaigh (ITT) Chois Fharraige oscailte is go hoifigiúil anois. Tá moladh go leor tuillte ag an dream a bhrúigh an tionscnamh seo ar aghaidh ón gcéad lá riamh agus a chinntigh go rachadh gach a raibh beartaithe don Ionad ar aghaidh ainneoin na géarchéime reatha eacnamaíochta. Mhol an Taoiseach féin a ndúthracht agus dúirt sé go dtugann sé misneach dó go bhfuil pobal anseo sa Ghaeltacht atá chomh gníomhach is atá siad ar mhaithe leis an nGaeilge.

Tá sé mar aidhm ag an ITT an Ghaeilge a shealbhú agus a threisiú i nGaeltacht Chonamara trí thacaíocht agus chúnamh a thabhairt do thuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa cheantar. Dar le Caitlín Nic an Ultaigh, is cuid de phróiseas pleanála teanga fadtéarma an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh.

“Is í an mhóraidhm atá ag an Ionad i ndáiríre ná líon na dteaghlach atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa cheantar a mhéadú le súil agus an Ghaeilge a bhuanú le go dtiocfaidh sí ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile agus chuig na glúine eile ina dhiaidh sin arís.”

Beidh seirbhísí go leor ar fáil san ITT agus beidh sé mar aidhm an Ghaeilge a chur trasna mar theanga an teaghlaigh tríd na seirbhísí sin. Is é Aonad na Pleanála Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge a chuirfidh an tseirbhís chomhairleoireachta teanga ar fáil d’úsáideoirí an Ionaid agus beidh siad ar fáil freisin chun seirbhís faoi rún a chur ar fáil do theaghlaigh ar mian leo teanga an teaghlaigh a athrú go Gaeilge.

“Beidh gach tacaíocht le fáil ag teaghlaigh ar mian leo Gaeilge a labhairt sa mbaile, is cuma céard iad na deacrachtaí atá acu,” dar le Nic an Ultaigh. “Beidh seirbhís teiripe cainte ar fáil trí Ghaeilge do pháistí, mar shampla, chomh maith le cúrsaí do thuismitheoirí ar cén chaoi le déileáil le fadhbanna le déagóirí agus go leor seirbhísí eile a dhéanfaidh iarracht na deacrachtaí a bhíonn ag teaghlaigh an Ghaeilge a labhairt sa mbaile a sháru.”

Ar na seirbhísí a bheidh ar fáil do thuismitheoirí beidh cúrsaí réamhphósta agus réamhbhreithe.

“Tá muid ag iarraidh go dtosódh daoine ag smaoineamh ar theanga an teaghlaigh sula mbíonn páistí acu nó sula bpósann siad fiú,” a dúirt Nic an Ultaigh. “Ní amháin nach mbeidh ar dhaoine taisteal chomh fada le Gaillimh le cúrsaí dá leithéide seo a dhéanamh, ach beidh comhairleoireacht bhreise ar fáil ann freisin ó thaobh rogha a dhéanamh maidir le teanga an teaghlaigh. Míneofar dóibh cén chaoi a gcinnteoidh siad go mbeidh an Ghaeilge á labhairt ag a gclann sa mbaile.”

Tá seomra speisialta san ITT do dhéagóirí ina bhféadfaidh siad teacht le chéile sa tráthnóna nó ar an deireadh seachtaine i gcomhair imeachtaí nó díreach le bheith ag caint is ag comhrá lena chéile. Ní bheidh aon ríomhairí ná teilifís sa seomra seo a d’fhéadfadh an comhrá a iompú ar an mBéarla, ach beidh neart cluichí boird agus uirlisí ceoil ann chun na daoine óga a spreagadh le píosa spraoi a bheith acu trí Ghaeilge.

Bíonn 32 pháistí ag freastal ar Naíonra an ITT faoi láthair agus beidh naíolann á oscailt san Ionad

ag tús na bliana seo chugainn. Déanfaidh an naíolann freastal ar thrí aoisghrúpa (6 mhí go bliain; bliain go dhá bhliain; os cionn dhá bhliain) agus beidh seomra ar leith ag chaon cheann de na haoisghrúpaí sin a bheidh faoi stiúir seisear fostaithe. Beidh club obair bhaile san Ionad freisin do dhaltaí bunscoile agus meánscoile agus cuirfear béile te ar fáil dóibh sa tráthnóna más mian leo sin. Chomh maith leis sin, cuirfear ranganna tar éis scoile ar fáil do dhaltaí (ceol, ealaín, ceardaíocht agus rl.) agus ranganna do thuismitheoirí freisin má theastaíonn sin uathu.

“Ag deireadh an lae, is leis an bpobal an tIonad seo agus beidh sé suas acusan a rá linne céard atá uathu,” a dúirt Nic an Ultaigh. “Tá cistin bhreá atá ar chaighdeán óstáin againn agus tugann sé seo deis do na thuismitheoirí neart imeachtaí agus ócáidí a eagrú san áit. Bheadh muid breá oscailte d’aon mholtaí a bheadh acu.”

Cé gur i gcroílár Chois Fharraige atá an ITT lonnaithe, ní do mhuintir Chois Fharraige amháin an tIonad seo, dar le Nic an Ultaigh.

“Is do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge, nó ar mian leo a gclann a thógáil trí Ghaeilge, an tIonad seo,” a dúirt sí. “Beidh míle fáilte roimh thuismitheoirí as cibé áit a bhfuil siad i gConamara. Tá suim léirithe ag teaghlaigh chomh fada siar le Carna agus Ros Muc san áit cheana féin agus ní chuirfidh muid duine ar bith ó dhoras fad is gurb í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh.”

Más spéis leatsa leas a bhaint as seirbhísí an ITT buail isteach chucu nó cuir glaoch ar 091 593132 chun tuilleadh eolais a fháil.

Beannú Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Chois Fharraige

In ainm an Athar, An Mhic agus an Spioraid Naoimh. Áiméan.

Go gcuire an Tiarna, údar chuile bheannacht, a seacht mbeannacht anuas orainn uilig.

An tús i gcónaí do Dhia, déarfadh na seandaoine agus ag déanamh aithris orthu cuirimis an tIonad nua Tacaíochta Teaghlaigh faoi chumhdach Chríost.

Gabhaimis buíochas le stiúrthóirí an chomhlachta nua faoin Chathaoirleach Caitlín Nic an Ultaigh a chaith uaireanta fada ag cruinnithe le chéile ag iarraidh a leithéid de choincheap a bhrú ar aghaidh ar mhaithe le caomhnú agus saibhriú na Gaeilge sa gceantar. Tá an síol curtha agus ár seacht gcroí d'áthas orainn inniu ag baint an fhómhair.

Gabhaimid buíochas le Ardeaspag Thuama, Micheál Ó Néaraí, a thuig an choincheap ó thús agus a chuir an suíomh, talamh na deoise, ar fáil ar thada le spreagadh, misneach agus tacaíocht a thabhairt don choiste.

Thar cheann an Phobail, gabhaimis buíochas leis na Ranna Stáit agus leis an Aire, Éamon Ó Cuív, a scaoil airgead an Stáit leis an nGaeilge agus tumoideachas dhaoine óga a chur chun cinn.

Ag a dheireadh, gabhaimis buíochas do Dhia go bhfuil a leithéid do choiste deonach ann ar nós stiúrthóirí Ionad Tacaíochta Teaghlaigh an Chnoic - coiste a bhfuil meas acu ar a bhfuil de shaibhreas agus d'oidhreacht fágtha againn ag an seandream, coiste nach bhfuil sásta a gcuid maidí a ligean le sruth ach ag cur le polasaí an stáit le sruth láidir de Ghaeilge a chur ar snámh i gcónaí trí intinn phobal Chois Fharraige.

Sliocht as an Soiscéal Naofa do réir Lúcas 6:47-49

Go raibh an Tiarna libh

Agus leat féin

Chuile dhuine a thagann chugam agus a chloiseann mo bhriathar agus a dhéanann dá réir, taispeánfaidh mé dhóibh cé leis a bhfuil siad cosúil. Tá siad cosúil le fear ag tógáil tí, a rinne rómhar agus tochailt agus a leag an bonn ar an gcarraig. Agus ar theacht don tuile, bhrúcht an fuarlach in aghaidh an tí sin, ach níor fhéad sé é a bhogadh ar a fheabhas a bhí sé tógtha.

B'shin agaibh soiscéal Dé.

Guí an Phobail

Caitlín: Go raibh an obair mhór a bhfuil tús maith curtha léi inniu ag dul ar aghaidh lá i ndiaidh lae sa bpobal seo. *A Thiarna, éist linn.*

Treasa: Sé Dia an Cruthaitheoir ach d'ordaigh sé cúnamh. Go raibh muid uilig ag comhoibriú leis ag tapú na ndeiseanna atá curtha ar fáil dúinn le toradh maith a fháil. *A Thiarna, éist linn,*

Morgan: Tá foirgneamh mór fairsing tógtha le síol na Gaeilge a chur anonn is anall. Go raibh leasú curtha ag pobal Chois Fharraige leis an fómhar mór a bhaint amach anseo. *A Thiarna, éist linn.*

Sorcha: Is fearr an gaisce a mhaítear ná an gaisce nach ndéantar. Go raibh sé de mhisneach ag an gcoiste nua a

bhéas i mbun na hoibre anseo ag comhoibriú le Ranna Stáit le polasaí an Stáit don Ghaeilge a chur chun cinn. *A Thiarna, éist linn.*

Patricia: Sé an Ghaeilge teanga ár linne agus todhchaí ár gcine. Go raibh an péire ceangailte le chéile ar nós an chleamhnais is binne. *A Thiarna, éist linn.*

Séamas: Go mbuailfidh Dia branda a ghrásta ar shaothar an Acadaimh i bhforbairt na Gaeltachta trí eochair an eolais. *A Thiarna, éist linn.*

Orla: Go raibh an tIonad nua seo ina lúb láidir i slabhra an tradisiúin ag síneadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin, an teanga, creideamh, dúchas, cultúr agus oidhreacht atá fite fuaite le chéile. *A Thiarna, éist linn,*

Guímis

A Dhia, cruthaitheoir chuile ní dá bhfuil againn, tá meas mór againn ar an saibhreas, teanga, cultúr dúchas, luachanna spioradálta is oidhreacht a tháinig anuas againn. Cuir do sheacht mbeannacht ar obair an lae inniu agus go spreaga sé an pobal lena leithéid d'oidhreacht a shíneadh ar aghaidh ag an bpobal nua a bhéas ag teacht inár ndiaidh. Áiméan.

Beannú an Ionaid

Go mbeannaí Dia an t-ionad nua seo óna bhun go dtí a bharr.

Go mbeannaí Sé an fardoras, gach cloch is gach clár.

Go gcumhdaí Dia an áit seo agus gach a bhfuil dinn ann, Idir scoláirí, foireann agus chuile dhuine a shiúlann faoina cheann.

Go mbeannaí Sé an doras a oscloimid go fial,

Don stráinséir, is don bhochtán chomh maith lenár ngaoil.

Go mbeannaí sé na fuinneoga a ligeann dúinn an léas ó sholas geal na gréine, na gealaí is na réalt.

Go mbeannaí Sé na frathacha in áirde os ár gceann

Is fós gach balla daingean atá dár dtimpeallú ann.

Go gceanglaí Dia le chéile Ionad is Gaeilge ar nós an chleamhnais is binne.

Mar 'sé todhchaí ár linne agus an Ghaeilge guth an chine.

Go raibh dílseacht don fhirinne le mothú faoina scáth.

Is don chultúr, dúchas is teanga cion is grá.

Go mbeannaí Dia lucht an Ionaid is gach a mbaineann leis a choinneáil ó bhaol.

Is go spreaga sé gach a bhéas feicthe agus cloiste ann

Chuile ghasúr i mbun an tsaoil.

Go raibh dearcadh Chríost á ngríosadh

Is sampla Chríost á scaipeadh ar nós an tsíl.

Agus gasúir na háite á réiteach 's á múnú le haghaidh an tsaoil,

Cuirim an tIonad nua seo faoi choimirce ár Naomh-Phátrúin, Ainnín.

Go spreaga sé dúil san oideachas i measc na ngasúr agus go méadaí sé iontu chuile chineál dul chun cinn.

Croitheadh an Uisce Choisricthe

Go mbeannaí Dia Uilechumhachtach sibh, An tAthair, an Mac 's an Spiorad Naomh. Áiméan.

An tAth. Stiophán

An tAthair Stiophán Mac Donnchadha

Oirníodh ‘mo shagart mé i séipéal Chill an Mhóta in aice le Cill Téagáin i gCo. Chill Mhantáin ar 23ú lá de Bhealtaine 1959. Lá arna mháireach, Domhnach na Tríonóide, léigh mé mo chéad Aifreann i bparóiste an Chnoic. Ba mhór an onóir dhom mar sin, a bheith in ann Aifreann buíochais a cheiliúradh sa séipéal céanna leathchéad bliain ina dhiadh sin ar an 31ú lá de Bhealtaine 2009, Domhnach Cincise. Bhí an lá chomh breá agus chomh te leis an lá ar oirníodh mé.



An triúr sagart, Micheál, Stiophán agus Colm, ag an Aifreann ceiliúrtha

Bhí slua mór ag an Aifreann agus chroch an ceol, binn, diaga ár gcroíthe. Chuir carthanas agus comharsanacht an phobail an-áthas orm nuair a bhí muid le chéile i halla na scoile tar éis an Aifrinn. Bhí siosca líofar ag seanchairde nuair a chas siad le chéile ann.

Glacaim buíochas anseo aríst leo ar fad agus le mo chomhcheiliúraí, an tAth. Micheál Ó Flannabhra agus an tAth. Colm Ó Ceannabháin. Bhí sagairt agus cairde eile nach raibh in ann a beith i láthair mar gheall ar

oibleagáidí eile a bhí acu. Ní féidir chuile thrá a fhreastal.

Kenya

Nuair a bhreathnaím siar, tá údar buíochais agam cinnte. i Meán Fómhair na bliana 1959 sheol naonúr sagart de Chumann Naomh Pádraic, a hoirníodh an lá céanna liom, go Kenya san Aifric Thoir. Chuaigh an chuid eile den rang don Nigéir. Bhreis an naonúr se’againne suas agus chuaigh cúigear go deoise Eldoret agus mé fhéin agus triúr eile

go deoise Kitui. Ba deoise nua é Kitui agus ní raibh ann romhainn ach seisear sagart eile agus an t-easpag. Ceantar an-bhocht é agus cé go raibh na daoine ag brath ar churadóireacht is minic a loic gach ar chuir siad de bharr easpa báistí. Ach an bhliain a mbeadh séasúr maith báistí acu bheadh fómhar maith acu, a ndóthain le n-ithe agus beagán le díol. Bhí an ithir saibhir go maith i gcuid den deoise agus d’oibrigh siad go crua agus beagán dá bharr acu ach ocras go minic.

Bhí an tír faoi rialú Shasana ag an am agus bhí go dtí 1963. Bhí an córas oideachais an-lag. Ní raibh mórán bunscoileanna ann agus ní raibh i gcuid acu ach ó rang a haon go rang a ceathair. Bhí orthu scrúdú a dhéanamh i rang a ceathair agus thiocfadh an tríú cuid acu nó mar sin ar aghaidh go dtí rang hocht i scoil eile. Na chéad bhlianta théadh triúr nó ceathrar Caitlicigh ar aghaidh go dtí meánscoil sa deoise ba ghairne dhúinn. Thuig muid uilig nár leor sin agus go raibh gá le hoideachas san eaglais agus sa tír, mar cinnte bheadh saoirse acu go luath agus bheadh orthu seasamh ar a gcosa fhéin.

Scoileanna

Tar éis mí nó dhó san áit dúinn, chuir an t-easpag beirt den cheathrar againne a' múineadh i mbunscoil le cuidiú le cúpla duine eile dul isteach sa meánscoil. Ach ba léir nár leor sin ach oiread agus i 1962 d'oscail sé meánscoil do Chaitlicigh sa deoise cé nach raibh aon deontas le fáil ón rialtas. Bhí na scoláirí ina gcónaí sa scoil freisin mar bheadh cuid acu suas le céad míle ó bhaile. Cé nach raibh cáilíocht ná cleachtadh agamsa, cuireadh i gceannas na scoile seo mé! Scoil Naomh Seosaimh a tugadh uirthi. De réir rialacha na Roinne Oideachais, ní raibh cead ach 25 daltaí a bheith sa rang, ach as an deoise ar fad ní bhfuair mé ach 23 buachaillí a bhí baistithe agus a raibh an



Baill den chóir binn álainn.

caighdeán (nó gar dhó) sroichte acu.

Bhí na blianta sin crua mar ní raibh ann ar dtús ach mé fhéin agus sagart eile ag rith na scoile, agus bhíodh beirt fhear as an áit ag réiteach béiléachaí. Bhí go leor cúraim orainn: múinteoireacht, bainisteoireacht, cuntasáíocht, ceannacht, déileáil leis an Roinn agus beagán obair paróiste ar an deireadh seachtaine. Fiú amháin bhí muid ag breathnú i ndiaidh na tógála ar an gcuid eile d'fhoirgneamh na scoile nach raibh críochnaithe fós. B'shin chuile lá den tseachtain, trí nó cheithre mhí as a chéile, nó go dtiocfadh na gasúir ar saoire. Níor thuig mé i gceart cé chomh dícheallí is a bhí sé

sin gur scríobh mé síos anois é, leathchéad bliain mall! Ní thagann ciall roimh aois faraor!

Tar éis don tír saoirse a fháil 1963, bhí an rialtas nua i bhfabhar oideachais agus d'oscail muid an dara meánscoil 1964/5. Tugadh *St. Charles Lwanga*, uirthi, ainm duine do mhairetíogh Uganda. Aríst, bhí cónaí inti seo agus fós ní raibh cead againn glacadh ach le 25 daltaí chuile bhliain. Bhí deontas maith ar fáil ón rialtas le múinteoirí a fóc agus earraí scoile a cheannacht ach bhí sé deacair tuataigh a fháil a raibh gradam múinteoireachta acu. Ó bhí cleachtadh beag faighte agamsa i mbunscoil, cuireadh i gceannas na scoile seo mé i 1965. Ceithre bliana meánscoile a bhí agus atá acu i Kenya agus d'fhan mé na ceithre bliana sa scoil sin gur aistríodh mé amach as an deoise go Deoise Eldoret. Ní miste a rá anseo gur fhás an dá scoil sin go híontach ó shin agus go bhfuil caighdeán ard acu i measc scoileanna na tíre le blianta fada anois. Daoine as Kenya atá dá rith le fada an lá. Tá suas le chúig chéad scoláire i *St. Lwanga* anois. Míle moladh le Dia.

Eldoret

I 1969 aistríodh ó Kitui go Eldoret mé, dhá chéad go leith míle ón áit sin, ar an taobh ó thuaidh den mheánlíne a théann trí lár na tíre. Bhí agus tá an-difríocht idir deoise Kitui agus deoise Eldoret. Bhí limistéar mór faoi an uair sin agus bhí líonra mór daoine ann, ach tá sé



Tar éis an Aifrinn ar an gCnoc

deighilte ina thrí nó ina cheithre dheoise anois. Ní raibh ach aon treabh amháin i Kitui ach bhí meascán mór treibheanna in Eldoret. Ardchlár, nó *plateau*, is ea an ceantar seo a bhfuil an chuid is mó dhe idir 5,000 agus 8,000 troigh os cionn na farraige. Bíonn feilméaraí in ann brath ar an séasúr báistí go hiondúil agus bíonn curadóireacht agus torthaí éagsúla á bhfás agus á ndíol ann. Bhí seilbh ag feilméaraí Sasanacha agus Eorpacha ar réimsí móra le blianta fada, ach tar éis 1963 d'fhág go leor de na feilméaraí móra sin an tír, agus roinneadh an talamh ina ghabháiltais bheaga ar mhuintir na háite. Is minic go raibh na treibheanna measctha, agus i bparóiste amháin dá raibh mé bhí Kikuyu, Luyha, Kamba, Luo agus treibheanna eile a' saothrú a mbeatha gualainn ar ghualainn lena chéile. Is dóigh go raibh deich dtreabh ar a laghad sa bparóiste sin, ach tharraing siad go maith le chéile. D'oibrigh siad go crua; bhí toradh ar a saothar, ní fearacht na bhfeilméaraí i Kitui é; bhí siad bríomhar a' cur oideachais ar aghaidh dá bpáistí. Bhí forbairt sa gceantar agus san eaglais ar feadh blianta.

[Tar éis dom Kenya a fhágáil, d'éirigh liom cuairt ghearr a thabhairt ar an bparóiste sin i 2005, go gairid roimh an Nollaig. Bhí siad díreach a' fáil réidh d'Aifreann pósta. Bhí ocht lánúin fhichead a' pósadh an lá sin! B'shin faisean nua a bhí tosaithe agus is cosúil gur thaitnigh sé leis an bpobal. Anois bíonn an chuid is mó de na póstaí ann aon lá amháin sa bhfómhar nuair a bhíonn beatha níos fairsinge agus beagán airgid sábháilte. Bíonn aon chóisir amháin ansin acu uilig in aice an tséipéil. Sábháileann sin go leor costais dhóibh; costais nach raibh aon chiall le go leor acu.]

Is oth liom a rá gur thosaigh clampar idir na treibheanna tar éis thoghchán na bliana 2006. Is cúis náire do chinnirí agus do pholaiteoirí na tíre gur thosaigh an t-aighneas sin. Tá millteanas déanta nach mbeidh leigheas air go ceann blianta.]

Chaith mé deich mbliana in Eldoret ag obair i bparóistí agus a' breathnú i ndiaidh oibreacha

forbartha ar fud na deoise. Bhí sagairt agus mná rialta ag an am sin ag iarraidh córais leighis agus oideachais, talmhaíocht agus obair sóisialacha a chur ar fáil nó a chur ar aghaidh, go háithrid i gceantracha iargúlta a raibh faillí déanta orthu ag rialtas agus eaglais. Bhí cúram ormsa cuidiú leo airgead a fháil ó Thrócaire, Gorta, Miserior, Caritas nó as aon áit eile. Bhí cuid ar thóir cúntóirí freisin: múinteoirí, dochtúirí, banaltraí, leis an obair a thosú, a bhrostú, nó a chur chun cinn ar aon bhealach. Ach anois, is mó an bhéim atá ar obair paróiste agus cead ag an rialtas breathnú i ndiaidh na ndualgas sin.

Ar feadh an ama seo bhí an tsláinte go maith agam, buíochas le Dia. Ní bhfuair mé *malaria* ach uair nó dhó cé gur thaistil mé ar fud na tíre agus go tíortha eile san Aifric. Bhí an t-ádh orm. Bhí an mí-ádh orm freisin i 1977 nuair a chuaigh leoraí trasna romham agus mé a tiomaint ar an mbóthar mór. Chuir sin deireadh le mo rith go sealadach agus beagnach go hiomlán. Ar ádhmharáí an tsaoil, níor briseadh aon chnámh ach chaith mé laethanta in ospidéal agus d'fhaighinn tinneas cinn ar feadh blianta ina dhiaidh sin.

Taisteal

Ar mo chéad thuras abhaile tar éis na timpiste sin cuireadh go hAlbain mé. Bhí an-drogall agam roimhe sin agus chuir sé cantal orm nach mbeinn in ann a dhul ar ais go Kenya go ceann sé bliana. Ach nuair a shocraigh mé síos ann fuair mé an-

sásamh air agus tá cairde buana agam ann go dtí an lá atá inniu ann.

Fuair mé cead mo chos ar ais go Kenya aríst 1986. Chaith mé cúig bhliana in Eldoret ar dtús agus ansin cuireadh go Nairobi mé le a cuidiú leis an Ath. Eddie Lalor, a' freastal ar na réigiúin a raibh ár sagairt ag obair iontu ag an am: ceithre dheoise i Kenya, deoise amháin sa tSúdáin agus ó 1994 bhí cúpla sagart linn ar iasacht go Ruanda. Bhí os cionn 70 sagart againn sa réigiún ag an am. Thagadh chuile dhuine acu sin trí Nairobi ar dhul abhaile agus ar fhilleadh dhóibh. B'éigin dóibh uilig cuid dá gcuid siopadóireachta a dhéanamh i Nairobi ó am go céile. Is ann a bhí na hospidéal ab fhearr agus is minic ab éigin iad a úsáid. Ina theannta sin bhí aithne againn ar go leor de na mná rialta agus na daoine a bhí ag obair linn ar fud an réigiúin. Mar sin bhíodh go leor isteach is amach againn agus ba sheirbhís speisialta a bheith in ann freastal orthu nó cuidiú leo ar aon bhealach.

Ina theannta sin bhí muid in ann, ó am go chéile, cuairt a thabhairt, ní amháin ar pharóistí ar fud Kenya ach fiú amháin isteach i ndeisceart na Súdáine ag na sagairt ansin. Bhí cogadh cathartha ar siúl ansin go dtí le gairid. Bhí an saol crua ann. Bhí na paróistí mór, an pobal an-scaipthe, go leor as baile ag troid sa gcogadh. Bhí contúirt ionsaithe go síoraí ann, bhí an bheatha gann, daor agus ní raibh sí blasta. Is minic ab éigin don phobal teitheadh go Uganda nó go Kenya agus aon chóras oideachais a bhí





ann fadó, bhí sé ligthe i léig ar fad anois. Go minic b'éigin do na sagairt fhéin teitheadh. Cé nach chomh minic sin a bhí mé fhéin sa tSúdáin, bhí orm greadadh liom trasna na teorann go Kenya uair amháin agus coicís ina dhiadh sin d'fhág an sagart agus na céadta de mhuintir na háite an ceantar, agus chuir siad fúthu i Uganda. Níl inseacht ar an gcruatan, an chontúirt agus an chrógacht a bhain le bheith ag obair i ndeisceart na Súdáine sna

naochadaí. Tá an ceantar a raibh na sagairt se'ainne ag obair ann na céadta míle as Darfur. Tír mhór í an tSúdáin. Thug mé dhá chuairt ar Ruanda freisin.

Tar éis Nairobi chaith mé aon bhliain déag i Meiriceá ag cruinniú airgid do na misiúin. Ní obair í a nglacann chuile dhuine léi, ach chuidigh sé liomsa gur thuig mé an gá a bhí agus atá leis. Níl go leor de na paróistí a bhfuil muid ag obair iontu in ann mórán cabhrach a

thabhairt don pharóiste agus ní bheidh go ceann blianta. Mar sin fhéin tá an scéal sin a' feabhsú in aghaidh na bliana. Aríst, blianta an-sásúla a bhí iontu sna Státaí. Thaisteal mé go paróistí éagsúla ó Seattle go San Diego agus ó Nevada go Texas. Bhí siad fáiltiúil agus flaithiúil, bail ó Dhia orthu.

Deireadh Fómhair na bliana seo caite, d'fhág mé na Státaí agus rún agam cur fúm in Éirinn. Thóg sé tamall orm m'intinn a dhéanamh suas, ach faoi dheireadh shocraigh mé ar Chnoc Mhuire. Bhí Nóibhéine i gCnoc Mhuire ón 14ú go dtí an 22ú lá de Lúnasa agus tá sé déanta amach gur tháinig 150,000 ar oilithreach ann i rith na naoi lá. Is minic go raibh triúr nó cúigear nó deichniúr ag éisteacht faoistine ann i rith an ama sin. Bhíodh idir 4,000 agus 5,000 ag Aifreann a 3.00 agus ag Aifreann 8.00 tráthnóna. Tá an creideamh beo fós, buíochas le Dia.

Mar fhocal scoir, tá mé fíorbhuíoch do Dhia agus do chuile dhuine a chuidigh liom ar m'aistir le leathchéad bliain. Go bhfága Dia bhuir sláinte agaibh.



Guí gaoil agus pobail

Eldorada na Gaeltachta

Micheál Ó Flannabhra, S.P.

Tá sé níos mó ná seachtó bliain ó d'fhág an tAth. Séamus Ó Ceallaigh Pobal Chois Fharraige ach tá scéalta faoi i mbéal an phobail fós. Bhí suim mhór aige i gcúrsaí polaitíochta ar mhaithe le forbairt a phobail féin agus bhíodh sé go rialta ag freastal ar chruinnithe de chuid Fhianna Fáil i mBleá Cliath. Cuireadh ceist ar Éamon de Valera tráth ar shiúil an tAth Ó Ceallaigh isteach ag cruinniú agus *briefcase* mór ar iompar aige.

"Meas tú céard atá ag an sagart sa mála mór?"

"Cinnté", a deir Dev tá *spanners* sa mála nó spallaí le caitheamh!"

Bhí sé ráite sa seanchas go raibh baint ag an tAth. Ó Ceallaigh le talamh i Seana Phéistín a fháil straidhpeáilte agus tithe a fháil don phobal. Tá Seanadh Phéistín i bPobal Uachtar Ard agus nuair nach raibh an sagairt áitiúil sásta Aifreann Stáisiúin a eagrú san áit tháinig an pobal ansin ar ais ag an tAth. Ó Ceallaigh ag iarraidh air Aifreann Stáisiúin a léamh. Ghéill sé agus d'imigh sé féin agus a Shéiplíneach, an tAth. Ó hÉanaigh, siar agus léigh siad Aifreann na Stáisiúin i Seanadh Phéistín i ndeoise na Gaillimhe.

Caicís ina dhiaidh sin tháinig litir chuige ó Easpag na Gaillimhe ag clamhsán go raibh sé ag póitseáil agus ag bradaíl thar theorainn a dhaoine féin. Mhínigh an tAth. Ó Ceallaigh a chás, go raibh sé ag freastal ar éileamh ó phobal Sheanadh Phéistín sa gcás áirithe seo agus chríochnaigh sé a litir leis an abairt gearr gonta seo:

"Más maith le Uachtar Ard seilbh a ghlacadh ar Sheanadh Phéistín, Eldorada na Gaeltachta, bíodh acu".



Más suim leat scéalta nach bhfuil ar fáil in aon áit eile, coinnigh súil le Cogar, 9.30pm gach Domhnach agus Anamnacht, 9.30pm gach Céadaoin ar TG4. Sraitheanna faisnéise iad seo a chuirfidh iontas ort agus a mhéadóidh do thuiscint ar do thír agus ar na carachtair iontacha atá timpeall ort.

TG4
Súil Eile
www.tg4.ie





An Chéad Chomaoineach

Thuas: Scoil Náisiúnta Cholmcille

Líne cúil, ó chlé: An Canónach Colm Ó Ceannabháin, An Múinteoir Sarah Ní Choistealbha.

Dara líne aniar, ó chlé: Breandán Ó Tuathail, Rosie Nic Dhubhghaill, Oisín Ó Direáin, Róisín Ní Choistealbha, Iarfhlaith Ó Maoileoin.

Tríú líne aniar, ó chlé: Tanta Ó Comhghain, Aifric Ní Scolaí, Seán Ó Conghaile, Ciara Ní Mhóráin, Joe Ó Tuairisg, Domhnall Ó Braonáin.

Chun tosaigh, ó chlé: Páid Ó Cualáin, Peadar Ó Gríofa Mac Tháibhís, Nikita Carragher, Luca Casburn Trahan, Katie Ní Fhéinneadha, James Breathnach, Aghna Nic Dhonnchadha.

Thall: Scoil Náisiúnta Sailearna

Líne cúil, ó chlé: Traolach Ó Conghaile (múinteoir), Liam Cruz Ó Fátharta, Róisín Ní Ghionnáin, Tomás Ó Conghaile, Máirtín Ó Maoláin, Ciarán Ó Lochnáin, Kiara Ní Dhúgáin, Fionnuala Ní Mhárta, Shauna Ní Loideáin, Fearghas Mac Lochlainn (Príomhoide), Anna Mhic Lochlainn.

Chun tosaigh, ó chlé: John Ó Biadha, Aislinn Ní Fhurrghais, Róise Ní Dhonnagáin, Íseult Ní Fhoighil, Jason Ó Loideáin, Hazel Ní Chúláin, Dayle Ó Curraoin, Béibhinn Bhreathnach de Faoite, Amy Ní Fhlatharta.



Cúineartú 2009

Ar chúil, ó chlér: Emil Trohan, Pádraic Ó Niadh, Cathal Ó Fátharta, Cian Ó Fátharta, Roibeard Breathnach, Rónán Ó Beoláin, Caomhán Ó hIarnáin.

Sa lár, ó chlér: Ciarán Seosamh Ó Fátharta, Rónán Ó Maoláin, Ciarán Ó Tuathail, Conor Taggart, Cólín Ó Coileáin, Caomhán Ó Foighil, Oisín Ó Tuathail, Séamas Ó Conaire, Micheál A. Ó Loideáin (múinteoir).

Chun tosaigh, ó chlér: Róisín Ní Neachtain, Emer Ní Chonaire, Hazel Ní Choisdealbha, Anna Nic Gabhann, Brianna Nic Liam, Niamh Ní Chonaill, Hayley Ní Thuathail, Tara Spratt agus Róisín Ní Fhurrghais.

Tearmann Éanna

Is é príomhchuspóir Thearmann Éanna ná an freastal is fearr agus is féidir a dhéanamh ar aosaigh Chois Fharraige agus na Gaeltachta trí chéile. Tá lardmheas againn ar ár muintir a shín ar aghaidh chugainn mar bhronntanas an saibhreas idir theanga, creideamh, cultúr, ceol agus eile. Chuidigh an saibhreas agus an nádúr a bronnadh orainn thar na blianta agus a síneadh ar aghaidh chugainn ó ghlúin go glúin, le nár bhféiniúlacht mar Ghaeil a choinneáil.

Tá ríméad orainn mar eagraíocht agus mar phobal go bhfuil muid in ann a bhfuil de shaibhreas bronnata orainn ag ár muintir romhainn a chúiteamh leo trí áiseanna agus seirbhísí ar bhonn caighdeánach a chur ar fáil dóibh de réir éileamh ó aosaigh an cheantair.

Tá Tearmann Éanna ag fás agus ag neartú lá i ndiaidh lae. Go dtí seo, faoi stiúir Choiste Stiúrtha Thearmann Éanna, tá scéim tithíochta de thríocha a dó teach tógtha, mar aon le hIonad Lae, Ionad Sláinte agus naoi n-árasán chun freastal ar dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste. Tá an scéim tithíochta agus an tIonad Lae dhá riaradh agus dhá bhainistiú againn féin. Tá an tIonad Sláinte agus na naoi n-árasán dhá bhainistiú ag an HSE agus cé nach bhfuil aon deimhniú faighte ag Tearmann Éanna go dáta ón HSE faoin seachtar othar atá in ainm is a bheith ag bogadh isteach sna hárasáin, tá muid fós dóchasach agus muiníneach go n-éireoidh leis an HSE an phlean mar a bhí socraithe agus aontaithe a thabhairt chun críche ar mhaithe le sláinte agus beatha ár muintire.

I dtús na bliana 2008, d'éirigh le Tearmann Éanna, maoiniú a fháil tríd an gclár seirbhísí, POBAL, chun bainisteoir agus foireann de cheathrar a fhostú. Tríd an maoiniú seo déanadh comhcheangal le hIonaid Lae Aosaigh Cheantar na nOileán chomh maith le hIonaid Lae Ros



*Siobáil faoin ngrian: Máirín Uí Chéidigh,
Jude Uí Chonghaile agus Mairéad Uí Mhaoileoin*

Muc agus Chamais. Ag eascairt as an struchtúr nua bainistíochta agus foirne, chomh maith le cúnamh ón Scéim FÁS, tháinig leathnú ar réimse seirbhísí agus imeachtaí an Ionaid Lae ag tógáil smainte, tuairimí agus saineolas na n-aosach ar bord.

Tá plean forbartha bliantúil leagtha amach againn i gcomhar le rannpháirtithe an Ionaid Lae ag cur san áireamh riachtanais sóisialta, sláinte, taistil agus oideachais na n-aosach go haonarach agus mar ghrúpa.

Ceann de na spriocanna atá leagtha síos againn i bPlean Straitéiseach na heagraíochta, ná Ionad Oidhreacht agus Caitheamh Aimsire, a thógáil ar an Tulaigh a chuideoidh linn ár bpríomhaidhm a bhaint amach agus a chomhlíonadh. Ar an iomláine, is é éiteas Thearmann Éanna ná deiseanna comh-ionannais, cóimheasctha agus cónasctha a chur chun cinn agus a neartú i measc na n-aosach anseo i gCois Fharraige agus ar fud na Gaeltachta ar fad.

Nóta ón gCathaoirleach

Tuigimid go léir luach na hoidhreachta a fágadh againn idir creideamh, teanga, cultúr, ceol agus araile agus iad uilig fite fuaite lena chéile. Tá ardmheas againn ar ár muintir a shín ar aghaidh chugainn saibhreas mór spioradálta a phioc siad féin suas óna muintir rompu. 'Sé ár gcúram an slabhra mór láidir de shaibhreas a shíneadh ar aghaidh gan oiread is lúb dhó a bheith lagtha agus san am céanna an t-ómós is dual a thaispeáint dá bhfuil sean - caomhnóirí agus sealbhóirí an traidisiúin.

Is lena aghaidh sin atá Tearmann Éanna ann, a bhfuil de chúram air breathnú i ndiaidh na bhfoirgneamh a thóg siad - 32 theach bheaga, Ionad Lae, Ionad Sláinte, Aireagal Phóil ina bhfuil 9 n-árasán do dhaoine ón nGaeltacht atá faoi mhíbhuntáiste.

Tá buíochas an phobail tuillte ag Coiste deonach Thearmann



Éanna, a thagann le chéile ag cruinniú in aghaidh na míosa agus an bainisteoir agus a fhoireann a oibríonn lena seacht gcroí d'áthas go crua, cúramach, coinsiasach cúig lá na seachtaine le roth na

n-imeachtaí atá ag freastal ar éileamh na n-aosach a choinneáil ar na ráillí.

*An tAth. Micheál Ó Flannabhra
(Cathaoirleach)*



Indreabhán, Co. na Gaillimhe Fón: 091 593162 Faics: 091 593448 eolas@colaistechamuis.ie

Cúrsaí lántumadh teanga sa Ghaeltacht Ionaid i gCamus, Tulach agus Ros a'Mhíl



Coláiste Cholmcille

Nasctha sa Phobal

Is cuid lárnach de phobal ar bith na scoileanna atá lonnaithe sa cheantar máguaird. Trí shaol na scoile forbraítear naisc agus coinsias sóisialta i measc na ndaoine agus is iomaí dlúthchairdeas saoil a déantar taobh amuigh is taobh istigh de gheataí na scoile céanna.

I gColáiste Cholmcille déantar an-iarracht nascadh leis an bpobal ionas go gcuirfidh na scoláirí aithne ar an bpobal dár daoibh iad agus nach áit dhorcha, rúndiamhrach í an scoil san áit. Déantar iarracht, freisin, caomhnú na timpeallachta a chur faoi chúram na scoláirí ionas go dtuigfidh siad go bhfuil dualgais orthu a dtimpeallacht a chosaint agus a fheabhsú más féidir.

Is cúis mór mórtas dúinn go bhfuileamar faoi láthair gnóthach ag réiteach chun an Brat Glas a athnuachan don cheathrú huair. Is comhartha idirnáisiúnta é an brat céanna a thaispeánann go bhfuil aire agus aird á thabhairt ar an timpeallacht sa scoil a bhfuil an brat ar foluain lasmuigh di. I mbliana, chun ullmhú a dhéanamh, is iomaí sin suirbhé, alt, togra agus cruinniú a bhí ag scoláirí le hionadaí ó *An Taisce* ar théama na bliana, 'Taisteal'. Chuile dara bliain a bhíonn ar scoil an brat a athnuachan faoi théamaí éagsúla. Tugadh cuireadh isteach do thuismitheoirí freisin, chun iad a choinneáil ar an eolas faoina bhfuil ar siúl ag a gasúir ar scoil.

Caomhnú

Ní obair in aisce do scoláirí caomhnú timpeallachta na scoile, mar gur féidir leo an obair a dhéanann siad a úsáid mar thogra O.S.S.P. do Scrúdú an Teastais Sóisearaigh. Chonaic muid an tionchar a bhíonn ag a leithéid ar chúigear buachaillí a thóg orthu féin cúinne le hais na páirce peile a dheisiú suas agus bláthcheapach a dhéanamh den charnán dramhaíle sa gcúinne. Is iad ag fágáil slán leis an scoil i mí an Mheithimh, bhí sé de shásamh ag Diarmaid Ó Maoileoin,



Cuid de leathanach baile www.sceolan.com

Diarmaid Ó Finneadha, Leon Mac Lochlainn, Arthur Trahan agus Mícheál Davy Ó Coisdealbha go raibh a marc fágtha acu ar an scoil agus a n-oidhreacht sna bláthanna atá ag fás agus an claí a tógadh timpeall orthu.

Cuirtear aithne ar aos óg is seanóirí na háite trí chuairteanna a thabhairt ar an Naíonra, Scoil Sailearna agus ar thearmann na sean ndaoine ar an Tulach. Chuile bhliain déanann rang na hIdirbhliana, agus ranganna eile nach iad, roinnt seónna puipéad agus drámaí a chur ar siúl agus ní ba haon eisceacht í an bhliain seo. Chuir lucht na hIdirbhliana dhá sheó puipéad ar fáil don naíonra agus do Scoil Sailearna, ceann ag tús agus ceann ag deireadh na bliana. Sa chéad cheann d'inis siad scéal Chú Chulainn agus an chaoi ar

athraigh a ainm. Ar shlí taitneamhach, simplí, thug siad an scéal rúraíochta seo chun cuimhne do na gasúir bheaga. Le cabhair scáil-phuipéad, níos déanaí sa mbliain, tharraing siad na paistí beaga chuig an bhforaois chun casadh leis 'An Leon Ocrach'. Chomh maith leis sin, chuir siad an seandráma Francach, 'An Dochtúr Bréige', ar stáitse don Scoil Náisiúnta agus do Cheolchoirm na Nollag i gColáiste Cholmcille. Leis an dráma seo freisin, chuir siad isteach ar an bhféile Áitiúil Drámaíochta agus sciobadar an Chraobh leo agus fuair Caoimhe Ní Ghriallais aitheantas mar "An tAisteoir is Fearr".

Na Sóisir

Ní hiad lucht na hIdirbhliana amháin a bhí gníomhach leis an

drámaíocht. Thug roinnt aisteoirí ón gcéad agus ón dara bliain dhá dhuais leo i gComórtas Chraobh na hÉireann nuair a chuir siad an dráma, 'Pionta Amháin Uisce', leis an drámadóir áitiúil, Johnny Chóil Mhaidhc, ar stáitse. Bhuaigh Máire Bríd Ní Chualáin an gradam, "An tAisteoir is Fearr", as an léiriú a thug sí ar Cháit, an bhean tí a d'fhág a fear (Maidhc Ó Conghaile) istigh i bhfeighil an tí agus ag déanamh cáca! Bhain seanóirí Chois Fharraige an-sásamh as an dráma seo nuair a chuir na daltaí ar stáitse dóibh é ar an Tulach.

I Measc an Phobail

Chomh maith le scileanna drámaíochta, féinmhuinín agus scileanna foirne a fhoghlaim, tugann drámaí mar seo deis do na daltaí aithne a chur ar shaothair dhrámadóirí áitiúla, ar shaibhreas teanga agus ar stair shóisialta a gcine. Téann na scoláirí amach sa phobal chun a gcuid scileanna drámaíochta a chur i láthair ach, uaireanta, tagann ealaíontóirí áitiúla

isteach chun a gceird agus a gcuid scileanna a roinnt leis na daltaí. Ina measc siúd a tháinig i mbliana bhí Darach Ó Tuairisg, iarscoláire, a thug ceardlann puipéadóireachta don Idirbhliain. Tá clú agus cáil i gcéin is i gcóngar ar a chomhlacht, 'Fibín'. Ansin thug Vincent McCarron ó Árann aghaidh isteach agus mhúin sé scil na caoladóireachta don rang. Is iomaí sin ciseán is ciseog a bhí le feiceáil ag deireadh na seachtaine!

Ní fhágtar scoláirí eile na scoile ar láthair is na haonna seo ag teacht isteach. Chuir Jackie Mac Donncha ceardlann scríbhneoireachta ar siúl do ghrúpa scoláirí ó bhliain 1, 2, 3 agus 5. Mhair an ciorcal seo deich seachtainí agus bhain na scoláirí antairbhe as. Is mór an chúis bróid don scoil an lear mór duaiseanna liteartha a bhuann scoláirí bliain i ndiaidh bliana i gcomórtais a bhíonn eagraithe ag Coiste Ghairmoideachais Cho. na Gaillimhe, Údarás na Gaeltachta agus Oireachtas na Gaeilge.

Cé go bhfeictear dúinn sa scoil go mór is fiú teanga is traidisiúin a chaomhnú, bíonn muid i gcónaí ag lorg bealaí nua chun an teanga a thaispeáint mar chuid lárnach de shaol ghasúir na linne seo, aois na teicneolaíochta. I mbliana, bhunaigh Roinn na Gaeilge sa scoil, i gcomhpháirt leis an gCoiste Gairmoideachais, suíomh nua idirlín as Gaeilge, *sceolan.com*, le deis a thabhairt do dhaltaí gréasán sóisialta a bheith ar fáil dóibh ina dteanga dhúchais. Déantar monatóireacht air chun scoláirí a chosaint ar bhulaíocht agus chun a sábháilteacht a chinntiú. Tá seans ag scoláirí a dtuairimí a thabhairt i mblaganna agus ar fhóram, teachtaireachtaí a chur agus a fháil, nótaí ranganna a fháil agus tugann sé seans don teanga áit a thógáil sa bhfiche haonú aois.

"Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine", a deir an seanfhocal agus i gColáiste Cholmille déanann muid an-iarracht fianaise a thabhairt don ráiteas seo trína bheith lárnach i saol ár bpobal.



Fáilte go
Coláiste Lurgan

Gaeilge gan dua
i gceartlár na Gaeltachta

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón 091 593182

Scoil Náisiúnta Sailearna

Fearghas Mac Lochlainn

Bhí an-bhliain againn i Scoil Sailearna anuraidh. Ghlac muid páirt in Oireachtas na Gaeilge i gCorcaigh agus sa bhFéile Náisiúnta Scoildrámaíochta arís i mbliana. Ghlac suas le scór gasúir as an scoil páirt i gcomórtas na n-agallamh beirte agus sa damhsa ar an sean-nós ag an Oireachtas i gCorcaigh. Bhuaigh Caoimhe Ní Chonghaile agus Emma Ní Choisdealbha as Rang a 5 an chéad áit sna hagallaimh beirte faoi-12 leis agallamh beirte, “Obair Bhaile”, le Joe Steve Ó Neachtain.

D'éirigh thar barr linn ag an bhFéile Scoildrámaíochta freisin. Ghlac Rang a 2, 4, 5 agus a 6 páirt sa bhFéile áitiúil a bhí ar siúl i Seanscoil Sailearna. Bhuaigh Rang a 4 ag an bhFéile áitiúil leis an dráma spleodrach, “Síoga na mBánta”, a d’aistrigh agus a stiúraigh Máire Uí Ghabhnáin agus bronnadh an gradam, Aisteoir is Fearr, ar Vitor Cruz Ó Fátharta. Fuair dráma Rang a 4 agus dráma Rang a 2 ainmniúchán don Fhéile Chúige freisin.

Ag an bhFéile Chúige i gCaisleán an Bharraigh fuair dráma Rang a 2 duais don Dráma Nuascríofa is Fearr agus duais eile do Scothléiriú na Féile! Is é Traolach Ó Conghaile a scríobh agus a stiúraigh an dráma barúil seo, “Saoire na mBan.”

Rinne an dá rang éacht ag an bhFéile Náisiúnta i Muileann gCearr, an dá rang ag buachtáil an chéad áit ina rannóg fhéin!

Clabhsúr

Chuir Rang a 6 clabhsúr leis an scoilbhliain le seó iontach i Seanscoil Sailearna faoi stiúir an mhúinteora, Micheál Antoine Ó Loideáin. Bhí idir ghasúir Rang a 6 agus aónna áitiúla ag glacadh páirte sa seó seo mar a bhíonn chuile bhliain. I measc na n-aónna bhí Páidí Breathnach ar an mbosca ceoil agus Caitríona Ní Cheannabháin ag gabháil fhoinn. Chuaigh na haíonna i bhfeidhm go mór ar na gasúir agus bhí chuile dhuine an-tógtha le gasúir Rang a 6. Chuir siad an-taispeántas os ár gcomhair le agallaimh beirte, damhsa, ceol agus amhráin. Chuir siad deireadh le clár na hoíche leis


an dráma a bhí acu san amharclann chéanna ag an bhFéile Náisiúnta. Bhí an-oíche go deo ann agus bhain chuile dhuine an-sásamh aisti. Bhí cumha orainn ag fágáil slán leis na gasúir ag deireadh na hoíche.

Labhairt na Gaeilge

Déanann muid ár ndícheall i gcónaí leis na gasúir a spreagadh, a

mhealladh agus a ghríosadh ó thaobh labhairt na Gaeilge dhe. Gan dabht ar bith tá feabhas mór ar chúrsaí Gaeilge i gclós agus i dtimpeallacht na scoile dá bharr sin.

Tá muide i Scoil Sailearna thar a bheith mórálach as gasúir na scoile atá ag déanamh a gcion maidir le caomhnú na teanga!



Cuid den fhorbairt atá beartaithe a dhéanamh ag Scoil Sailearna

Imeachtaí na Bliana i Seanscoil Sailearna

Áis cleachtaithe drámaíochta agus seónna acu seo a leanas:

Aisteoirí Chois Fharraige;
Taibhdhearc na Gaillimhe (Leiríodh an dráma 'Cripple
Inis Meáin' san Amharclann i mí Iúil);
Coláiste Cholmcille;
Reáchtáladh na babhtáí réigiúnacha den fhéile
scoildrámaíocht san Amharclann i mí Feabhra;
Aisteoirí Mhic Easmuin, - Léiriú an dráma 'Cathal Buí';
Club Scannán Sailearna;
Fíbín Teo.;
Breacán;
Na Crosáin - Ranganna drámaíochta ag Taibhdhearc na
Gaillimhe;
Brannar Teo.;
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge;
Ranganna Gaeilge;
Ranganna Ríomhaireachta;
Ard-Diplóma sa Drámaíocht;
Léiriú an Dráma 'Cailíní na Monarchan' (Mic léinn an
Ard-Diplóma sa Drámaíocht);
'Tonnta' - Ceolchoirm mhór ag mic léinn an Diplóma
sna Dána (Cóiriú & Stáitsiú an Cheoil Thraidisiúnta).

Cruinnithe agus Ócáidí ag:

Comharchumann Sailearna Teo.;
Cumann Forbartha Chois Fharraige;

Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Teo.;
Club Scannán Sailearna;
Cluichí Pobail;
Cumann Camógaíochta Chois Fharraige;
Coiste na nÓg Mhícheál Breathnach;
Seoladh na scéime 'Borradh' - Comhar Naíonraí na
Gaeltachta;
Ealaín na Gaeltachta - Seimineár Eolais;
Pléaráca Teo - Féile 'Bricíní'.

Imeachtaí eile:

- * Campaí Samhradh
- * Gortlann na Gaeilge oscailte go hoifigiúil ar an
20 Feabhra, 2009
- * Dífhibrileoir ar fáil sa Seanscoil agus cúrsa traenála
ina úsáid curtha ar fáil le cabhair deontais MFG.
- * Cúrsa grianghrafadóireacht eagraithe ag Cumas
Teo.
- * Coirm cheoil - Galway Ensemble in Residence -
Contempo Quartet.

Traenáil do scéimeanna FÁS/SST/LTI

Gar-chabhair;
Sláinte & Sábháilteacht.



 **Nioclás Ó Conchubhair Teo**
Homevalue

Ábhar Tithíochta, Earraí Crua

Casla, Co. Galway
Teil: 091-506111 Facs: 091-506044
ephost: nicholasoc@eircom.net

Leitir Móir, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-551114 Facs: 091-551258

Scoil Cholmcille na Tulaí

Fil Uí Dhubhghaill (Príomhoide)

Buóchas le Dia, bhí bliain an-mhaith agus an-tairbheach ag Scoil Cholmcille na Tulaí i rith na scoilbhliana seo caite.

An Gairdín: Tá an fhoirgneamh agus an timpeallacht ag breathnú an-slachtmhar agus le cur leis sin rinne na daltaí, faoi stiúir an mhúinteora Brian Ó Murchú, gairdín ar chúl na scoile áit ar chur siad meacna, cabáiste, leitís, oinniúin agus fataí. Bhí na gasúir an-bhródúil as a gcuid oibre.

Coirm Cheoil na Nollag: Bhí coirm cheoil againn ag tús mhí na Nollag agus chuir chuile rang dráma ar an stáitse. Bhí Halla na Tulaí pacáilte go doras agus bhain na tuismitheoirí agus gaolta na ngasúir an-sult as na drámaí.

Drámaíocht: I mí Feabhra ghlac 6 rang páirt i bhFéile Scoil drámaíochta na Gaillimhe a bhí ar siúl i Seanscoil Sailearna: Naíonáin Bheaga leis an dráma: “Tír na Hataí Sona”
Rang a 1: leis an dráma “An Lollipop Draíochta”
Rang 3-6: leis an dráma “Hosanna Rock”

Ba é an dráma “Hosanna Rock” a fuair *Scothléiriú na Féile* agus d’éirigh leis an 2 dhráma eile ainmniúchán a fháil chun páirt a ghlacadh i gCraobh Chonnacht a bhí ar siúl i gCaisleán an Bharraigh. Faraor níor éirigh le Rang a 1



Lá na nAosach 09: Rita Uí Chéidigh, Páirc Thoir, Tadhg Ó Cualáin, Both Chuana agus Máire Conroy, Baile na hAbhann ag baint suilt as an gceiliúradh a réachtáil Scoil Cholmcille.

Biseach 2009



Dráma 3: Daltaí as Scoil Chaitríona, An Rinn Mhór, ag glacadh páirt i bhFéile Scoil drámaíochta na Gaillimhe a bhí ar siúl i Seanscoil Sailearna i mí Feabhra 2009

ainmniúchán a fháil chun páirt a ghlacadh i gCraobh na hÉireann a bhí ar siúl sa Mhuileann Cearr ach fuair an dá dhráma eile ainmniúchán agus ainmníodh Siobhán Ní Thuairisg mar an Aisteoir ab Fhearr sa chomórtas. D’éirigh thar cionn leis na drámaí i gCraobh na hÉireann agus cé nár bhuaigh siad aon duais bhíomar an-bhródúil astu.

Camógaíocht: Bhí an-bhliain ag na cailíní agus shroich siad dhá chluiche ceannais. Ag tús mhí na Bealtaine d’imir siad an cluiche ceannais de Chumann na mBunscol ach ar an lá ní raibh an t-ádh leo agus ba ag Gaelscoil Mhic Amhlaidh a bhí an bua agus ba acu a bhí an bua arís i gcluiche ceannais de Bhlitz Camógaíochta TG4 nuair a chas an dá scoil ar a chéile in athuair.

Peil: D’éirigh thar barr le foireann peile na scoile agus fuair siad an ceann is fearr ar Scoil an Bhaile Nua sa chluiche ceannais de Chumann

na mBunscoil i Loch Seoirse i mí Meitheamh seo caite.

Tá méadú tagtha ar fhoireann teagaisc na scoile i mbliana agus is údar bróid dúinn go bhfuil chuile dhuine den fhoireann, idir mhúinteoirí, cúntóirí agus foireann riaracháin ar a seacht míle dícheall ar son leas na ngasúir sa scoil.

Foireann Teagaisc 2009/2010

Múinteoirí: Fil Uí Dhubhghaill (Príomhoide), Bríd Bleasdale (Leas Phríomhoide), Caroline Ní Fhrighil, Rita Ní Chonghaile, Niamh Ní Loinsigh, Cathal Ó Frighil, Bernadette Uí Laoi, Sarah Ní Choistealbha, Brian Ó Murchú agus Cristín Nic Ráighnill.

Cúntóirí Riachtanais Speisialta: Pauline Breathnach, Kathy Ní Ghríofa-Mhic Tháibhis, Bríd Ashford, Sally Ann Nic Eochagáin agus Elaine Breathnach.

Rúnaí: Máire Uí Dhonnchadha



Thuas:

Daltaí as Scoil Cholmcille, An Tulaigh, ag glacadh páirt i bhFéile Scoilrámaíochta na Gaillimhe a bhí ar siúl i Seanscoil Sailearna i mí Feabhra 2009 leis an gceoldráma, *Hosanna Rock*. Fuair an dráma seo Scothléiriú na Féile agus fuair Siobhán Ní Thuairisg as an Lochán Beag an gradam don Aisteoir ab Fhearr (mar Mhuire) i gCraobh Chonnacht den Fhéile.

Thall:

Daltaí as Scoil Sailearna, An Cnoc, i bhFéile Scoilrámaíochta na Gaillimhe a bhí ar siúl i Seanscoil Sailearna i mí Feabhra 2009.



Naíonáin Bheaga as Scoil Cholmcille, An Tulaigh, ag glacadh páirt i bhFéile Scoilrámaíochta na Gaillimhe a bhí ar siúl i Seanscoil Sailearna i mí Feabhra 2009 leis an gceoldráma, *Tír na hOileáir*.

Ag Ceiliúradh Lá na nAosach i Scoil na Tulaí

Ar an Aoine an chéad lá de Bhealtaine, rinne páistí as Scoil Cholmcille, An Tulaigh, ceiliúradh ar Lá Náisiúnta na nAosach. Tugadh cuireadh do na daoine a bhíonn ag freastal ar Thearmann Éanna, An Tulaigh, agus dár ndóigh do Mhamó agus do Dhaideo gach páiste sa scoil. Rinne duine de na tuismitheoirí, Eric Hamel, bearbaiciú breá, chóirigh Coiste na dTuismitheoirí Halla na Tulaí don ócáid agus bhí cácaí breátha déanta ag roinnt mhaith de na tuismitheoirí.

Chas roinnt de ghasúir na scoile, faoi stiúir an mhúinteora Brian Ó Murchú, ceol agus amhráin. Chas Brian é féin an fheadóg agus fuair sé tionlacan ó Eoin Ó Dubhghaill ar an ngiotár agus ó Bridget Barker (tuismitheoir) ar an veidhlín. Bhí dreas breá ceoil againn freisin ó John Connolly, Daideo bheirt de na gasúir sa scoil.

Bhí slua an-mhór i láthair agus cé go raibh sé gaofar bhí an ghrian ag taitneamh agus bhain chuile dhuine an-sult as an lá. Tá súil againn a leithéid de ócáid a bheith againn arís go luath.



Bridget Barker (tuismitheoir), Brian Ó Murchú (múinteoir) agus Eoin Ó Dubhghaill, (iarscoláire) ag seinm ceoil ar ócáid cheiliúrtha Lá na nAosach i Scoil na Tulaí i mbliana.

Féile Scoilrámaíochta na Gaillimhe 2009

Den chéad uair riamh, bhí Féile Scoilrámaíochta na Gaillimhe ar siúl i nGaeltacht Chonamara i mbliana. Ba iad na múinteoirí as Scoil Cholmcille, An Tulaigh a bhí ina bhun agus fuaireadar a lán tacaíocht ó na meánscoileanna agus na bunscoileanna eile sa cheantar. Ba é an chéad uair é ag Scoil Cholmcille an Fhéile a eagrú agus beidh an dualgas sin orthu ar feadh 2 bhliain eile.

In Amharclann Chois Fharraige, atá lonnaithe i Seanscoil Sailearna, a

bhí an Fhéile ar siúl agus bhí 5 lá de dhrámaí ann, ón 23ú go dtí an 27ú de mhí Feabhra. Léiríodh 31 dráma ar fad i rith na seachtaine agus bhí an caighdeán thar a bheith ard. Tá an-chreidiúint ag dul do na scoileanna a ghlac páirt agus do na múinteoirí a réitigh agus a threoraigh na gasúir. Ní raibh sé éasca ag na moltóirí, Darach Ó Tuairisg (*Fíabín*) agus Brídín Nic Dhonnchadha (*Ros na Rún*), 18 ndrámá a roghnú le páirt a ghlacadh i bhFéile Chonnachta.

Beidh Féile na bliana seo chugainn ar siúl sa Seanscoil ón 8ú go dtí an 12ú de mhí Feabhra 2010.



Ann Hood agus Robin Scott as Albain ag baint sásaimh as an gceiliúradh a réachtáil Scoil Cholmcille, An Tulaigh, d'aosánaigh an cheantair ar an gcéad lá de Bhealtaine 2009. Tá garchlann leo ag freastal ar an scoil agus tháinig siad ar cuairt go speisialta i gcóir na hócáide.



Séamus Ó Scanláin, Baile na hAbhann agus Mary Uí Chualáin, Baile an tSléibhe, ag baint taitnimh as an gceiliúradh a réachtáil Scoil Cholmcille, An Tulaigh, d'aosánaigh an cheantair i mBealtaine na bliana seo.

Tigh Dick ar an Tulaigh

Má thugann tusa aire de do ghnó, tabharfaidh do ghnó aire duitse. Mura dtabharfaidh tú aire dó, ní bheidh gnó agat. (R.B O'Toole)

Rugadh R. B. Ó Tuathail in Eanach Mheáin i 1881, do Sheán Ó Tuathail, agus Sabina Ní Mháille (Uí Thuathail). Richard a thugadh a mhuintir féin air, Dick Toole a thabharfadh muintir na háite air, agus R. B. O'Toole an t-ainm gnó a bhí aige. Bhí dlúth theagmháil ag muintir Uí Thuathail in Eanach Mheáin le muintir Uí Chonaire as Gairfean, mar bhí deirfiúr Sabina Ní Mháille (uí Thuathail), Máire Gráinne Ní

D'oscail Dick a chéad siopa i Leitir Móir i 1914. D'oscail sé siopa eile i bPoll Uí Mhuireann, ceann eile in Indreabhán, agus siopa eile i gCinn Mhara in aice le Camas. D'oscail sé an siopa seo. Tigh Dick, i 1933. Ní raibh aon chlann ag Dick Toole agus de réir a chéile dhíol sé na siopaí nuair a bhuail tinneas a bhean chéile, Elizabeth Cusack. Níor choinnigh sé ach an siopa i Leitir Móir im raibh Bridie Lynch i mbun gnó, agus an siopa ar an gCeathrú Rua a bhí faoi chúram Nan Dooley. Sin é Tí Nan Dooley a fágadh mar



Eoin ina sheasamh le taobh an taisceadáin a bhíodh sa sean-áit, díreach sular leagadh é.



Mháille, arb as Béal Átha na mBreac a muintir, pósta le Pádraig Ó Conaire. Bhí siopaí ag deartháir Sabina freisin, Peadar Ó Máille, sa Mhám agus i mBéal Átha na mBreac.

Nuair a bhásaigh Seán Ó Tuathail, thosaigh a bhean, Sabina, siopa ag barr an bhóthair in Eanach Mheáin. Thabharfadh bád Chonroy earraí isteach as Ros Muc go dtí an siopa. Chaith Dick roinnt ama ag obair i Siopa Chonroy i nGairfean, agus ansin d' oibrigh sé cúpla bliain eile lena Uncail Peadar O Máille i mBéal Átha na mBreac. Fuair sé traenáil ó bheirt de na siopadóirí ba rathúla a bhí sa tír ag anam Sill.

áit do dhaoine le míchumas. Fuair sé bás timpeall 1952.

D'oscail sé an siopa seo, Tigh Dick, i 1933. Chuir sé mac a deirfiúr Delia, Tom Cloherty, i

mbun an tsiopa. D'oibrigh deirfiúr Tom, Sabina, sa siopa ar feadh blianta freisin. Chuaigh Anna agus Ken Murphy i mbun an tsiopa ó 1966-69. Ina dhiaidh sin, bhí Tommie Durkin agus Sabina Cloherty i bpáirt sa siopa ó 1969 go dtí go bhfuair Sabina tinn, agus rith Tommie agus Angela Durkin an siopa ansin go dtí 1984. Tá a mac, Eoin, agus a bhean, Anna, sa siopa seo ó 1984 i leith.

Ár mbuíochas do Thomás Ó Tuathail, as Tuar Mhic Éadaigh, as formhór an eolais seo a roinnt linn.



Coláistí Gaeilge Chois Fharraige

Máire Denvir

Is féidir fréamhacha na gColáistí Gaeilge i gCois Fharraige a rianú siar go dtí fíorthús an fichiú haois tráth a raibh gluaiseacht Athbheochan na Gaeilge faoi lánseol. Seans gur beag tionscal gur féidir leo a mhaíomh go bhfuil siad ar an mbóthar le céad bliain agus gur tháinig fás agus forbairt ar an ngnó ó shin i leith. Ba í Coláiste Chonnacht an chéad Choláiste Gaeilge a bunaíodh i gCois Fharraige ag tús na haoise seo caite agus ón tús ba é an aidhm a bhí acu múinteoirí a thumadh i dtobar na teanga.

Tháinig cor eile i scéal na gColáistí Gaeilge i gCois Fharraige sa bhliain 1934 nuair a bhunaigh Mícheál Ó Maoláin agus Seán Beaumont, le cabhair na gceardchumann, Coiste na bPáistí i mBaile Átha Cliath d'fhonn scoláirí óga a chur ar feadh míosa go dtí an Ghaeltacht. Tháinig a riar féin de na scoláirí seo go ceantar Chois Fharraige agus mhair an scéim go dtí na caogaidí. In imeacht aimsire, de bharr athruithe ar nós bhunú Roinn na Gaeltachta i 1956, d'imigh Coiste na bPáistí as feidhm agus tháinig ann don chineál córais a aithnítear ó na 1960í anuas mar Choláistí Gaeilge. Cuireann coistí stiúrtha na gColáistí seo cúrsaí ar fáil sa lá atá inniu ann le cúnamh deontais ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta do mhná tí na Gaeltachta agus go dtí buiséad na bliana 2008 d'fhaigheadh coistí stiúrtha na gcoláistí tacaíocht áirithe deontais *per capita* ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta chomh maith.

Tagann riar mhór scoláirí go Cois Fharraige chuile bhliain agus tá ceithre choláiste Gaeilge ar fad ag freastal ar an gceantar. Tá Coláiste Chonnacht lonnaithe sa Spidéal ach bíonn riar dá gcuid scoláirí ag fanacht anoir chomh fada leis an bPúirín. Tá Coláiste Lurgan sa lár ag síneadh ó Shaile Chuanna siar go dtí an Teach Mór. Freastalaíonn Coláiste Uí Chadhain ar na Minna agus síneann Coláiste Chamuis ó na Creagáin siar an bealach ar fad tríd an Tulaigh, Ros an Mhíl, Cladhnach

agus siar go Camas. Ar ndóigh, leis an líon mór scoláirí a thagann go Cois Fharraige caithfear an cheist a chur cén fáth a dtagann siad anseo.

Níl aon amhras faoi ach go n-aimsíonn scoláirí a fhreastalaíonn ar na Coláistí Gaeilge líofacht shásúil sa Ghaeilge le linn a gcúrsa, agus níos tábhachtaí ná sin, tagann siad ar an tuiscint, den chéad uair go minic, gur teanga bheo í an Ghaeilge a bhaineann ar bhealach bisiúil, fiúntach leo féin mar dhaoine agus mar Éireannaigh. Cinnte, athraíonn na cúrsaí dearcadh teanga na scoláirí agus is léir dóibh den chéad uair go bhfuil pobal Gaeilge ansin a mhaireann trí mheán na Gaeilge.

Téann dearcadh na bhfoghlaimeoirí i gcion go mór ar dhéagóirí na Gaeltachta freisin. Tuigeann siadsan, de bharr a dteagmhála leis na scoláirí, go bhfuil oidhreacht shainiúil ar leith acu féin agus nach rud aduain ar bith í an Ghaeilge tharla daoine óga ar fud na hÉireann a bheith ag iarraidh í a fhoghlaim. Tugann na Coláistí Gaeilge, ach iad a bheith stiúrtha i gceart, aitheantas d'fhiúntas an teaghlaigh Ghaeltachta mar shlabhra tábhachtach i sealbhú na Gaeilge. Ní miste a lua chomh maith, i gcomhthéacs na forbartha ar chúrsaí turasóireachta cultúrtha in Éirinn i láthair na huaire, gur sna Coláiste



An tAire Éamon Ó Cuív ag déanamh na hoscailte ar Theálta na hÓige i gcuideachta choiste agus phobal Choláiste Chamuis ar an 19 Meán Fómhair 2009



An pobal agus cuairteoirí, idir iarscoláirí, lucht lóistín agus lucht gnó ag baint sásaimh as an oíche ar ócáid oscailte halla Choláiste Chamuis

Gaeilge a fheictear an turasóireacht chúlútha *par excellence*, mar atá, forbairt eacnamúil na Gaeltachta ar bhealach a luíonn go nádúrtha le hoidhreacht dúchais an cheantair agus a chaomhnaíonn agus a chothaíonn an oidhreacht chéanna sin.

Ar a dturas Gaeltachta, cuirtear ina luí ar na scoláirí nach féidir le duine teanga bheo a fhoghlaim i seomra ranga amháin. Caitheann an duine deiseanna a chruthú dó féin chun an teanga a chloisteáil agus í a labhairt i suíomh nádúrtha. Moltar do na scoláirí leabhar nótaí a bheith leo chun focail agus frásaí a bhreacadh síos. Moltar dóibh breathnú orthu go rialta agus iad a chleachtadh le muintir na dtithe, lena gcomhscoláirí, leis na múinteoirí agus leis na cúntóirí. Cuirtear ina luí orthu go rialta gur chóir dóibh caidreamh a dhéanamh le gasúir an tí, le déagóirí an tí agus le fear agus bean an tí.

Cuirtear i leith na gColáistí Gaeilge go minic gur d'fhonn dea-thorthaí scrúduithe a fháil sa Ghaeilge sna scrúduithe poiblí a chuirtear riar mhór den 28,000 scoláire a chaitheann tréimhse i nGaeltachtaí na hÉireann gach samhradh ag foghlaim Gaeilge. Ach fiú más é sin an grósadh a dtéann siad ann leis, is cinnte go dtéann siad abhaile le heolas níos fearr ar a dteanga agus ar a gcultúr féin. Ón teagmháil a bhíonn agam féin le múinteoirí sa chóras dara leibhéal oideachais, tugann siad le tuiscint i gcónaí dom go mbíonn na scoláirí a chaitheann tréimhse sa Ghaeltacht i

bhfad níos éasca a ghríosadh agus a mhealladh chun Gaeilge a labhairt sa rang. Fiú má chabhraíonn sé leo grád A a bhaint amach i gcóir an chúrsa leighis nó an chúrsa innealtóireachta, nach é buntáiste na Gaeilge sa deireadh go mbeidh dochtúirí, innealtóirí agus lucht gnó againn a bheas in ann an Ghaeilge a úsáid. Ar ndóigh, is minic gurb iad iarscoláirí na gColáistí Gaeilge lucht spreagtha ghluaiseachta na Gaeilge ar fud na tíre freisin. Tá baint ag riar mhaith acu le Glór na nGael, Oireachtas na Gaeilge, Gaelscoileanna, gan ach fíorbheagán de na heagrais seo a lua.

Chomh maith le fiúntas teanga go háitiúil agus go náisiúnta a bheith leis na Coláistí Gaeilge, tá

tionchar mór acu ar an eacnamaíocht áitiúil. Deir An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta linn go ngintear os cionn €50 milliún as an €5 mhilliún nó mar sin a chuireann an Roinn isteach sa tionscal seo go bliantúil. Scaiptear an teacht isteach seo ar fud an cheantair. Ón lá a gcuirtear an bróisiúr i gcló i *CL Print*, nó Clódóirí Lurgan mar a bhíodh ar an ngnó clódóireachta sin, go dtí go dtéann an scoláire abhaile tar éis a thrí seachtainí a bheith caite sa taobh tíre seo aige, bíonn gnó de shaghas déanta ag lucht riartha na gcoláistí agus ag tuismitheoirí na ngasúr seo leis na siopadóirí áitiúla, gnóthaí bus, an oifig poist áitiúil, lucht garáistí, lucht óstán agus bialann, na scoileanna mar aon leis na hallaí áitiúla, gan ach cuid acu a lua.

Oibríonn riar mhór de dhéagóirí agus de mhúinteoirí na háite sna Coláistí i gcaitheamh na gcúrsaí. Agus ar ndóigh, ní mhairfeadh an tionscal seo gan gnaíúlacht, fáilte agus meon dearfach oibre mhná tí, fhir tí agus ghasúir na dtithe lóistín. Is obair 24 huaire a chloig, 7 lá na seachtaine, an obair seo le comhoibriú idir lucht stiúrtha, múinteoirí agus lucht lóistín chun an tseirbhís cheart a bheith ar fáil ag na scoláirí ar mian lena dtuismitheoirí go mblaisfidh siad dúchas na Gaeilge as an bhfíorthobar teanga sa Ghaeltacht.



Máire Denvir, Bainisteoir Choláiste Chamuis, ag bronnadh pictiúr de Ros an Mhíl ar an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, in éineacht le coiste Choláiste Chamuis, Aisling Ní Chomhraidh, Féilim Mac Donnchadha, Bertie Ó hAimhir (An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta), Gearóid Denvir, Stíofán Ó Móráin, Áine Ní Chonaola agus Colm Mac Séalaigh, ar ócáid oscailte Theálta na hÓige, foirgneamh nua Choláiste Chamuis i Ros an Mhíl

An Bád Bán 's An Green Dragon

Micheál Ó Flannabhra S.P.

S í caint an Green Dragon a bhíonn i mbéal an Phobail san aimsir seo agus dearmad beagnach déanta ar an mBád Bán. A mhalairt a bhíodh le cloisteáil leathchéad bliain ó shin. Is athrú siombalach é ar athrú mheon an Phobail - athrú ón imirce ag cuartú saothrú i bhfad ó bhaile, go post sa mbaile agus am saor do chúrsaí spóirt. Ag an am sin ní raibh an oiread sin de charranna ar an mbóthar cúng agus mná is mó a bhíodh ag siúl le taobh an bhóthair, cromtha síos faoi ualach dhá bhuicéad uisce ón tobar.



Tá seolta an Bháid Bháin stríoctha agus tá macalla de bhéiciúch mór an Tíogair Cheiltigh le cloisteáil fós sa lá atá inniu ann. Níl aon chall do na mná a bheith ag iompar buicéid uisce ón tobar feasta ach ar chosán an bhóthair d'fheicfeá slám mór Gaeilgeoirí ag filleadh ón trá nó ó Choláiste Lurgain ag dul abhaile go dtí na tithe móra ina bhfuil siad ag fanacht le Gaeilge shaibhir Chois Fharraige a phiocadh suas go nádúrtha ó na mná tí.

Tá forbairt mhór déanta sa gceantar agus is fiú an gaisce atá déanta a mhaoímh. Ar do bhealach aniar is ar éigean a thabharfaidh tú

faoi deara droichead Bhaile na hAbhann mar beidh do dhá shúil dírithe ar TG4 ar dheis, an Scoil nua, an Halla agus an pháirc mhór peile ar chlé, an Séipéal nua-aimseartha ar dheis agus Tearmann Éanna a chosain breis is €4 mhilliún ar chlé aríst. Ag dul soir uaidh sin tá Eastát mór an Údaráis ar chlé agus Aerfort Chonamara ar thaobh na láimhe deise. Níor tharla a leithéid sin d'fhorbairt in aon oíche amháin agus is furasta a aithint go raibh an Tíogar Ceilteach sa gceantar ar feadh tamaill.

Níl ach corrtheachín ceann tuí le feiceáil ar an mbóthar aniar ach chaon

taobh den bhóthar ó dheas agus ó thuaidh tá tithe móra tógtha ag cur in iúl an saibhreas mór atá infheistithe le freastal ar an bpobal. Tá tinteán te teolaí i chuile cheann acu le tine móna agus uisce reatha trí sheirbhís an Chomharchumainn. Thóg CST an Seanscoil le freastal ar sheirbhísí an Phobail uilig idir tithe, monarchana, scoileanna agus coláistí. Tá seirbhísí de chuile chineál curtha ar fáil ag CST le freastal ar an bpobal, idir seirbhísí oifige, Amharclann, ríomhairí, Cúrsaí Fás agus C.S.P., Gorlann na Gaeilge agus Campaí Samhraidh. Is iontach an freastal a dhéanann CST ar phobal na

háite agus faoi láthair tá sé ag smaoineamh ar chóras fuinnimh eile a chur ar fáil don phobal nuair a bhéas eanach an phortaigh ídithe. Cinnte tá forbairt mhór déanta. Tá cúcú na cuachaice ciúnaithe ag torann an *Rock Breaker*.

Tá béim láidir leagtha ar chúrsaí oideachais sa bpobal seo agus tuigeanann chuile dhuine a thábhacht le fostaíocht a chur ar fáil. Blianta ó shin ba é an teastas *Primary* an sprioc a bhí le baint amach ag chuile ghasúr ach anois tá intinn chuile dhuine dírithe ar chúrsaí onóracha sa dara leibhéal agus tá tríú leibhéal agus Fáisnéis an Eolais i mbéal an phobail le tuilleadh fostaíochta a chruthú sa toadhchaf. Tá díomá mór ar an bpobal go bhfuil an fhorbairt mhór i Scoil Sailearna ar chostas €2.75 mhilliún curtha siar i mbliana ag an Roinn Oideachais mar gheall ar ghanntanas airgid. Is mór an trua a leithéid sin de scéal ón Roinn Oideachais agus iad ag dul siar ar an ngealltanas a thug an tAire Oideachais roimhe seo, mar is í An Ghaeilge an acmhainn nádúrtha is láidre agus is saibhre atá againn i gCois Fharraige na Gaeltachta.

Cé gur cuireadh siar muid sa gcás seo, níor dhún Dia doras riamh gan bealach eile a oscailt. Tá Ionad Tacaíochta Teaghlaigh tógtha ar chúl an tséipéil ar chostas breis is €3 mhilliún le hOideachas trí Ghaeilge a chur ar fáil do réamhscolaíocht, cúrsaí do dhéagóirí, Pleanáil Teanga chomh maith le méadú a chur ar chúrsaí 3ú leibhéal i nGaeilge i gCois Fharraige trí Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Tá forbairt mhór déanta i

gcúrsaí oideachais i gCois Fharraige. Tá deireadh anois leis an teastas *Primary* ach cuirimís fáilte roimh theacht na hOllscoile go Cois Fharraige na Gaeltachta.

Tá tionchar mór ag Comhar Creidmheasa Cholm Cille ar fhorbairt an phobail agus muinín mór ag an bpobal as a ngairmiúlacht. Ar a chúl sin tá Eastát an Údaráis a chuireann go mór le saothrú sa gceantar agus Clódóirí Lurgan a shaibhríonn caighdeán na Gaeilge sa tír uilig.

Déanann Cumann Mhícheál Breathnach freastal ar dhaoine óga, agus roinnt mhaith eile nach bhfuil chomh hóg, agus tá cúram tógtha acu orthu féin chun oiliúint a chur ar dhaoine i gcúrsaí spóirt. Is iontach go deo an tseirbhís a chuirtear ar fáil sa bpobal seo idir peil, iománaíocht, camógaíocht, cluichí na mban, liathróid láimhe, cluichí pobail agus araile. Tá thart ar dhá scór foireann eagraithe ag an gcumann agus bhí eiseamláir dá gcuid imeachtaí le feiceáil go soiléir ar an Domhnach an 10 lá de Bhealtaine na bliana seo, idir 10.00r.n. go 8.00in., le linn lá ceiliúrtha C.L.G. ar pháirc Mhícheál Breathnach.

Tá forbairt mhór i gceist acu faoi láthair le páirc nua uile-aimsire agus spórtlann a chur ar fáil do óige an cheantair. Guím chuile ádh agus beannacht orthu i gcúram oiliúint na nÓg sa bpobal seo agus cinnte beidh tacaíocht an phobail acu, mar tá sé tuillte go maith acu ina gcuid saothair.

Fágfaidh mé an fíon maith go deireadh. Is é Naomh Cholmcille as Árainn agus Naomh Cuana ón taobh ó thuaidh de Loch na Coiribe a chuir

tús le forbairt an phobail seo blianta ó shin thiar agus thoir. Síneadh ar aghaidh an Creideamh agus an Ghaeilge ó ghlúin ó glúin ó shin i leith. Bhí an péire fite fuaite le chéile ó shin. Tógadh Séipéal an Chnoic sa mbliain 1844 in aimsir an Ghorta agus choisric an tArdeaspag Mac Éil é sa mbliain céanna. Ó shin i leith tá saibhreas an Chreidimh agus an Teanga á shíneadh ar aghaidh sa séipéal, iad fite fuaite lena chéile i searmanais agus in imeachtaí an phobail. Tá tús curtha i mbliana le comhairle tréadach agus Ionad Tacaíochta Teaghlaigh leis an bpéire a choinneáil fite fuaite le chéile. An bhfuil tuismitheoirí ár ngasúir ag ligean a maidí le sruth i gcleachtadh an phéire? Is orthu a thitfidh mullach na tubaiste má tharlaíonn a leithéid.

Plean Forbartha 2009

Coiste pobal-lárnaithe agus Teanga-bunaithe is ea coiste Ghlór na nGael an Chnoic. Tá muid dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar na príomh-luachanna atá againn - an pobal agus an Ghaeilge agus lena leithéid de chuspóir a bhaint amach tá taighde déanta againn ar na hacmhainní nádúrtha go léir atá sa gceantar. Is iad na príomh-eagraíochtaí faoi scáth an Choiste, an Eaglais, an Cumann Forbartha, an Comharchumann, scoileanna an cheantair lú, 2ú agus 3ú leibhéal, óige an cheantair faoi chúram Cumann Peile Mhícheál Breathnach, óige an cheantair, Comhar Creidmheasa Cholm Cille, na heastáit tionscalaíochta, An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh, na Coláistí Gaeilge, Coiste na dTuismitheoirí, Cumann Drámaíochta agus Scannán, Tearmann Éanna Teo., Coiste na Reilige, Scéimeanna Sóisialta Pobail agus FÁS.

Tá a neamhspleáchas féin ag na heagraíochtaí sin uilig agus ag na coistí éagsúla eile agus iad uilig tascdhírith, ach coiste ceannródaíochta is ea coiste Ghlór na nGael atá ag iarraidh teagmháil a dhéanamh leo uilig agus plean dul chun cinn na Gaeilge a aontú leo.

An Poitín Stil
Tigh Phádraig Joe Joe Mac an Iomaire
An Lochán Beag, Indreabhán,
Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593114
Tá Míle Fáilte Romhat!

ponc

Is clár nua é PONC á chur i láthair ag Máire Treasa Ní Dhubhghaill agus Colmán Mac Séalaigh agus é le feiceáil ó 4.50 pm go dtí 7.00 pm gach iarnóin, Luan go hAoine, ar TG4. Beidh sraitheanna drámaíochta móra le rá á gcráladh ar PONC i gcaitheamh an tséasúir, chomh maith le cláir réalaiócha agus spóirt. Ní imeoidh aon nuacht mhór i ngan fhios don bheirt seo agus déanaigí cinnte go mbeidh sibh ar an eolas ó thaobh cúrsaí ceoil, scannán, faisin agus spóirt de. Leis na mórchomórtais a bheidh á reáchtáil ar an gclár i rith na bliana beidh seans agaibh duaiseanna den scoth a bhuachan; mar sin, bígí ag faire amach mar táimid ag teacht!!



Colmán agus Máire Treasa

Drámaíocht

Beidh sraitheanna drámaíochta aitheanta á gcráladh ar PONC i gcaitheamh an tséasúir, lena n-áirítear *AIFRIC*, sraith drámaíochta Éireannach atá tar éis trí ghradam IFTA a bhaint amach aige. Beidh sraith nua den dráma grinn *8 Simple Rules* le feiceáil a dhíríonn ar shaol laethúil agus craiceáilte Bridget, Kerry & Rory Hennessey agus má cheapann sibh go bhfuil gnáthshaol an déagóra sách dúshlánach, bhuel, caithigí súil ar shaol an spiaire i *My Spy Family*!

Beidh fadhbanna teaghlaigh le feiceáil freisin sa tsraith nua *Life With Derek*, áit a bhfeicfear an choimhlint idir Casey agus Derek atá ina gcónaí mar theaghlach ó phós athair Derek agus máthair Casey.

Cláir Réalaíocha

Céard a dhéanann lucht an tsaibhris lena n-airgead? Feictear caiteachas agus saol drámata na ndéagóirí agus iad ag ullmhú do chóisirí i *My Super Sweet Sixteen* agus tabharfar cuairt ar Lauren agus a gcairde in L.A. sa tsraith cáiliúil *The Hills*.

Beidh snas á chur ar sheancharranna in *Pimp my Ride* agus coinneoidh *POP4* cothrom le dáta muid gach Luan ar na cairteanna agus ar an bpopcheol.

Spórt

Is breá le **Ponc** saol na '*Extreme Sports*' a nochtadh agus leanann *Groms Tour* grúpa scátálaí agus iad ag déanamh a mbealach timpeall na hAstráile. Chomh maith leis sin beidh cleasa contúirteacha le feiceáil in *Red Bull X Fighters & Air Race* agus neart scileanna le feiceáil in *Planet X*.

In easnamh

do Chiarán ...

*Tá sé aisteach mar nach bhfuil tú ann
Aisteach gur imigh tú.
Tá m'intinn ag dul soir s'anoir
Ag smaoineamh cén fáth gur imigh tú.*

*Ní thuigfidh mé é go brách
An t-eachtra sin a tharla.
Bhí tú ceart go leor, nach raibh a stór?
Cén fáth ar sciobadh thú?*

*Ní bheidh mo shaol mar a chéile arís
Tar éis na maidine duibhe sin.
Smaoiním ort chuile lá ó shin
Ní fhágann tú mo intinn.*

*Feicim fós d'éadan
Le meangadh gáire air
Cloisim fós do ghuth binn
Agus smacht an domhain agat air.*

*Airím uaim do chuid cainte
Agus do phearsantacht álainn ghlé.
Is mar dheartháir a bhí tú agam
I ndeireadh an lae.*

*Feicim do chloch gach aon lá
A mbíonn mé ag an uaigh
Déanaim iarracht iad a stopadh
Ach ansin tosaíonn na deora.*

*Níl aon neart againn air
Mar beidh brón orainn i gcónaí
B'fhéidir gur fhág tú an saol seo ach
Beidh tú istigh 'mo chroí go síoraí.*

*Ach slán go fóill, a chara,
A chara breá na smaointe,
Is mise le meas do chara
Cara atá croíbhriste.*

Áine Ní Dhubhghaill

Mo Chara Ciarán Ó Con Cheadainn

1981-2009

le Mícheál Ó Dubhghaill

Chuir mé aithne ar Chiarán Ó Con Cheadainn nuair a bhí muid i Scoil Sailearna le chéile. Ón tús bhí dlúthchairdeas eadrainn. Bhí suim ag an mbeirt againn sa cheol agus sa drámaíocht agus cuid mhaith den am sa diabhláocht!!!! Le linn dúinn a bheith sa bhunscoil, chonaic Máire Uí Mhainnín, go ndéana Dia Grásta uirthi, go raibh suim againn sa cheol agus thug sí isteach sa chóir muid agus tráthúil go leor an uair dheireannach a sheinn an bheirt againn le chéile ba ag Aifreann na Giniúna é i Séipéal na Tulaí, Oíche Nollag seo caite.

Le linn dúinn a bheith i gColáiste Cholmcille, is iomaí dráma a raibh muid páirteach ann faoi stiúir Tom Sailí Ó Flaithearta agus nuair a bhíodh an bheirt againn le chéile bhíodh an-chraic agus an-spraoi againn. Bhí féith an ghrinn go láidir i bpearsantacht Chiaráin agus tá mé ag ceapadh gur iomaí croí múinteora a bhris muid lenár gcuid pleidhcíochta!

Chaith an bheirt againn roinnt ama ag freastal ar ranganna amhránaíochta ar an sean-nós le Máire Pheter Uí Dhroighneáin i gColáiste Lurgan, ach bhí i bhfad níos mó suime againn a bheith ag dul trasna an bhóthair go dtí Siopa an Phobail ag ceannach milseán! Chaith muid in aer é théis píosa ach, buíochas le Dia, chuaigh Ciarán ar ais arís agus ba ghearr go raibh sé ag déanamh ainm dó féin i measc lucht an tsean-nóis lena ghlór breá.

Ba scoláire iontach é Ciarán agus chonaic muid a thoradh sin leis na cáilíochtaí iomráiteacha a bhain sé amach ina shaol acadúil agus, dá bhfágfadh Dia againn é, táim cinnte go raibh go leor eile i ndán dó sa todhchaí. Ba duine umhal é Ciarán nach ndearna gaisce ariamh as na héachtaí a rinne sé. Cé go raibh ardmheas air mar amhránaí sean nóis, níor cheap Ciarán riamh go raibh aon rud speisialta ag baint lena ghlór.



Ciarán agus Mícheál

Nach orainn ar fad a bhí an ríméad nuair a bhuaigh sé Comórtas na bhFear ag Oireachtas na Gaeilge don chéad uair i 1999 agus an bhliain chéanna d'éirigh leis an dara háit a bhaint amach i gCorn Uí Riada. Chuile bhliain ó shin bhíodh muid ag súil go mór le hOireachtas na Samhna agus leis an lá go mbeadh Corn Uí Riada ag dul go Saile Chuanna. I mBaile na Róistigh i Mí na Samhna seo caite, chroch Ciarán Ó Con Cheadainn leis Corn Uí Riada. Nach air a bhí an t-ionadh agus nach muid a bhí

bródúil. Bhí mian a chroí bainte amach aige.

Ar an 4ú lá de mhí Feabhra 2009, croitheadh ó thalamh mé nuair a fuair mé an scéala go raibh Ciarán imithe ar shlí na fírinne. Bhí mo leathbhádóir caillte agam. Fear uasal, amhránaí den scoth, scoláire iomráiteach agus thar aon rud eile cara dílis. Airím uaim thú a Chiaráin. Suaimhneas síoraí i measc na naomh duit agus táim cinnte go bhfuil tú ag canadh "Eileanóir na Rún" i measc na n-aingeal ar neamh.

An Bóthar Nua

Caithfear a bheith an-chúramach leis an mbóthar nua seo. Chaith mise fiche bliain i mo chónaí thar lear i Hertfordshire, Sasana agus gar go maith don mótarbhealach an M25, an *London Outer Orbital Ringroad* a tógadh sna seachtóidí. Tharraing sé raic agus ní raibh mórán fáilte roimhe, idir C.P.Os., torann, srl. Ar nós daoine chuile áit, ní raibh siad an-sásta. Bhí muid amuigh faoin tuath. Tar éis go raibh sé píosa ón teach s'againne, bhí mé in ann an torann a chloisteáil san oíche, go mór mhór sa samhradh ba ghearr é le meaisín ghunna. Chomh luath is a bhí sé chríochnaithe bhí sé as dáta. Ní raibh a dhóthain lánaí ann.

Anois, tuigim go bhfuil gaol láidir againn le talamh agus úinéireacht agus tá fáthanna stairiúla le sin, mar shampla, 800 bliain de choilíniú, leatrom, díshealbhú, péin dlíthe, tiarnaí talúin, gorta, srl. Tá mallacht Chromaill i mbéal na ndaoine fós tar éis beagnach 400 bliain. Caitheadh daoine amach ar leataobh an bhóthair gan foscadh gan dídean, gan trua gan trócaire mar ní raibh siad in ann na riaráistí cíosa a íoc. Scéal fada truanhéalach brónach é seo.

Séard atá mé ag rá ná go gcaithfear déileáil leis go caoithiúil sa gcaoi nach mbeidh sé goilliúnach, tógálach, ag cur cantail agus imní ar dhaoine, mar shampla, lánúin le páistí laga, seandaoine, srl. Is dóigh go bhfuil an bóthar seo ag teastáil, ach níl mé róchinnte faoi sin. Chuile sheans nach bhfuil sé praiticiúil an bóthar atá ann a dheisiú nó Bóthar an Rí, mar a thugadh na seandaoine air, agus caithfidh mé a admháil go bhfuil sé fíorchontúirteach. Mholfainnse é a choinneáil amach ó na tithe thuas ar an bportach. Tá 8 míle bealaigh idir Cois Fharraige agus Uachtar Ard, dalladh fairsinge thuas ansin. Níl an cúrsa siar i mullach na dtithe praiticiúil ar chor ar bith. Beidh mise agus mo chuid comharsana sáinnithe istigh ar nós a bheadh beithigh istigh i gCattle Pen nó garraí gabhann, sé sin na bailte fearainn, Cathair agus Púirín. Má théann sé ar aghaidh beidh timpeallán ag Ard Iothlainn Shéamais, 150 slat soir ón Teach Ósta, Tigh Chualáin.


In ainm Dé, caithfear a bheith ciallmhar faoi seo agus an cúrsa ceart a roghnú. Tá 4 nó 5 de roghanna bealaigh roghnaithe ar an mapa (An Dara Comhairliúchán

Poiblí 2009). Tá a fhios agam go mbeidh sé deacair chuile dhuine a shásamh. Tá jab le déanamh, tuigim é seo, i.e. an Phlean Forbartha 2009-2015 a chur i gcrích. Tá sé tábhachtach suí síos, an phleanáil agus an próiseas roghnúcháin a fháil ceart. Caithfear smaoineamh nach bhfuil aon áit eile san Eoraip chomh sainiúil aonair leis an taobh seo tíre, mo cheantair dúchais, agus tá go leor taistil déanta agamsa. Tá sé i gceartlár na Gaeltachta agus teanga ársa na nGael atá suas le 5000 bliain d'aois. Tá daoine fíor-amhrasach agus imníoch agus trí na chéile faoi, agus mar fhianaise air sin an plód mór daoine a d'fhreastal ar an dhá chruinniú poiblí cúpla mí ó shin seo. An chéad cheann i Tigh Chualáin, ar an gCathair, áit a raibh 200 duine i láthair. Bailigh os cionn 300 duine le chéile ag an dara chruinniú in Óstán Chois Fharraige ar na Forbacha. Ceansaíodh agus cuireadh go dtí na miotail na

hionadaithe poiblí a bhí i láthair. B'éigean dóibh an fód a sheasamh, daoine corraithe go maith ar thóir freagraí agus míniú agus cuireadh iallach orthu ceisteanna a fhreagairt ón urlár. Agus mura raibh sé ina shárú ní lá go maidin é agus an cheart ar fad acu. Má théann cúrsaí in aimhréidh d'fhéadfadh sé bheith ar cheann de na feachtais is mó sa taobh seo tíre ó aimsir na gCearta Síbhialta sna seascaidí.

Níl blas locht ar na tograí móra seo ar nós bóithre, ach dul dó an bealach ceart. Chuirfeadh sé daoine ar ais ag obair in athuair. Chuirfeadh sé borradh faoi earnáil na tógála agus triailfidh sé an tír a chur ar ais ar a chosa arís. Sin a tharla i Meiriceá Thuaidh sna tríochaidí, áit a bhfuil cosán dearg déanta agamsa le trí bliana déag anuas. Chonaic mé le mo dhá shúil féin an toradh a bhí air seo. Thaistil mé ar na bóithre seo trasna na sléibhte agus is maith ann iad. Go dtí an lá atá inniu tugann siad na *Depression Roads* orthu. Chuaigh an ráta dífhostaithe suas go dtí thart ar 30%, sin an t-uafás daoine díomhaoin, m'athair féin Tom Bán ar dhuine acu. Tá dealbh mhór mhillteach de Roosevelt tógtha ag an Grand Coulee Dam, an damba ba mhó sa domhan ag an am, ar an mbealach go Montana. Éist le focail an amhráin pobail a scríobh Woody Guthrie faoi.

Pádraic Tom Bán Breathnach
Cathair, Indreabhán,
Co. na Gaillimhe



Mol an Óige

Aisteoirí na gCrosán

Fiachra Ó Tuairisg

Bhí cáil riamh ar cheantar Chois Fharraige ó thaobh na drámaíochta de. Tá borradh tagtha ar chúrsaí drámaíochta i measc óige an cheantair ó cuireadh tús le grúpa aisteoirí óga faoi scáth na gCrosán. Tagann Aisteoirí na gCrosán le



Fiachra

chéile i Seanscoil Sailearna gach seachtain chun cleachtadh a dhéanamh faoi stiúir Bheartla Ó Flatharta. Cuirtear béim ar leith ar cheird na haisteoireachta trí bhunscoiléanna éagsúla na haisteoireachta a fhorbairt. I measc na scileanna a ndírítear orthu tá samhlaíocht, urlabhraíocht, cur i láthair agus féinmhúinín. Déanann na haisteoirí óga dráma a chumadh agus a léiriú ag deireadh an chúrsa.

Tá toradh na hoibre le feiceáil sna haisteoirí a ghlac páirt i sobaldrámaí *Ros na Rún* agus *Aifric*, chomh maith leis an ngearrscannán, *Rásaí na Gaillimhe*, a thaispeáin TG4 i rith na bliana. Beidh cnuasach de ghearrscannáin le feiceáil ar TG4 níos deireanaí i mbliana ina raibh páirt ag Aisteoirí na gCrosán chomh maith.

Freisin, tá páirt glactha ag Aisteoirí na gCrosán ar stáitse i ndrámáí ar nós *Go dTaga do Ríocht*, *Cripil Inis Meáin* agus sna geamaireachtaí a bhíonn ar siúl faoi scáth na Taibhdheisce go bliantúil.

Ceol

Aisling Hill

Is mise Aisling Hill agus tá mé sé bliana déag d'aois. Tá cónaí orm in Indreabhán i gCo. na Gaillimhe. Thosaigh mé ag casadh ceoil nuair a bhí mé sé bliana d'aois. Bíonn mé ag freastal ar ranganna leis an nGaelacadamh. Seinnim an consairtín, an veidhlín agus an fheadóg stáin. Is as Co. an Chláir do mháthair Noel Hill.

Tá cáil domhanda air mar cheoltóir ar an gconsairtín agus mar sin tá cúlra ceoil idirnáisiúnta agam. Is eisean a mhúin dom conas an consairtín a chasadh agus tá mé sáite sa cheol idirnáisiúnta. Mar chuid d'obair an Ghaelacadaimh, bíonn ranganna veidhlín agam uair sa tseachtain le Liz Kane. Gach Dé Céadaoin téim ag rang feadóige le Mary Bergin. Casann mé féin agus mo chairde cúpla páirt sa bhaile i gcónaí.

D'fhreastal mé ar Scoil Samhraidh Wille Clancy i Sráid na Cathrach le m'athair ó rugadh mé. Téimid chuig Scoil Samhraidh Joe Mooney gach bliain i gCo. Liatroma. Taithníonn na féilte sin go mór liom. Tugann Fleadh Ceoil



Aisling

na hÉireann an deis domsa agus do cheoltóirí óga eile bualadh lena chéile gach bliain agus ceol a chasadh. Bíonn an-spraoi ann

chomh maith Tógadh le ceol mé agus beidh sé ionam go brách le cúnamh Dé.

Damhsa

Caoimhe Ní Choisdealbha

Thaitin damhsa ar an sean-nós liom i gcónaí agus nuair a thosaigh an nGaelacadamh ag cur ranganna ar bun bhí an-áthas ormsa. Tá mé á ndéanamh anois le trí bliana. Is í Patricia Ní Fhlatharta mo mhúinteoir. Tá sí an-mhaith agus tá



Caoimhe

an-fhoighid aici freisin. Teastaíonn sé seo go minic go háirithe nuair a éiríonn na céimeanna an-deacair, ach mar sin féin bíonn píosa spraoi agus spóirt agam. Casann mé le mo chuid cairde ann. Is bealach maith é le tú féin a choinneáil aclaí i rith an gheimhridh nuair a bhíonn beagnach gach spórt eile críochnaithe. I mbliana thaispeáin sí an bealach le damhsa na scuaibe a dhéanamh agus bhí sé íontach. Tá súil agam go mbeidh sé ar siúl arís an séasúr seo agus b'fhéidir go mbeidh mé in ann an tOireachtas a bhaint amach lá éigin, le cúnamh Dé.

An Club Óige


Éanna Ó Griallais

Is deis íontach é Club Óige Lurgan le bualadh le cairde nua taobh amuigh de do scoil féin. Cuireadh

go leor áiseanna ar fail dúinn agus is féidir páirt a ghlacadh i go leor gníomhaíochtaí ann ar nós spóirt agus ealaín. Is é sacar ceann de na spóirt a imrímid. Tagann gach duine atá ag iarraidh sacar a imirt le chéile agus socraítear na foirne. Bíonn ceithre fhoireann nó fiú cúig fhoireann ann má bhíonn líon na ndaoine ann dóibh. Téimid siar ag an scoil náisiúnta, áit atá níos feiliúnaí chun comórtas beag mar seo a riaradh. Is i halla Choláiste Lurgain a bhíonn sacar á imirt go minic. Mar a chéile leis an sacar bristear an grúpa i bhfoirne beaga.

Anuraidh fuairamar deis íontach dul ag an bpictiúrlann leis an gClub Óige. Cé go raibh orainn cead a fháil ónár dtuismitheoirí bhí sé íontach dul amach lenár gcairde san oíche. Bhí duine fásta nó beirt ag faire orainn ach bhí craic íontach agam.

Gach bliaincuireann an Club Óige isteach ar roinnt comórtas ag Oireachtas na Gaeilge, ar nós agallamh beirte agus Seó Ardáin. Éiríonn go maith linn i gcónaí. Le cúpla bliain anuas, tá Corn an tSeó Ardáin tógtha siar againn go ceantar Chois Fharraige, éacht mhór i mo thuairim.



Éanna

Mar a lua mé cheana tá go leor áiseanna ar fáil dúinn. Táimid millte mar go bhfuil bord púil, boird leadóige agus boird éalaíne ann. Foghlaimímid scileanna fíorthábhachtacha maidir lenár saol sóisialta. Foghlaimímid le labhairt le daoine níos sine agus níos óige ná muid féin. Chomh maith, múintear féin-iompar stuama dúinn, agus gach duine ag baint craice as an oíche.

Peil

Rachel Ní Fhéinneadh

Thosaigh mé ag imirt peile i 2007, an bhliain thréis do Chumann Peil na mBan Mícheál Breathnach tosú. D'fhás an tsuim a bhí agam sa pheil ón gcéad seisiún traenála riamh. Níl aon rud faoin bpeil nach dtaitníonn



Rachel

liom agus tá ardáthas orm go bhfuil an deis agam peil a imirt chor ar bith.

Is rud speisialta do chailíní na háite go bhfuil go bhfuil neart peileadóirí maithe inár measc. Bhí an-suim go deo san aclaíocht agam agus is breá liom tuilleadh aclaíochta a chur orm féin sa chaoi go mbeidh mé níos aclaí dá bharr. Bímid ag traenáil go dian lenár mbainisteoir, Barry Ó Conghaile, agus bímid tugtha tuirseach ina dhiaidh.

Tá feabhas mór tagtha orainn ar fad agus ar ár scileanna peile. Tá a fhios agam go bhfuil chuile dhuine againn an-bhuíoch don obair ar fad atá Barry ag déanamh. Ina theannta sin, tá dalladh foighne aige linn. Tá an Chraobh buaite againn i mbliana agus corn nó dhó eile le fáil fós.

Ach caithfidh mé admháil go bhfuil na cailíní go hálainn agus fíorchairdiúil go deo. Is iad na tréithe seo a choinníonn ag imirt mé. Taitnímid go léir thar barr lena chéile agus tá súil agam go mbeimid ag feabhsú ar fad le chéile sna blianta amach romhainn.

Peil

Gearóid Ó Finneadh

Bíonn mé ag imirt peile faoi-16 agus do mhionúir Chumann Mícheál Breathnach. Déanaimid freastal ar

sheisiún traenála sna gráid seo, faoi dhó sa tseachtain. Is iad Seán Ó Cualáin agus Seán Ó Fátharta a dhéanann traenáil agus bainistiú ar na foirne faoi-16. Is iad Ciarán Breathnach agus Éinne Ó Conghaile a dhéanann traenáil agus bainistiú ar na mionúir. Molaim na bainisteoirí go hard as ucht an chúnamh agus an aire a thugann siad dúinn.

Bainimid an-sult as páirt a ghlacadh sna cluichí. Tugann sé seo seans íontach dúinn bualadh le peileadóirí as clubanna eile agus aithne a chur orthu. Riarann an cumann campa peile chuile bhliain. Is é Fiachra Breathnach, imreoir sinsir peile an Chontae, atá ag múineadh scileanna dúinn le blianta beaga anuas. Ina theannta sin, bíonn tionchar mór ag taithí agus comhairle Fhiachra orainn. Is breá liom go bhfuil mé ag imirt peile do Chumann Mícheál Breathnach agus is é mo mhian leanúint liom ag imirt don Chlub seo chomh fada is a fhéadfaidh mé.



Gearóid


Liathróid Láimhe

Damian Ó Coisdealbha

Mise Damian Ó Coisdealbha agus bíonn mé ag freastal ar Chumann Mhichíl Bhreathnaigh áit a n-imríonn mé liathróid láimhe. Tá mé ag imirt liathróid láimhe le trí bliana anuas. Téim chuig an bpinniúr dhá uair nó trí huaire sa tseachtain, uaireanta liom féin, uaireanta ag traenáil leis an gclub. Is iad Gerry Ó Fátharta agus Jimí Joe Shéamais na traenálaí agus tá go leor scileanna foghlamtha agam uathu.

Bhí mé ag imirt sna cluichí pobail le deireanaí. Bhí foireann de sheisear againn ann: Mise, Maidhc Ó Conghaile, Rúadhán Ó Béarra, Caomhán Ó hIarnáin, Cian Ó Fátharta agus Naoise Ó Gibne. D'éirigh linn dul chomh fada le cluichí Leathcheannais na hÉireann. Bhuaileamar foirne as Maigh Cuilinn, Sligeach agus Ros Comáin ach bhí fíor mhí-ádh orainn in aghaidh Cheatharlach. Bhí go leor oibre agus traenála déanta againn le theacht chomh fada leis an gcluiche Leathcheannais.

Bíonn go leor campaí Samhraidh againn sa Chlub agus bíonn go leor craic agus spraoi



Damian

againn orthu. Foghlaimímid go leor scileanna freisin. Tá mé an-bhuíoch do na daoine a chuir na háiseanna maithe ar fail dúinn agus dóibh siúd a chuir go leor traenála ar fail dúinn agus a thaispeáin dúinn cé chomh maith is atá an liathróid láimhe mar chluiche.

Ranganna Sean-Nóis

Liadan Canny

Is mise Liadan Canny. Tá mé seacht mbliana d'aois. Is maith liom Máire Pheter. Sin í mo mhúinteoir sean-nóis. Téann mé chuig ranganna sean-nóis i scoil Sailearna tráthnóna Dé Sathairn. Bíonn muid ag casadh "Cúnla", "An Spailpín Fánach" agus "An Rógair Dubh". Baineann muid dinn na bróga agus na stocaí nuair a chasann muid "An Rógair Dubh". Nuair a chasann muid "Cúnla" cuireann Máire dinglis inár gcosa. Bíonn muid ag gáire. Tugann sí mílseáin dúinn faoi Nollaig. Tá muid mór léi. Is maith liom na hamhráin freisin. 'Sé "Páidín Ó Raifeartaigh" an t-amhrán is fearr liom.




Liadan

Cluichí Pobail

Naoise Ó Gibne

Tháinig na Cluichí Pobail chuig ár gceantar den chéad uair i mbliana agus bhí siad thar barr. Bhí go leor pleanála i gceist sular thosaigh siad. Bhí mé san iomaíocht i roinnt comórtas ann, ar nós an rith agus an liathróid láimhe. Bhí lá mór ar Pháirc an Spidéil áit ar cuireadh bia, deoch agus go leor, leor eile ar fáil dúinn. Rith mé sa rás 100 méadar agus sa rás 1500 méadar. D'éirigh liom dul tríd sa phéire acu sin. Théis míosa chuaigh mé agus na buaiteoirí eile ar aghaidh chuig an chéad babhta eile a bhí ar siúl i



Naoise

mBaile an Doirín. Níor bhain muid amach aon bhonn ach rith muid ar fad rásaí maithe.

D'éirigh níos fearr linn sa liathróid láimhe. An foireann a bhí againn ná Ruadhán, Maidhc, Cian, Caomhán, Damien agus mé féin. Bhí ceathrar ar an bhfoireann agus beirt ionadaithe. D'imríomar in aghaidh Mhaigh Cuilinn i mbabhtai na Gaillimhe agus bhuamar. Ansin

chumar ar aghaidh chuig Craobh Chonnachta áit ar bhuaile muid Ros Comáin agus Sligeach. Ina dhiaidh sin chumar ar aghaidh chuig leathchraobh na hÉireann ach chailleamar. Ach bhuaigh foireann na gailíní Craobh na hÉireann. An foireann a bhí acu ná Ciana, Sinéad, Máiréad, Emer, Anna agus Tiffany. Ba í Caitríona Ní Bhéarra a bhí mar thraenálaí againn. Bhí an-chraic agus spraoi ag baint leis na Cluichí Pobail agus is deas an rud é an pobal a fheiceáil ag tacú le chéile. Tugann na Cluichí Pobail deis iontach do dhaoine nach bhfuair aon deis roimhe seo, b'fhéidir. Ní féidir leis na cluichí seo ach feabhsú mar go mbeidh an choiste ag cur le clár na n-imeachtaí don bhliain seo chugainn. Agus táim ag súil go mór leis!!

Iomáint

Maidhc Ó Conghaile

Tá an iomáint go láidir sa gClub faoi láthair. Tá na Sóisir ag déanamh go maith sa gCraobh. Tá an fhoireann mionúir iad fhéin ag déanamh go maith. Tá muide (faoi-16) fós sa gCraobh. Bhuaigh muid trí chluiche as cheithre cinn. Ní raibh aon chluiche faoi-15 againn fós ach tá muid dóchasach go ndéanfaidh muid go maith ann. Uaidh sin síos tá foirne láidir acu uilig. Bhí cúpla duine as na Breathnaigh ar fhoirne an chontae arís i mbliana. Bhí Naoise ó Lionard ar an phainéal mionúir na Gaillimhe, an fhoireann a bhuaigh Craobh na hÉirinn in aghaidh Chill Chainnigh!



Maidhc

Pastime Chonamara

Nuair a bunaíodh Pastime Chonamara, roinnt blianta ó shin, is beag an cheapadh a bhí ag an ngrúpa beag daoine sin ag an am go bhfásfadh an eagraíocht chomh sciobtha agus go mbeadh spéis chomh mór ina cuid imeachtaí, ní amháin i gConamara ach in áiteacha eile ar fud na tíre chomh maith. Bhí an taispeántas ba mhó go dtí seo acu i mbliana i Músaem Shaol na Tuaithe i gCaisleán an Bharraigh, áit a raibh daoine as chuile cheard den tír.

Bíonn ranganna ar siúl ag Pastime Chonamara freisin i gCo. na Mí agus i gCo. Mhaigh Eo, chomh maith leis na cinn níos gaire do bhaile. Go dtí seo bhí 381 duine, idir óg agus aosta, páirteach i ranganna agus in imeachtaí na heagraíochta ó bunaíodh í, agus sin gan ranganna Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe a chur san áireamh. Tá cuid de na daoine sin in ann taispeántais dá gcuid féin a thabhairt faoin tráth seo.

Tá dhá lampa agus babhla bronnata ar Uachtarán na hÉireann le cúig bliana anuas, ag ócáidí éagsúla ar fud na tíre, agus bronnadh clog ar Ghairscoil na bPiarsach nuair a bhí siad ag ceiliúradh 75 bhliana a mbunaithe le gairid.

Freastalaíonn Pastime Chonamara ar an limistéar ó Bhearna go Leitir Mealláin, mar aon le Maigh Eo agus Co. na Mí, agus aon áit eile a bhfuil spéis acu imeachtaí a chur ar siúl. Tá plean idir lámha ag an gcoiste faoi láthair le hIonad Caitheamh Aimsire agus Ceardaíochta a thógáil ar shuíomh atá i gceantar Chois Fharraige chun a gcuid imeachtaí ar fad a chur ar fáil faoin aon díon amháin, agus chun freastal ar aon duine nó grúpa daoine a bheadh ag iarraidh a gcuid imeachtaí féin a reáchtáil.



Le linn don Uachtarán, Máire Mhic Giolla Íosa, a bheith ar an gCeathrú Rua le gairid, don oscailt oifigiúil ar *Tigh Nan Dooley*, thug sí cuairt ar na taispeántais a bhí eagraithe don ócáid i Halla Éinne agus bronnadh lampa uirthi ag an taispeántas a chuir *Pastime Chonamara* ar fáil ansin. Sa bpictiúr freisin, tá fear céile an Uachtaráin, Martin, chomh maith le Máirtín Davy agus Padraig Ó Gríofa, duine eile de dheilbhleadóirí na heagraíochta, *Pastime Chonamara*.



Pastime Eile ...

Cuid d'fhondúirí drámaíochta Chois Fharraige sna blianta a caitheadh, ag lorg inspioráide ar uaigh an tsaoi W.B., ó chlér: Colm Ó Tuathail (a bhí tar éis an hata a sciopadh ó cheann de na saighdiúirí ag Buckingham Palace de réir cosúlachta!), Maimie Ní Thuathail, mar a bhí uirthi ag an am, Mici Ó Conghaile agus fonn air an leac a thabhairt leis, Máire Marta Ní Thuathail (mar a bhí) agus Máirtín Davy ag macnamh ar mhórsmaointe an tráthnóna.

An bhliain? Cá bhfios go díreach, ach nach cuma, tá siad chomh spleodrach céanna i gcónaí agus go gcoinní Dia ar an gcaoi sin iad.

Muintir Chonchubhair

Tá muintir Chonchubhair i mbun gnó i gceantar Leitir Móir ó 1831 i leith, tráth a raibh siopa acu thíos in aice leis an gcéibh i Leitir Móir. In 1895 a tógadh an teach mór ina bhfuil Nioclás féin ina chónaí faoi láthair, cé go bhfuil cóiriú thar cuimse curtha ar an áit i rith na mblianta.



An sean agus an nua i gCasla

I 1970, osclaíodh an siopa in aice leis an bpríomhbhóthar ina bhfuil Ruairí faoi láthair agus ar ndóigh tá forbairt thar cuimse déanta ansin le bliain anuas. I 1977, thosaigh Nioclás Ó Conchubhair a ghnó crua-earraí agus ábhair thógála i seanmhonarcha 600 troigh cearnach a cheannaigh sé ó Tommy Durkin agus in imeacht na mblianta rinneadh an oiread forbartha ar an áit sin go raibh sé sáinnithe ag easpa spáis, go háirithe le teacht na leoraithe mór agus na bhfearas iompair eile a bhí ag teastáil le freastal orthu.

Thart ar 2006, bheartaigh Nioclás Ó Conchubhair cuid den ghnó a lonnú i gceantar eile agus chuige sin cheannaigh sé seanmhonarcha Galoptical a bhí ag Údarás na Gaeltachta ar eastát tionscail Chasla. Ní raibh san ionad ach na ballaí faoin tráth sin ach tar éis infheistiú mór agus athchóiriú iomlán, d'oscail an t-ionad nua crua-earraí agus ábhar tógála go hoifigiúil in Aibreán 2007. Fágadh an t-ionad i Leitir Móir i mbun

oibre chomh maith céanna ach gur mó an bhéim a bhí ar thoscáin agus eile san ionad sin.

Is beag turas mór farraige nach bhfeiceann gála, áfach, agus ar an 18 Bealtaine 2008, tharla tubaist dóiteáin san ionad mór nua i gCasla a d'fhág an áit dúnta ar

feadh roinnt mhaith míonna agus an –uafás damáiste déanta ag deatach agus eile don taobh istigh. Ach rinneadh athchóiriú arís eile ar an áit agus ar an 5 Nollaig 2008, osclaíodh ionad earraí tógála, Nioclás Ó Conchubhair Teo., in athuair agus tá réimse iomlán ábhair ar fáil ansin anois, ón gcéim tógála go dtí céim cóirithe do thí nó d'árasáin.

Chuige sin, tá suas le 30 duine fostaithe sa ngnó, idir oibrithe páirtaimseartha agus lánaimseartha agus tagann méadú ar an líon sin ag tráthanna éagsúla den bhliain, de réir éilimh. Gan dabht, tá an stór i Leitir Móir ar fáil i gcónaí freisin, chomh láidir agus a bhí riamh.



Istigh san ollstór i gCasla



Gasúir na Rúise

Bhunaigh Debbie Deegan, bean phósta as Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath, an charthanacht *"To Russia With Love"* (TRWL) i 1997 chun cúnamh a thabhairt do na dílleachtaí i Hortolova. I Nollaig 2002, thug Máirtín a chéad chuairt anonn le cúnamh a thabhairt do na gasúir ansin agus bhí sé thall aríst i mbliana agus é ag soláthar ceoil, saothair agus eolais mar a léiríonn na pictiúir seo thíos.



Don Rúis le Grá

Máirtín Ó Dubhghaill

Bhí sé d'ádh orm trí seachtainí a chaitheamh sa Dilleachtlann in Hortolova i mí Lúnasa seo caite. Bhí sé iontach a bheith i measc na ngasúr arís, ag spraoi, ag damhsa agus ag déanamh ceoil. Bhí sé de phribhléid agam a bheith in ann síntiúis fhlaithiúla mhuintir Chois Fharraige a chaitheamh ar son leas na ndílleachtaí bochta. Deineadh athchóiriú ar chúpla seomra i suanlios na gailíní agus tá siad anois feistithe amach go hálainn. Ceannaíodh rothair (agus páirteanna do rothair bhriste), cúpla ríomhaire agus bogábhár, uirlisí ceoil go leor cadhnraí agus ábhar ealaíne agus ceardaíochta.

An chéad mhaidin a raibh mé ann, chuaigh mé chuig an margadh le duine de na Rúisigh atá ag obair do *To Russia With Love* agus cheannaigh muid "sandals" do chuile ghasúr sa dílleachtlann. Fuair muid éadach geimhridh agus buataisí sneachta freisin. Tá 110 gasúr sa dílleachtlann faoi láthair agus tá a saol agus an foirgneamh fhéin feabhsaithe thar cuimse, a bhuíochas sin do fhlaithiúlacht mhuintir Chonamara.

Is in Hortolova is mó atá *To Russia With Love* ag obair ach anois tá an charthanacht ag cuidiú le dílleachtlanna eile sa cheantar. Tá 16 dhílleachtlann i gceantar Bryansk amháin. (Mar eolas, tá os cionn 3,000 dílleachtlann i dtír ollmhór na Rúise!).

Ceann de na dílleachtlanna a dtugann muide cúnamh dóibh is do ghasúir a bhfuil fadhbanna súl acu iad, cuid acu atá dall agus a bhformhór a bhfuil amharc na súl an-lag agus ag dul in olcas. Thug muid ualach áiseanna ealaíne dóibh i mbliana. Chaith mé lá ina dteannta seo i mbliana agus tá mé ag súil le dul ar ais chucu an bhliain seo chugainn. Is breá leis na gasúir seo ceol agus, creid é nó nár creid, péinteáil! Cé go bhfuil siad beagnach dall, tarraingíonn siad pictiúir áille.

Na "markers" agus na péinteanna a thug muid dóibh, aithníonn na gasúir na dathanna ón mboladh a thagann uathu. Agus bíonn na pictiúir a tharraingíonn

na gasúir seo do-chreidte! Ní cheapfadh duine ar bith go raibh siad déanta ag gasúir atá beagnach dall. Tá mé ag súil go mór le filleadh ar an áit seo agus seachtain nó níos mó a chaitheamh ann.

Bhí dhá oíche mhór ceoil agus craic ag pobal Chois Fharraige sa samhradh le hairgead a chruinniú ar son na cúise; ceann Tigh Hughes sa Spidéal (eagraithe ag Breda Hughes agus Timmy Ó Flatharta) agus ceann eile Tigh Mholly (a bhí eagraithe ag Cumann Drámaíochta Chois

Fharraige, Peadar agus muintir Tigh Mholly).

Thug go leor daoine síntiúis phearsanta don charthanacht a chuidigh go mór leis an obair a bhí á dhéanamh i Hortolova sa samhradh. Tá a fhios ag na gasúir ar fad sa dílleachtlann go bhfuil fíorchairde acu i gConamara! Thar ceann an charthanachta, *To Russia With Love*, glacaim buíochas ó chroí arís le pobal Chonamara faoin gcúnamh a thugann siad go fial don bhfeachtas seo atá ar bun le 11 bhliain. Go gcúití Dia bhur bhféile libh.



Fáilte Isteach

Shanya Ní Mháille	16 Samhain '08
Alannah Ní Dhroighneáin	31 Samhain '08
Daithín Ní Fhátharta	23 Feabhra '08
Caoimhe Glynn	28 Nollaig '08
Katie Muchlickute	17 Eanáir '09
Isabele Ní Fhlatharta	24 Eanáir '09
Lorcán Ó Curraoin	01 Feabhra '09
Alannah Lydon	14 Feabhra '09
Aisling Seoighe	21 Feabhra '09
Oisín Breathnach	01 Márta '09
Aaron Joyce	08 Márta '09
Niamh de Bhailís	30 Bealtaine '09
Jack Ó Conghaile	31 Bealtaine '09
Donnacha Ó Tuairisc	20 Meitheamh '09
Orlaith Ní Thuairisc	20 Meitheamh '09
James Irwin	20 Meitheamh '09
Cian Burke	05 Iúil '09
Grace Diviney	22 Lúnasa '09
Conor Ó Tuathail	29 Lúnasa '09
Páraig Seosaimh Ó Neachtain	29 Lúnasa '09




An tSiúr Alfreda Ní Chualáin nach maireann

Go Maire siad a Nuaíocht

6 Samhain '08
Lochlainn Ó Tuairisc & Yvonne Igol
27 Márta '09
Séamus Ó Neachtain & Meadhbh Ní Fhátharta
24 Iúil '09
James Brendan O'Mahony & Mairéad Ní Chiardha

Slán Abhaile Ar Shlí na Fírinne

Colm Ó Curraoin	05 Samhain '08
Mike Ó Tuathail	20 Nollaig '08
Bridie Gauld	04 Eanáir '09
Sarah Bolustrom	04 Eanáir '09
Máirtín Ó Curraoin	16 Eanáir '09
Cóilín Ó Coistealbha	22 Eanáir '09
Máirtín Ó Gríofa	28 Eanáir '09
Ciarán Ó Coincheannain	03 Márta '09
Bríd Ní Mháille	10 Márta '09
Peadar Liam Ó Fátharta	06 Aibreán '09
Máire Ní Chonghaile	06 Aibreán '09
Aisling Dwyer	18 Bealtaine '09
Maura Henry	05 Meitheamh '09
Maggie Tim Uí Chonghaile	31 Meitheamh '09
Máire Uí Mhainnín	20 Lúnasa '09
Cáit Ní Fhátharta	27 Lúnasa '09
Máire Nic an Iomaire	27 Lúnasa '09
Mike Folan (Maidhc Pheaits Mhóir)	
Cor na Rón agus Leithrinn	08/09/2009
Máirtín Ó Donnachadha	
Baile na mBrobhach	10/09/2009



Cóip de charta poist ó 1911 ag léiriú Seanséipéal na Tulai

Pátrún Cholm Cille

Déantar ceiliúradh go fóill i gceantar na Tulaí ar Lá Cholm Cille, nó *Lá an Phatrúin* mar a tugadh riamh air, ar an 9ú lá de Mheitheamh. Sna blianta siar bhíodh gasúir na háite, idir sean agus óg ag tnúthán leis an lá mór seo mar gheall ar an aonach spraoi a thagadh chuig an áit le haghaidh na hócáide, agus bhíodh an-fháilte go speisialta roimh na mbád luasctha, nó na *swinging-boats*, dá dtagaidís, gan trácht ar na milseáin agus na rudaí deasa eile nach mbíodh aon fháil go fairsing orthu sna blianta sin. Bhíodh comórtais eile ar siúl chomh maith agus is díol suntais ann fhéin an fearas a feistíodh thíos le cladach ag Reilig Mhaírois, agus atá ina sheasamh ansin go fóill go deimhin, le deis traenála a thabhairt d'fhoirne tarraint téide.

Cé nach bhfuil an tsiamsaíocht chéanna ag baint le Lá an Phatrúin anois, fós fhéin tugtar cuairt ar thobreacha agus ar bhád Cholm Cille agus léitear aifreann an tráthnóna sin ag an altóir dheas cloiche atá réitithe le haghaidh na hócáide in aice na reilige, ach an aimsir a bheith in araíocht.

Más fút dul chomh fada leis na toibreacha fhéin, áfach, ní mór don taoille a bheith amuigh go maith, fiú leis an tobar is gaire a bhaint amach, agus theastódh rabharta leis an gceann is faide amach a aimsiú de réir dealraimh. Maidir leis an gcéad tobar, is fiú súil ar leith a chaitheamh ar an gcloch mhór chruinn ar dhéanamh liathróide atá i suite i logán in íochtar an tobair amhail is gur cartáíodh an áit di le luí ann. Tá daoine a déarfadh go bhfuil cuma súile uirthi thíos sa tobar.

Ná déan dearmad breathnú freisin ar fhothrach Bhád Cholm Cille atá siar de bheagán ón reilig, ar

an trá ghainimh, agus maítear leigheas a bheith le fáil as lorg láimhe an Naoimh atá ar dhromchla cheann de na clocha ansin.

Mura bhfuil eolas an bhealaigh go barainneach agat, níl ort ach crosbhóthar na Tulaí a bhaint amach agus leanacht ort siar an bóthar ó dheas go dtiocfaidh tú thar an droichead beag atá cúpla céad méadar siar ón gcrosaire. Díreach ina dhiaidh sin tá bóithrín na Cloiche Móire a thabharfadh go dtí na toibreacha thú ach dul síos píosa agus gearradh siar an bóithrín go dtí Reilig Mhaírois. Mar sin, b'fhéidir gur bhfearr leanacht ort go dtí an chéad bhóithrín eile, áit a bhfuil an comhartha oifigiúil "BÁD AGUS TOIBREACHA CHOLMCILLE" socraithe. Tabharfaidh an bóithrín sin síos díreach go dtí an reilig thú, agus mura mbeadh i gceist ach áilleacht agus suaimhneas na háite, is fiú go mór cuairt a thabhairt le cladach ansin má bhíonn tú ag dul an bealach.



Bád Cholm Cille



An Altóir ag Reilig Mhaírois



Ceann de thuibreacha Cholm Cille



Deis traenála don tarraingt téide



Foireann Mionúir Mícheál Breathnach

Ar chúl, ó chlé: Diarmuid Ó Ceallaigh, Colm Ó Cuív, Cian Ó Gríofa, Páraic Nullens, Diarmuid Ó Feinneadha, Leon Mac Lochlainn, Frontán Ó Curraoin, Antaine Ó Feinneadha, Mícheál Ó Conaire, Fiach Ó Bearra, Seán Denvir, Máirtín (Boston) Ó Neachtain, Páraic Ó Maoileoin, Peadar Óg Ó Gríofa, Gearóid Ó Conghaile

Chun tosaigh, ó chlé: Cöllín Ó Fátharta, Tomás Ó Conghaile, Cárthach Bán Breathnach, Ronán Ó Fátharta, Diarmuid Ó Maoileoin, Máirtín Ó Maoileoin, Padraig Óg Ó Conaire, Donall Ó Ceallaigh, Adrian Ó Tuathail, Seán Ó Feinneadha, Cian Griallais, Seán Ó Loideáin.

Bainisteoir: Tadhg Mór Ó Curraoin **Roghnóir:** Paddy Ó Gríofa, Steve Ó Coistealbha **Fear an Uisce:** Beartla “Boss Hogg” Ó Céitigh

Cumann Mícheál Breathnach

Pádraic Joe Shéamais (Cathaoirleach)

Níl na comórtais ar fad thart fós go mbeidh sé i ndeireadh mhí Dheireadh Fómhair, is cosúil. Amach agus amach, bliain an-mhaith a bhí inti do na peileadóirí. Chuaigh an fhoireann faoi-21 chomh fada le cluiche ceannais an chontae i Roinn A, tar éis dóibh Craobh an Iarthair a bhuachaint i gcoinne Chill Ainnín i bhfíorchluiche peile. Ina dhiaidh sin a thug siad aghaidh ar Eanach Dhúin i gcluiche ceannais an chontae, áit a bhfuair fir an Eachréidh an ceann is fearr orainn le haon chúilín amháin sa deiridh. Ní raibh mórán ceapadh ag lucht peile na Gaillimhe dúinn sa ngrád seo mar gur foireann an-óg a bhí againn agus tá mé cinnte go mbeidh an fhoireann seo ar ais.

Sa gcéad bhabhta de Chraobh na Sinsear, bhí bua slachtmhar againn ar Chora Finne. Níor thug duine ar bith aon seans dúinn ach ar deiridh bhí farasbarr sé chúilín ag na leids. Seo é an cluiche ab fhearr a d'imir siad i gcaitheamh na bliana agus dá n-imreodh siad mar sin i gcónaí ní bheadh Corn Frank Fox i bhfad uainn. Tuaim a bhí againn sa dara babhta. Bhí droch chéad leath againn agus seacht bpointe farasbairr ag Tuaim ag deireadh an leatha sin. D'imir na leids as a gcráiceann sa dara leath agus mhaolaigh siad an bearna go dtí aon phointe amháin, ach mo léan ní raibh an iarracht sách maith.

Sa tSraith, tá an fhoireann ar ocht bpointe agus é seo á scríobh, agus an chosúlacht ar an scéal go mbeidh muid ar ais i Roinn 1 an chéad bhliain eile. Comhghairdeas le hOisín Ó Ceallaigh a bhí ar phainéal an chontae. Gortaíodh Oisín an-luath sa mbliain agus is cinnte gur airigh muid uainn é. Tá súil againn go mbeidh biseach air go luath.

Bhí na mionúir i gcluiche ceannais an Iarthair in aghaidh Naomh Séamas le gairid agus chríochnaigh siad ar chomhscór tar éis cluiche chomh maith agus a facthas i nGaillimh i mbliana. Thosaigh fir na Rinne Móire le luas lasrach agus bhí 2-1 in aghaidh tada acu tar éis deich nóiméad. Tharraing na leids óga se'againne cothrom ag tús an dara leatha ach chuaigh na leids thoir chun cinn le dhá chúl aríst tar éis sé nóiméad déag. Bhí na leids se'againn chun cinn le haon phointe amháin agus gan ach cúpla nóiméad fanta, ach fuair Naomh Séamas pointe sa nóiméad deiridh agus chríochnaigh an cluiche ar chomhscór: Mícheál Breathnach 2-14, Naomh Séamas 4-8. Foireann óg iad seo agus tá muid ag súil le héachtaí móra uathu. Comhghairdeas le Fiontán, Peadar Óg agus Fiach a bhí ar fhoireann an chontae agus bliain eile fós acu.

Faoi Aois

Rinne na leids óga faoi-8 go dtí faoi-16 go maith sna grádanna éagsúla freisin, ó thaobh peile agus iománaíochta de. Níl na comórtais ar fad thart fós agus tá roinnt de na foirne seo i gcluichí ceannais agus



An form thar barr ar Thadhg agus ar Phádraic agus cúis mhaith acu leis

leathcheannais. Go n-éirí go geal leo. Comhghairdeas le Kevin agus Mac Dara a bhí ar fhoireann Ted Webb i mbliana agus le Maidhc Antoine a bhí ar fhoireann Tony Forester.

Iomáint

Bhí muid ag súil le go leor ó na hiománaithe i mbliana agus thug leids Gerry Feairtí an-bhliain dúinn. Is cinnte go bhfuil an-dul chun cinn déanta aige. Chuaigh an fhoireann sinsir chomh fada le cluiche ceathrú ceannais an chontae i Roinn B, ach bhí an lámh in uachtar ag na Forbacha orthu sa gcluiche sin. Leids óga an chuid is mó acu seo agus is cinnte go bhfuil siad ag teacht chun cinn. Comhghairdeas le hAntaine Ó Finneadha a bhí ar phainéal an chontae.

Rinne an fhoireann faoi-21 éacht iad féin nuair a chuaigh siadsan chomh fada le cluiche ceathrú ceannais an chontae. Is garr anois go mbeidh an comórtas sin ag tosú aríst.



Ar chúl, ó chlé: Gearóid Breathnach, Brian Mac Giolla Chainnigh, Brian Ó Cuiv, Steve Ó Mainnín, Pat Ó Márta, Peadar Ó Cualáin, Peadar (Jude) Ó Conghaile, Pádraic Ó Beoláin. Chun tosaigh, ó chlé: Larry Ó Cualáin, Éanna Ó Tuathail, Séamas Ó Maoileoin, Bearla Ó Maoileoin, Seán Ó Cualáin, Cóil Ó Finneadha, Kevin Mac Donnchadha, Terence Mac Donnchadha.



Agus, nár laga Dia an fear óg a rith amach ar Pháirc an Chrócaigh an chéad Domhnach de Mheán Fómhair na bliana seo. Is cinnte gur lá mór dá mhuintir, do cheantar Chois Fharraige agus do Chumann Mícheál Breathnach a bhí sa lá sin. Comhghairdeas le Naoise Ó Lionáird. Tá Craobh na hÉireann san iomáint tugtha go Cois Fharraige agat.

Forbairtí

Toghadh coiste ag an gCruinniú Cinnbhliana anuraidh le breathnú isteach sna hoibreacha seo. Socraíodh gurbh í an pháirc uile-aimsire an chloch ba mhó ar an bpaidrín. Tá muid casta le roinnt daoine ó shin, an tAire Ó Cuív ina measc, agus tá muid ag súil le scéala ar ais ón Aire lá ar bith feasta. Chomh maith leis an obair sin, tá páirc spraoi do ghasúir le tógáil taobh thiar den gheata agus is iad an Comharchumann atá ag breathnú ina dhiaidh sin.



Lá na gClubanna

Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch ar an 10ú lá de Bhealtaine seo caite agus chuile chlub ar fud na tíre ag ceiliúradh 125 bliana C.L.G. Bhí an-lá againn ar an bpáirc le camógaíocht, iomáint, peile na mban, peile na bhfear, agus peil os-cionn-40. Bhí gach saghas beatha le fáil ag an té a raibh ocrais air agus le barr slachta a chur ar an lá bhí aifreann sa seastán an tráthnóna céanna. Gabhaimid buíochas ó chroí leis an Ath. Ó Flannabhra, leis an gcór, leis na mná a bhí ag déanamh tae, leis na fir agus na mná a bhí i bhfeighil an bhearbacú, le lucht an "chaisleáin" nó an 'Bouncing Castle' agus leis na mná a d'eagraigh an lá.



Thuas agus thall: pictiúir ó Lá na gClubanna, mar a ceiliúradh an ócáid ar Pháirc an Chnoic ar an 10 Bealtaine, 2009



Coiste na nÓg

Muiris Mac Gearailt

(Rúnaí Coiste na nÓg, Cumann Mícheál Breathnach).

Deineann Coiste na nÓg freastal ar an bpeil agus Iománaíocht faoi aois sa Chumann. Na grádanna faoi 8 aníos go grádanna a 16 atá faoinár gcúram, agus glactar le buachaillí agus cailíní sa chumann ó seacht mbliana d'aois ar aghaidh. Sé Gearóid Willie Ó Fátharta atá ina chathaoirleach agus is iad Caitríona Uí Bhéarra agus Donnacha Ó hÉallaithe na cisteoirí. Táimid fíorbhuíoch dos na bainisteoirí foirne éagsúla, a gcuid roghnóirí, tuismitheoirí agus daoine eile sa pharóiste a thugann an chabhair agus a laghdaíonn an t-ualach ar an gcoiste go háirithe iad siúd a chabhraíonn nuair a bhíonn naampaí peile agus iománaíochta ar siúl.

D'éirigh go han-mhaith leis naampaí samhraidh arís i mbliana, cé nach raibh an aimsir thar mholadh beirte! Breis agus ceithre scór araon a bhí ar naampaí. B'iad Fiachra Breathnach agus Éanna Ó Conghaile na príomh-theagascóirí ar an gcampa peile agus Oisín agus Diarmaid Ó Ceallaigh na príomh-theagascóirí ar an gcampa Iomána. Fuaireamar go leor cúnamh ó thraenálaithé éagsúla sa chumann. Bhí tuismitheoirí sásta feitheoireacht a dhéanamh agus caithfidh mé Francis Uí Churraoin agus Ruaidhrí Ó Béarra a lua de bharr an obair breise a rinneadar. Bhí an fisiteiripe Aoife Uí Hannifin (Ní Mhuirí) istigh againn ar feadh lae agus chur sí comhairle orthu maidir le bia folláin agus sláinte coirp. Rinne Páraic Ó Flatharta cluichí cairdeasa leo freisin. Ár mbuíochas freisin do choiste na páirce agus do choiste liathróid láimhe a thug cead dúinn a gcuid áiseanna a úsáid agus don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a chuireann cabhair airgid ar fáil.

Ar an bpáirc imeartha di, bhain an fhoireann peile faoi-16 an cluiche leathcheannais amach sa gcrabhbh ach chlis orthu in aghaidh Bhéal Átha na Sluaighe. Bhí Mac Dara ó Béarra agus Kevin Ó Conghaile ar fhoireann na Gaillimhe (Ted Webb) i mbliana. Bhain an fhoireann iománaíochta an cluiche

leathcheannais sa chraobh amach freisin ach faraor buaileadh iad san le pointe amháin sna soicindí deireaneacha. Bhí Maidhc Antaine Ó Conghaile ar fhoireann na Gaillimhe faoi-14 i mbliana. Faoi láthair tá cluichí ceannais le n-imirt ag an bhfoireann peile faoi-13 agus faoi-12.

I mbliana, le tacaíocht ón gcathaoirleach, Páraic Joe Shéamais Ó Fátharta, chuireamar seisiún peile sa bhreis ar siúl gach maidin Sathairn ó tús an Aibreáin ar aghaidh, dírithe ar ghasúir

bunscoile sa cheantar. D'éirigh go han-mhaith leis. Bhí briseadh beag againn i rith an tsamhradh ach bhíomar ar ais arís ag deireadh mhí Lúnasa agus chríochnaigh muid suas ansin ar an 17ú de Mheán Fómhair. Tá súil againn an rud céanna a dhéanamh arís an bhliain seo chugainn.

Tá ard-mholadh ag dul dos na gasúir ar fad a bhíonn faoinár gcúram. Bhí siad dea-bhéasach, an Ghaeilge á labhairt acu go rialta, agus iad bródúil as a gclub. Go n-éirí go geal libh!



Foireann Peile Faoi 13 Mícheál Breathnach

Ar chúil, ó chlé: Aodán Ó Beoláin, Dara Mac Gearailt, Brian Ó Maoileoin, Cian Ó Fátharta, Rónán Ó Maoláin, Ruairí Óg Ó Béarra, Caoimhín Ó Maoileoin, Rónán Ó Beoláin, Dara Mac Dúill, Jordan Ó Cualáin, Robert Breathnach, Domhnall Mac Aodha Bhuí, Rónán Bolustrom, Breandán de Búrca.

Chun tosaigh, ó chlé: Rónán Ó Coistealbha, Dara Ó Fátharta, Ciarán Ó Tuathail, Cuan Mac Dúill, Ruán Ó Curraoin, Cóil Ó Coistealbha, Conall Bergin, Máirtín Ó Cualáin, Connor Taggart, Oisín Ó Tuathail, Ryan Breathnach agus Michael Langan.

Iománaíocht

Bliain stairiúil a bhí ann d'iománaithe Mhícheál Breathnach i mbliana. Bhí Naoise Ó Lionáird ar phainéal mhionúr iomána na Gaillimhe a bhuaigh Craobh na hÉireann, bhí Antaine Ó Finneadha ar phainéal idirmheánach iomána na Gaillimhe, agus bhí Maidhc Ó Conghaile ar phainéal faoi-14 na Gaillimhe. Den gcéad uair i stair an chlub d'éirigh leis na Breathnaigh cáiliú do bhabhtaí ceathrú ceannais an chontae.

Ar thráthnóna aoibhinn samhradh i Maigh Cuilinn a rinne iománaithe na mBreathnaigh gaisce agus iad ag fáil an chinn is fearr ar An Spidéal den chéad uair riamh leis an scór 1.11 in aghaidh 3.8. Thug an bua seo ardú croí don fhoireann tar éis dóibh gach cluiche a chailliúint sa gcrabhadh le dhá bhliain anuas. D'fhág a mbua ar An Rathún / Caisleán Nua go raibh dhá chluiche buaite ag na Breathnaigh.

Bhailigh slua mór ar Pháirc an Chnoic i mí Iúil nuair a thug na Breathnaigh aghaidh ar Cill Fheichín. Bhí na Breathnaigh dhá chúilín chun deireadh agus an t-am beagnach istigh, nuair a d'aimsigh Fiontán Ó Curraoin cúl gleoite chun na Breathnaigh a chur chun cinn, agus cé go bhfuair Cill Fheichín cúilín ina dhiaidh sin chun an scór a chothromú bhí seans iontach ag na Breathnaigh cáiliú don chluiche ceathrú ceannais.

D'fhág a mbua ar Mhaigh Cuilinn agus bua eile ar Chill Íomair go raibh na Breathnaigh ar bharr an ghrúpa agus áit bainte amach acu i gcluiche ceathrú ceannais an



Naoise Ó Lionáird

Chontae agus cé nár éirigh linn dul níos faide ná sin ba é seo an séasúr ab fhearr a bhí ag an gclub riamh i nGrád B. Bhí an mí-ádh ar an gclub i mbliana ó thaobh gortaithe de, ach le cúnamh Dé, beidh na himreoirí seo go léir ar ais i mbarr a sláinte arís nuair a chuirfear tús le feachtas na craoibhe 2010.

D'éirigh le foirne mionúir agus faoi-21 an chlub cáiliú do chluiche ceathrú ceannais an chontae chomh maith. Bhuaigh an fhoireann faoi-21 i gcoinne Mhaigh Cuilinn agus Bearna / Forbacha agus imreoidh siad Baile Locha Riach sa gcéad cluiche eile.

Is é Gerry Ó Fátharta as an gCnocán Glas atá mar bhainisteoir ar an bhfoireann sóisir i mbliana. Ba iománaí cumasach é Gerry uair dá raibh agus d'imir sé d'fhoirne éagsúla sa mbaile agus thar lear. Iariománaí agus peileadóir leis na Breathnaigh, Mánuis Ó Conghaile, agus Tomás Ó Ceallaigh atá mar roghnóirí aige, agus is beag

fhoireann bainistíochta atá in ann a rá nár chaill siad aon chluiche craoibhe go dtí seo. Siad Diarmuid agus Oisín Ó Ceallaigh, beirt eile a bhain áit amach ar phainéal na Gaillimhe idir pheil agus iomáint, atá ag breathnú amach do na mionúir i mbliana.

Tá na hiománaithe an bhuíoch do *Al Hayes Motors* as Port Omna a rinne urraíocht ar gheansaithe nua dúinn i mbliana. Ba mhaith leis an gcoiste iomána buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a thug cúnamh leis an gcampa iomána a reáchtáil sa samhradh, go háirithe le Coiste na nÓg agus iad siúd idir óg agus aosta a thug a gcuid ama go fial. Bhain na daoine óga ardtaitneamh as an tseachtain agus táimid fíorbhuíoch d'iománaí na Gaillimhe, John Lee, a bhí linn chun a chuid scileanna a roinnt leis na gasúir.



Antaine Ó Finneadha



Ciarán Breathnach agus Mánuis Ó Conghaile

Lá na gClubanna

Cumann Mhícheál Breathnach

Timín Joe Tím

Mar cheiliúradh 125 bliana Chumann Lúthchleas Gael leag siad ar leataobh an darna Domhnach de mhí na Bealtaine do gach Club le ceiliúradh a dhéanamh ina gceantair féin. Bhí an Domhnach sin, an 10ú lá de Bhealtaine, thar barr ó thaobh aimsire de gan scamall sa spéir agus é deas te.

Thosaigh na himeachtaí ag a deich ar maidin le Peil faoi-14 agus 16 a mhair thart ar uair a chloig. Ag a haon dhéag, bhí camógaíocht faoi hocht, faoi deich agus faoi dhá bhliain déag d'aois. Ag meán lae bhí taispeántas iomáint shóisear agus bhí an-choimhlint ann.

Ina dhiaidh sin, bhí cluiche camógaíocht shóisear againn agus thugadar an-taispeántas. Thosaigh iomáint faoi aois agus peil na gCailíní faoi aois ag a haon a chlog agus mhair sé sin ar feadh cúpla uair a chlog. Ansin bhí 'blitz' sóisear agus sinsear ann agus Peil na mBan.

Thart ar a cúig a chlog thosaigh an cluiche peile dóibh sin os cionn ceathracha. Thóg an dhá fhoireann

an cluiche seo dáiríre agus bhí sé go deas iar-imreoirí an Chlub a bheith ag feistí amach arís agus m'anam nach bhfuil sé éasca dul thartu fós!

Bhí daoine i láthair as gach áit de cheantair an Chlub, idir óg agus aosta. Bhí an-tarraingt ar an bpreabchaisleán a bhí ar an bpáirc le bóthar agus ní raibh nóiméad den lá nach raibh gasúr thuas air ag baint suilt as. Bhí neart le n-ithe agus le n-ól timpeall na páirce agus thug Mr. Whippy féin cuairt ar an ócáid. Tuigim gur tugadh amach suas le ceithre chéad agus ochtú bugar an lá sin! Bhí an pinniúr liathróid láimhe ar oscailt freisin agus imirt ar bun ann i gcaitheamh an lae.

Ba mhór an t-údar misnigh na grúpaí ar fad a bhaineann úsáid as áiseanna Chumann Mhícheál Breathnach agus a lucht leanúna ag baint sult as an lá mar chlann mór amháin. B'fhéidir gur cheart Lá na gClubanna a bheith ann chuile bhliain.

Ag tarraingt ar dheireadh an lae cuireadh taisceadán todhchaí i dtalamh inar cuireadh liathróidí de gach spóirt sa gclub agus leabhar ina raibh píosaí scríofa ag go leor dá raibh i láthair ag an ócáid. Ní feicfidh an taisceadán todhchaí seo solas an lae arís go dtí 2034. Sa leabhar seo tá réamhaisnéisí, tuairimí, mianta agus ceisteanna curtha faoi céard a bhéas i ndán don

Chlub sna cúig bliana fichhead seo amach romhainn.

Ar ndóigh beidh dúshlán mhóra ann don Chumann sna blianta sin, mar shampla, an mbeidh páirc uile-aimsire agus páirc traenála againn? An mbeidh seomraí feistis nua againn agus ionad aclaíochta agus pinniúr 60'X30'? An mbeidh na cluichí ar fad atá á n-imirt faoi láthair faoi bhláth fós i 2034? An cheist is tábhachtaí ar fad, an mbeidh an Ghaeilge fós i réim? Is faoin nglúin atá ann faoi láthair agus an



Na seanfhondúirí ag tabhairt a n-aghaidh ar chath amháin eile!

ghlúin óg atá ag fás aníos atá freagraí ar na gceisteanna sin. Cinnte dhá leanfaí ar aghaidh le spioraid Lá na gClubanna i gcónaí níor bhaol dúinn.

Tá buíochas mór ag dul don Choiste a d'eagraigh an ócáid seo ach go háithrid na mná.

Ag a sé a chlog thráthnóna, cuireadh deireadh leis an lá le haifreann a léigh an tAthair Micheál Ó Flannabhra sa seastán agus ní fhéadfá áit a fháil níos deise le Ceann Bóirne agus Sliabh Eilbhe agus Cuan na Gaillimh ó dheas, agus le Baile na mBrobhach ó thuaidh agus ceol binn na bpáistí mórthimpeall orainn. Ní fhéadfainn gan cuimhne ar an gCoiste a chuir dlús leis an bpáirc seo an chéad lá riamh agus go háithrid na mná a d'eagraigh díolachán earraí gach Nollaig agus a thug isteach na mílte punt. Ag breathnú dhom síos ar Chrois Mhícheál Breathnach bhí mé ag rá liom féin go gcaithfeadh sé go mbeadh sé sásta go bhfuil a ainm agus a cháil go beo bríomhar fós i gCois Fharraige.

Le linn an aifrinn thug duine as gach baile i gceantair an Chumainn coinneal chuig an altóir i gcuimhne na marbh. Ag deireadh an aifrinn tháinig cuaipeach gaoithe trasna an ardán a leag vása



An altóir sa seastán do Lá na gClubanna

bláthanna a bhí ar an altóir agus a chuir roinnt deannaigh in aer. Bhreathnaigh roinnt daoine ar a chéile. Cá bhfios nach teachtaireacht a bhí ann ónár gcairde agus ónár ndaoine muinteartha atá sínte ar an Aill Fhionn síos uainn ag rá, 'An-ócaid! Ba deas uaibh cuimhniú orainn'.

Go bhfága Dia a saol agus a sláinte agaibh ar fad a chuidigh leis an lá!



Máire Bn. Uí Mhainnín a chaith na blianta fada ag múineadh i Scoil Sailearna, agus ba mhaith uaithi. Bhí spéis mhór aici sa gceol go háirithe agus ba mhinic í i bhfeighil an chóir sa séipéal. Faríor, d'imigh Máire uainn i rith an tsamhraidh agus aireoidh muid uainn í. Ar dheis Dé go raibh a hanam agus anamacha na marbh ar fad.



Foireann Peile Scoil na Tulai

Ar chúl ó chl: Dónal Ó Bradaigh, Máirtín Ó Cualáin, Ryan Breathnach Ó Cinnéide, Aaron Ó Conghaile, Ciara Ní Chonghaile agus Cuán Mac Dubhghaill.

Chun tosaigh ó chl: Dara Mac Dubhghaill, Rónán Bolustrom, Criostóir Mac Donncha, Breandán de Búrca, Liam Ó Conghaile agus Aonghus Ó Fátharta

Coinnigh Ann Í

Ciana Ní Churraín

Is minic a dhéantar dearmad ar an tríú cluiche Gaelach, ach anseo i bParóiste an Chnoic ní amhlaidh atá, mar go bhfuil pinniúr 40 x 20 ag Páirc na mBreathnaigh, agus tá pinniúr aon bhalla i Scoil Sailearna. Is cluiche é seo nach dteastaíonn ach balla agus liathróid lena imirt. Tá go leor scileanna agus aclaíochta i gceist leis mar aon le comhordú, súile ghéar agus luas. Is cinnte go gcuireann na scileanna a bhaineann leis an liathróid láimhe le mo chumas camógaíochta agus peile freisin. Is féidir le cailíní agus buachaillí an cluiche a imirt. Is féidir le hóg agus aosta an cluiche a imirt freisin. Go deimhin, tá fear i Meiriceá atá 96 bliana d'aois agus é fós ag imirt.

Imrím a lán spóirt ach ceann de na cinn is fearr liom ná liathróid láimhe.

Thosaigh mé ag imirt liathróid láimhe nuair a bhí mé 8 mbliana d'aois faoi stiúir Timín Joe Tim, Jimí Joe Shéamus, Gerry Ó Fátharta agus Fearghas Mac Lochlainn. Déanann siad obair na gcapall chun an liathróid láimhe a cur chun cinn inár gceantar.

Is aoibhinn liom a bheith ag imirt agus ag cleachtadh. Bím ag

cleachtadh ceithre huaire in aghaidh na seachtaine i rith an geimhridh, rud a bhíonn níos deacra i rith an tsamhraidh de bharr na camógaíochta agus na peile. Tá sé an-tábhachtach dom na scileanna a cleachtadh liom féin agus éisteacht le mo thraenálaí. Is breá liom a bheith ag breathnú ar dhaoine eile ag imirt mar gur féidir liom scileanna a fhoghlaim uathu sin freisin. Tá mo comhordú níos fearr anois de bharr na liathróide láimhe.



Comórtas Scileanna i bhFéile na nGael 2009
Seaimpín na hÉireann agus Seaimpín an Domhain,
Paul Brady agus Ciana Ní Churraín

Tugann an liathróid láimhe deis dom taisteal ar fud na tíre. Tá cairde den scoth agam ó na comórtais agus ón traenáil. Glacaim páirt ina lán comórtas agus tá naoi gCraobh na hÉireann agam 's gan mé ach trí bliana déag d'aois. Cé go bhfuil comórtais i gceist leis, spreagann ár gclub, Cumann Liathróid Láimhe Mhícheál Breathnach, imirt shóisialta. Is cluiche é i gcomhair gach uile dhuine, idir óg agus aosta, fir agus mná.

Tá mé ag súl go mór le páirt a glacadh i gCraobh an Domhain a bheidh ar siúl i mí Dheireadh Fómhair i bPortland Oregon, comórtas a bhíonn ar siúil gach trí bliana. Beidh sé ar siúil in Éirinn i 2012. Amach anseo ba mhaith liom a bheith ar fhoireann na hÉireann ag imirt thar lear agus Craobh Sinsir a bhaint amach!



Comórtas Gael Linn i bPáirc an Chrócaigh

Ar chúil ó chlé, Diarmaid Ó Fátharta, Séamus Ó Fátharta, Edel Ní Churraoin, Timín Ó Curraidhín, Niamh Egan, Jimí Ó Fátharta, Treasa Uí Fhátharta agus Frances Uí Churraoin. Chun tosaigh, ó chlé, Oisín Ó Fátharta, Cian Ó Fátharta, Ciana Ní Churraoin, Ruadhán Ó Curraoin agus Sinéad Ní hAinli

Cumann Liathróid Láimhe Mhíchíl Bhreathnaigh

Jimí Ó Fátharta

Bliain eile stairiúil a bhí ag an gCumann i mbliana mar gur tharla nithe suntasacha eile i gcúrsaí liathróide láimhe. I dtús báire, tógadh dhá phinniúr ag an Scoil Náisiúnta, droim le droim agus i gcomhpháirt leis an gCumann agus le Scoil Náisiúnta Sailearna.

Chonaic an príomhoide na pleananna pinniúir agus chuir sé an-suim iontu. Faoi Nollaig seo caite, tháinig scata d'imreoirí an Chumainn le chéile agus níor fhág siad bun ná barr cleite isteach ná amach nó gur chuir siad síos bunchloch crua daingean faoi stiúir Timín Joe Tim. Ba é an Timín céanna, in éindí le Fearghas, a rinne an obair pháipéarachais le deontas a fháil, na pinniúir a ardú agus an t-ábhar ar fad a fháil.

Coicís ina dhiaidh sin, tar éis gála agus drochaimsire, tháinig na truail leis an gcaifíneach maidin Shathairn agus bhí na pinniúir ina seasamh an tráthnóna céanna sin. Chuir an scéim FÁS críoch leis an obair agus bhí siad réitithe amach is amach ansin. Is é an Cumann, in éindí leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a chuir an t-airgead ar fáil – ní raibh caint ar bith ar SNIP ag an am sin!

Ins na pinniúir fhéin, go háitiúil agus go náisiúnta, bhí bliain iontach ag an gCumann. Bhain Pádhraic Tim Ó Conghaile agus Pádhraic Willie Ó Fátharta an chraobh sa nGrád B Diamainte nuair a bhuail siad fir Loch Garman leis an scór 21-17, 21-9. Rinne Ciana Ní Churraoin, agus Róisín Ní Chonghaile as Maigh Cuillinn in éindí léi, an beart céanna i nGrád na gCailíní Faoi-14, nuair a bhuail siad cailíní Phort Láirge leis an scór 15-4, 15-0. Bhain scata eile de na himreoirí amach craobhacha Contae agus Cúige agus seo a leanas cuntas ar na príomhthorthaí.



Róisín agus Ciana

Comórtas A do chailíní:

Faoi-12 Singil: Anna Ní Odhráin Ní Mhurchú.

Faoi-14 Dúbailte: Ciana Ní Churraoin agus Róisín Ní Chonghaile a chuaigh ar aghaidh agus a bhuaigh Craobh an Chúige agus an Chraobh Uile-Éireann.

Faoi-16 Singil: Sinéad Ní hAinlí.

Comórtas B do Chailíní:

Faoi-12 Singil: Hazel Ní Choisdealbha.

Faoi-12 Dúbailte: Éimear Ní Bhiadha agus Sinéad Ní Mhaoláin.

Faoi-13 Singil: Lisa Ní Chadhain.

Faoi-13 Dúbailte: Mairéad Ní Chonghaile agus Tiffney Ní Choisdealbha.

Faoi-14 Dúbailte: Adhna agus Sorcha Ní Bhraonáin.

Faoi-15 Singil: Camilla Ní Fhátharta.

Comórtas A do Bhuachaillí:

Faoi-12 Singil: Rónán Ó Beoláin a chuaigh ar aghaidh agus a bhain amach Craobh Chonnachta.

Faoi-14 Singil: Maidhc Ó Conghaile a chuaigh ar aghaidh agus a bhain amach Craobh Chonnachta.

Faoi-15 Singil: Ruadhan a chuaigh ar aghaidh agus a bhain amach Craobh Chonnachta.



An dá Phádraic



Cluichí Pobail — Buaitoirí Chraobh na hÉireann

Thuas, ar chúl ó chlé: Hazel Ní Choisdealbha, Cath. na gCluichí Pobail agus Éimear Ní Bhiadha.

Chun tosaigh, ó chlé: Sinéad Ní Mhaoláin, Mairéad Ní Chonghaile, Ciana Ní Churraoin agus Anna Ní Odhráin Ní Mhurchú.

Thall, ag barr: Gerry Springer tagtha slán as cath eile!

Campa Samhraidh Iúil

Thíos, ó chlé ón mbarr: Jimí Joe Shéamais, Stiofán Ó Conghaile, Anna Nic Gearailt, Dónal Ó Braonáin, Siorcha Ní Fhrighil, Ruaidhrí Óg Ó Béarra, Con Ó Gibne, Ciana Ní Churraoin, Rónán Ó Coisdealbha, Oisín Ó Cualáin, Stiofán Ó Béarra, Aodán Ó Beoláin, Emma Ní Choisdealbha, Siorcha Ní Bhraonáin, Sinéad Ní hAinlí.

Thall, ag bun: Bua eile ag Ciana.



Faoi-16 Dúbailte: Mac Dara Ó Béarra agus Micheál Ó Leathlobhair as Maigh Cuilinn a chuaigh ar aghaidh agus a bhain amach Craobh Chonnachta.

Faoi-17 Singil: Stiofán Ó Béarra a chuaigh ar aghaidh agus a bhain amach Craobh Chonnachta.

Faoi-17 Dúbailte: Caoimhin agus Breandán Ó Conghaile.

Comórtas B do Bhuachaillí:

Faoi-10 Dúbailte: Gearóid Ó Conghaile agus Rónán Ó Direáin.

Faoi-15 Singil: Joe Ó Fátharta.

Comórtas Ghael Linn

Ba iad Ciana Ní Churraoin agus Cian Ó Fátharta a sheas an fód sa gcomórtas measctha Faoi-13 i bPáirc an Chrócaigh i mbliana agus chuaigh siad an bealach ar fad an geábh seo. Sheas an cleachtadh a bhí sa gcomórtas seo le dhá bhliain ag Ciana in éindí le Ruadhan agus le Maidhc Óg anuraidh nuair a bhuaigh siad an “Sólás”, agus fuair sí an-chúnamh ó Chian chomh maith.

Sheas Michael Pheaits Ó Cualáin an fód do Ghaillimh sna Máistrí agus chuir Gearóid Springer Ó Fátharta suas an-troid i gConnacht.

Comórtas Seisir Faoi-12/13 do Bhuachaillí:

Bhí Cian Ó Fátharta agus Ruadhan Ó Beoláin ar fhoireann na Gaillimhe ach fuair Ros Comáin an lámh in uachtar orthu.

Comórtas Deichniúr Faoi-13/17 do Chailíní:

Bhí Ciana Ní Churraoin agus Sinéad Ní hAinlí ar fhoireann Chonnachta agus bhain siad amach an comórtas Uile-Éireann. Is iontach an comórtas é seo



Buaiteoirí i Roinn 1 ag Féile na nGael 2009
Ó chlér, Lisa Ní Chadhain, Ciana Ní Churraoin,
Jimí Ó Fátharta (traenálaí), Anna agus Sorcha Ní Bhraonáin

mar casann siad agus feiceann siad imreoirí iontacha eile sna haoiseanna éagsúla, rud a thugann an-chleachtadh do na himreoirí.

Comórtas Fhéile na nGael:

Bhí foireann cailíní agus buachaillí ag Féile na nGael i Laois/Uíbh Fhailí i mbliana. Rinne na cailíní éacht eile fós nuair a bhuaigh siad an comórtas i nGrád 1. Ba iad Maigh Cuilinn a chas orthu sa gcluiche ceannais agus tar éis dhá chluiche bhí siad ar chomhscór, cluiche an taobh. Mar sin b'éigin an tríú cluiche go dtí 11 a imirt agus thug na cailíní se'againne fíorthaispeántas go deo.



Ócáid Bronnta Feistis d'Fhéile na nGael, ó chlér: Timín Ó Curraidhín, Cian Ó Conghaile, Maidhc Ó Conghaile, Ruaidhri Óg Ó Béarra, Rónán Ó Beoláin, Frances Uí Churraoin, Dara Ó Fátharta, An tAth. Micheál Ó Flannabhra, Anna Ní Bhraonáin, Ciana Ní Churraoin, Sorcha Ní Bhraonáin, Jimí Ó Fátharta agus Lisa Ní Chadhain.



Buaiteoirí Chraobh Chonnachta Faoi-15: Ó chl  , Damien    Coisdealbha, Naoise    Gibne, Ruadhan    B  arra, Maidhc    Conghaile agus Cian    F  tharta.

C   go ndearna na buachaill   go maith sa gcom  rtas seo freisin n  r   irigh leo    a bhuachaint ach bhuaigh an Cumann an com  rtas don fhoireann ab fhearr a bh   sa m  rshi  l le Bratach an Chumainn. Cumann Forbartha Chois Fharraige agus   dar  s na Gaeltachta a rinne urra  ocht ar na foirne.

Foireann na gCail  n  : Ciana N   Churraoin, Lisa N   Chadhain, Adhna agus S  rcha N   Bhraon  n.

Foireann na mBuachaill  : Maidhc    Conghaile, R  n  n    Beol  n, Cian    Conghaile, Naoise    Gibne, Dara    F  tharta, Ruair     g    B  arra.

Com  rtas N  isi  nta Singil:

Bhuaigh Ciana N   Churraoin an com  rtas seo Faoi-13 tar   is s  rbhabhta ceannais i gcoinne Jennifer Fahy as Maigh Eo leis an sc  r 15-12, 15-13. Chuaigh Fiont  n    Curraoin chomh fada leis an gcluiche ceathr   ceannais.

Cluich   Pobail:

  acht mh  r eile d  anta ag na cail  n   Faoi-13 anseo nuair a bhuaigh siad an Craobh Uile-  ireann. Ar an bhfoireann sin bh   Ciana N   Churraoin, Mair  ad N   Chonghaile,   imear N   Bhiadha, Sin  ad N   Mhaol  n, Anna N   Odhr  n N   Mhurch   agus Hazel N   Choisdealbha.

Bhain na buachaill   amach Craobh Chonnacht sa gcom  rtas c  anna. Ar an bhfoireann sin bh   Ruadhan    B  arra, Maidhc    Conghaile, Cian    F  tharta, Naoise    Gibne agus Caomh  n    hIarn  n.

Com  rtas N  isi  nta Aon-Bhalla:

  I gCaisle  n an Bharraigh a chodail m   ar  ir  , mar a d  irt an t-amhr  n, agus is ansin a re  cht  ileadh an com  rtas seo i mbliana,   it a raibh c  ig ch  irt marc  ilte amach go bre   san Ionad Sp  irt. Chuaigh scata   n gCumann go dt   an com  rtas i mbliana agus bhain siad an-chraic go deo as. Seo iad na tortha   a thug an bua leo: **Cail  n   Faoi-11;** Corn:   imear N   Bhiadha.

Cail  n   Faoi-14; Corn: Ciana N   Churraoin.

Cail  n   Faoi-11; Sciath: S  rcha N   Bhraon  n.

Cail  n   Faoi-13; Sciath: Lisa N   Chadhain.

Cail  n   Faoi-16; Sciath: Sin  ad N   hAinl  .

Mn  ; Sciath: Bobbi N   hAinl   (U   Ainl  ).



L   bre   gr  ine ag imreoir   liathr  ide l  imhe agus a lucht taca  ochta in   rainn

Fir, Máistrí; Sciath: Gearóid Springer Ó Fátharta. Ba é seo an cluiche ba mhó a bhfuair daoine sásamh agus spóirt as. *Máistrí Diamainte; Sciath:* Jimí Ó Fátharta.

Comórtas an Dara Leibhéil:

Cailíní Faoi-15: Bhuaigh Ciana Ní Churraoin agus Róisín Ní Chonghaile as Coláiste na Coiribe an Chraobh Uile-Éireann.

Buachaillí Faoi-15: Chuaigh Ruadhan Ó Béarra agus Rónán Mac Donnchadha chomh fada le cluiche leathcheannais na hÉireann.

Ciseán Torthaí: Chuaigh comórtas mhaidin Lae Nollag ar aghaidh aríst mar a tharlaíonn go féilteúil ó na hochtóidí.

Comórtas Samhraidh: Reáchtáil an Cumann dhá champa samhraidh aríst i mbliana, an chéad cheann d'fhoghlaimeoirí agus an dara ceann dóibh sin a bhí ag cur smaíse ar a gcuid scileanna. Bhí comórtas ar siúl le linn na gcampaí agus tugadh amach neart duaiseanna, liathróidí láimhe ina measc.

Comórtas Gailf:

Reáchtáileann an Chomhairle Liathróid Láimhe comórtas Gailf Chlasaiceach chuile bhliain, ar mhaithe le ciste na ndéagóirí. I nGlasán i gCo. na hIarmhí a imríodh comórtas na bliana seo agus bhí an bua go smaísiúil ag foireann an Chumainn. Ar an bhfoireann sin bhí Meaití Ó Fátharta, Cóil Ó Finneadha, Aodán McNamara agus Páidí Ó Lionáird ar cuireadh suim thar na bearta ina bhrístí dearga. Tugadh suntas freisin do gheansaithe an Chumainn atá urraithe ag Tigh Chualáin.



Buaiteoirí Comórtas Ghael Linn

Cian Ó Fátharta agus Ciana Ní Churraoin in éineacht le hAntaine Ó Hannáin, Uachtarán Chomhairle Liathróid Láimhe na hÉireann, ag an gcomórtas i bPáirc an Chrócaigh

Comórtas an Domhain:

Tá scata de bhaill an Chumainn ag dul anonn go Portland Oregon i Meiriceá i mbliana le páirt a ghlacadh sna comórtas ag tús mhí Dheireadh Fómhair. Go n-éirí go geal leo.



Féile na nGael: Cumann Liathróid Láimhe Mhícheál Breathnach, buaiteoirí an chomórtas don bhratach ab fhearr ag an bhFéile

Liathróid Láimhe sa mBunscoil

Fearghas Mac Lochlainn

Tá an liathróid láimhe ag gabháil ó neart go neart i Scoil Sailearna ó bhliain go bliain. Bíonn traenáil ann chuile Dhéardaoin tar éis na scoile agus ranganna difriúla ag tabhairt faoi chuile théarma ó Rang a 2 suas go Rang a 6. Taobh istigh den scoil eagraíodh neart sraithchomórtas liathróide láimhe: sraith do bhuachaillí Rang a 6, sraith do bhuachaillí Rang a 5, sraith do chailíní Rang a 5 agus a 6, sraith do bhuachaillí Rang a 3 agus sraith eile do chailíní Rang a 3. Bhí seans ag chuile dhuine acu chuile dhuine eile ina rang a fhéin a imirt agus b'shin é aidhm na sraitheanna – 'sé sin neart cluichí a thabhairt dhóibh.



Bhuaigh Caomhán Ó hIarnáin comórtas Rang a 6 agus bhí Cian Ó Fátharta sa dara háit. Bhuaigh Darragh Ó Fátharta comórtas Rang a 5 agus Ruaidhrí Óg Ó Béarra sa dara háit. Bhuaigh Hazel Ní Choisdealbha comórtas na gailíní agus Emma Ní Choisdealbha sa dara háit. I gcomórtas Rang a 3, ghnóthaigh Liam Cruz Ó Fátharta an chéad áit agus bhí Joe Ó Conghaile sa dara háit. Ghnóthaigh Sadhbh Lily Howlin-Barman an chéad áit i gcomórtas na gailíní agus bhí Majella Nic Dhonnacha sa dara háit.

Tá buíochas mór agus an-chreidiúint ag gabhail do Chlub Liathróide Láimhe Chumann Mhíchíl Bhreathnaigh as ucht an mhéid atá déanta acu ar son na liathróide láimhe leis na gasúir sa bpobal agus tá a shliocht orthu. Chuile lá ag an scoil, bíonn gasúir idir bhuachaillí agus chailíní amuigh ag imirt liathróide

láimhe. Mharcáil an Club trí phinniúr aon bhalla ag an scoil – péire taobh amuigh agus ceann eile d'ardchaighdeán taobh istigh de halla na scoile. Ina theannta sin freisin, tá pinniúr dúbailte (nó dhá phinniúr trí bhalla droim le droim) i gclós na scoile anois – a bhuíochas sin do Chlub Liathróide Láimhe Chumann Mhíchíl Bhreathnaigh agus go speisialta do Timín Joe Tim a chuir dlús leis an togra ón tús.

Níor chosain an áis iontach seo leathphingin rua ar an scoil. Chlúdaigh An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta breis is 90% den togra agus d'íoc Club Liathróide Láimhe Chumann Mhíchíl Bhreathnaigh an fuilleach. Níl leithscéal ar bith ag gasúir na scoile anois nuair atá an pinniúr dúbailte seo anois acu, gan trácht ar na pinniúir aon bhalla a bhí péinteáilte ag an gClub roimhe sin. Ar ndóigh

bainfear úsáid as an bpinniúr seo, ní amháin le haghaidh liathróide láimhe ach le haghaidh scileanna na hiomána a fhorbairt freisin.

Idir dhá Nollaig a rinneadh go leor den réamhobair le haghaidh an phinniúir dhúbailte. D'eagraigh Timín Joe Tim meitheal oibre a d'oibrigh go deonach ón naoú lá fichiad de Nollaig go dtí an t-ochtú lá d'Eanáir chúnas a bhí an chuid eile againn ag placadh turcaí! Beidh an scoil buíoch go brách den mheitheal seo agus féachfaidh mé lena gcuid ainmneacha ar fad a luadh anseo thíos: Timín Joe Tim, Jimí Joe Shéamuis, Páraicín Willie, Gerry Springer Ó Fátharta, Bertie Ó Fátharta, Pádraig Tim, Tadhg Tim Ó Conghaile, Tadhg Mór Ó Curraoin, Ruadhán Ó Curraoin, Cillín Ó Curraoin, Brian Mór Ó Curraoin, Séamus Dáirbí, Diarmuid Ó Fátharta, Cian Ó Fátharta, Ciarán Phádraig Mhaitiú. Tá súil agam nach bhfuil aon duine fágtha ar lár agam. Má tá meabhrófar dhom é! Bhí ceathrar den mheitheal seo ag obair freisin sa meitheal a bhí ag tolladh na carraige le taobh chlár na scóranna ar Pháirc Mhíchíl Bhreathnaigh faoi Nollaig sa mbliain 1975. Meas tú cérbh iad fhéin?! Is iad O'Reilly Concrete a leag an pinniúr dúbailte ag an scoil sa mBliain Nua.

D'éirigh thar cionn le gasúir na scoile i mbliana i gcomórtas Liathróide Láimhe Chumann na mBunscoileanna. Rinne siad éacht agus ag craobh an chontae bhí trófaí nó bonn ag chuile dhuine beo acu ag dul abhaile! Seo iad a leanas torthaí Chraobh an Chontae a himródh i

bpinniúr an Chnoic i dtús mhí na Nollag:
 Buachaillí Singil faoi 13: Caomhán Ó hIarnáin (2ú háit)
 Buachaillí Dúbailte faoi 13: Cian Ó Fátharta agus Rónán Ó Beoláin (an chéad áit)
 Cailíní Singil faoi 13: Hazel Ní Choisdealbha (2ú háit)
 Cailíní Dúbailte faoi 13: Róisín Ní Fhurrghais & Mairéad Ní Chonghaile (an chéad áit)
 Buachaillí Singil faoi 11: Aaron Bolustrum (an dara háit)
 Buachaillí Dúbailte faoi 11: Michael Ó Longáin & Rónán Ó Curraoin (an dara háit)
 Cailíní Singil faoi 11: Anna Ní Odhráin Ní Mhurchú (an chéad áit)
 Cailíní Dúbailte faoi 11: Eimear Ní Bhiadha agus Sinéad Ní Mhaoláin. (an chéad áit).

An dream a bhuaiigh an chéad áit chuaigh siad ar aghaidh chuig Craobh an Chúige a bhí ar siúl i mBaile an Róba sa Márta. D'éirigh le Eimear Ní Bhiadha agus Sinéad Ní Mhaoláin é seo a bhuachtáil freisin agus chuaigh siad ar aghaidh ansin go Páirc an Chrócaigh sa mBealtaine. D'imríodar cailíní eile as chuile chúige ach níor éirigh le haon bheirt eile an ceann is fearr a fháil ar chailíní Scoil Sailearna! Bhí tine chnámh rompu ag pinniúr an chnoic nuair a d'fhill siad oíche Dé Domhnaigh as Baile Átha Cliath!

Cuireadh tús le togra nua eile i mbliana freisin agus is fiú tagairt a dhéanamh dhó anseo. Ó tharla nach raibh ach seacht mbunscoil ag glacadh páirte i gcomórtas liathróide láimhe Chumann na mBunscoileanna, cuireadh comórtas nua, comórtas B do thosaitheoirí sa siúl. Déanadh teangabháil le chuile bhunscoil sa gcontae agus díríodh isteach go speisialta ar scoileanna a raibh pinniúr nó club liathróide láimhe gar dhóibh. Tugadh cuairt ar roinnt scoileanna freisin le ceardlann a thabhairt, ag taispeáint na mbunscoileanna, ag míniú na rialacha agus ag míniú druileanna do na gasúir agus na múinteoirí. Chuir Niamh Egan as Comhairle Liathróide Láimhe na hÉireann pacáiste liathróide láimhe le scoileanna, druileanna agus liathróidí ar fáil freisin do na scoileanna nua seo.

Imrítear an gnáthchomórtas Chumann na mBunscoileanna leis an liathróid *Challenger 2* ach imríodh an Comórtas B leis an liathróid *Challenger 1* atá níos boige agus níos moille. Athraíodh an gearrlíne isteach ceithre through freisin le seans níos fearr a thabhairt do na gasúir nach raibh ach ag tosaí.

D'éirigh thar barr ar fad leis an gcomórtas B. Léirigh os cionn scór scoileanna suim sa gcomórtas agus thosaigh gasúir nár imir ariamh cheana ag cleachtadh i



scoileanna ar fud an chontae. Tá an-chreidiúint ag dul do Timín Joe Tim a chuaigh soir chuig Scoil Éinne sa Spidéal ceithre lá chuile sheachtain ag traenáil na ngasúr ag am lóin. Rinne Morgan d'Arcy as Maigh Cuilinn, é fhéin, traenáil rialta i Scoil Phádraig i nGaillimh. Cuid de na scoileanna seo a léirigh suim, d'airigh siad nach raibh siad réidh le páirt a ghlacadh i gcomórtas fós ach mar sin fhéin bhí muid an-sásta leis an líon scoileanna a ghlac páirt – ceithre scoil dhéag ar fad. Le cúnamh Dé, beidh go leor acu seo ag glacadh páirte sa gcomórtas A gan mórán achair.

Mar gheall go raibh an oiread scoileanna san iomaíocht, b'éigean trí réamhbhabhta a reáchtáil – ceann i bpinniúr an Chnoic, ceann in Eanach Dhúin agus ceann i mBaile Nua, Mainistir Chnoc Muaidhe. Seo iad a leanas na scoileanna uile a ghlac páirt: Scoil Éinne (An Spidéal), Scoil Cholmcille (An Tulaigh), Scoil Rónáin (Árainn), Scoil Eoin Pól II (Árainn), Scoil Chaomháin (Inis Oírr), Scoil Eanach Dhúin, Scoil an Chaisleáin Gheairr, Scoil Phádraig (Gaillimh), Scoil Éinne (Bóthar na Trá), Scoil an Chairn Mhóir, Scoil Bhaile Nua (Mainistir Chnoc Muaidhe), Scoil Bhaile Chlár na Gaillimhe, Scoil na mBuachaillí (Baile Átha an Rí) agus Scoil Bhaile Meánach (Creachmhaoil).

Seo iad a leanas na buaiteoirí:

Buachaillí Singil faoi 13: Éamonn Ó Conaire (Scoil Phádraig);

Buachaillí Dúbailte faoi 13: Féilm Mac Shamhrain & Aidan Hawkins (Scoil Phádraig);

Cailíní Singil faoi 13: Adhna Ní Bhraonáin (Scoil Cholmcille, An Tulaigh);

Cailíní Dúbailte faoi 13: Orla & Áine Ní Chonghaile (Scoil Chaomháin, Inis Oírr);

Buachaillí Singil faoi 11: Finín Ó Laoi (Scoil Éinne, An Spidéal);


Buachaillí Dúbailte faoi 11: Gearóid Ó Conghaile & Pádraig Ó Cathmhaoil (Scoil Éinne, An Spidéal);

Cailíní Singil faoi 11: Sórcha Ní Bhraonáin (Scoil Cholmcille, An Tulaigh);

Cailíní Dúbailte faoi 11: Meala Ní Choisdealbha & Laoise Bhreathnach (Scoil Éinne, An Spidéal).

D'éirigh thar cionn ar fad leis an gcomórtas B agus le cúnamh Dé beidh an comórtas nua seo ag gabháil ó neart go neart anois agus na scoileanna céanna agus scoileanna nua freisin ag glacadh páirte arís an bhliain seo chugainn. Coinneoidh muid ann í!





Tugann an lámhscríbhinn atá ar an mapa thuas le fios go raibh 30,877 acra talún i bparóiste an Chnoic, de réir dhaonáirimh 1911, go raibh 485 theach ann agus 2,508 daoine. De réir Griffith's Valuation 1844, bhí 32,221 acra sa bparóiste céanna.

Tá na paróistí éagsúla, sna deoislí éagsúla, (idir lúibíní) liostaithe de réir datha freisin:

Buí – Paróiste an Chnoic (Tuaim);
Dearg – Paróiste an Spidéil (Gaillimh);
Corcra – Paróiste Mhaigh Cuilinn (Gaillimh);
Bándearg – Paróiste Chill Ainnín (Gaillimh);
Glas – Paróiste Uachtar Ard (Gaillimh);
Donn – Paróiste Ros Muc (Gaillimh);
Gorm – Paróiste an Chillín (Tuaim).
Mar is léir, áfach, níl na dathanna an-soiléir.

Mol an Óige



Is mise Laoise Bleasdale agus imrím camógaíocht le Cumann Camógaíochta Chois Fharráige. Is í an chamógaíocht ceann de na cluichí is sciliúla ar domhain agus ní amháin sin, is í an cluiche páirce is sciobtha ar domhan í. Tá mé ansásta a bheith in ann í a imirt.

Bíonn traenáil againn gach Sathairn ar pháirc na mBreathnaigh, ón 4 go dtína 6. Bíonn traenáil eile againn gach Déardaoin ar pháirc na Tulai, ón 7:30 go dtína 9. Is breá liom é seo, mar i rith an ama seo bím ag caitheamh ama le mo chairde ag imirt an chluiche is fearr liom, agus chomh maith leis sin coinníonn sé aclaí agus láidir muid le haghaidh na gcluichí. Is muide an t-aon chumann

camógaíochta Gaeltachta sa tír a labhraíonn Gaeilge an t-am ar fad i rith na traenála, na gcluichí, srl.

Glacann muid páirt i ggraobh an chontae ó faoi-10 suas go dtí sóisear. Tá mise ar an bhfoireann faoi-14, faoi-15 agus faoi-16 i mbliana. Taitníonn sé liom mar is spraoi agus comórtas é ag an am céanna. Na dathanna atá againn ná geansaí marún agus sciorta dúghorm.

Bíonn campa samhraidh ag an gCumann gach bliain agus bíonn an-spraoi ann! Tháinig Veronica Curtin againn an bhliain seo caite, bhí sí an-mhaith. Bhí 'social' againn i mbliana in Óstán na Páirce agus bhí chuile dhuine ann agus bhí sé iontach!

Cumann Camógaíochta Chois Fharraige

Máirtín Ó Dubhghaill

Tá 148 cailíní cláraithe leis an gCumann i mbliana: Foirne Faoi 9, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 16, 18 agus foireann Sóisir. Glacann an Cumann páirt i gcomórtais an Chontae agus i gcomórtais an Iarthair sna grádanna sin ar fad. Níl baol ar an séasúr camógaíochta a bheith thart fós, ach go dtí seo d'éirigh le 4 fhoireann as an gCumann Cluichí Ceannais an Chontae a bhaint amach.



An fhoireann Faoi-16 a chuaigh chomh fada le Cluiche Ceannais an Chontae i mbliana, ar chúil, ó chlár: Máirtín Ó Dubhghaill, Cristín Nic Ghiolla Choinnigh, Róisín Ní Chuinn, Saoirse Howlin, Darina Ní Challanáin, Tríona Ní Dhiollúin, Aisling Ní Chonchubhair, Orlaith Ní Dhiereáin, Meadhbh Ní Fhlatharta, Niamh Ní Dhiereáin, Áine Ní Dhubhghaill, Lisa Denise Ní Chonghaile, Fiona Ní Chonghaile, Áine Ní Mhainnín, Bríd Bleasdale, Andy Bleasdale.

Chun tosaigh: Aisling Ní Neachtain, Laoise Bleasdale, Adhna Ní Bhraonáin, Ciana Ní Churraoin, Sara Ní Chonláin, Síofra Ní Chlochartaigh, Lisa Ní Chadhain, Aoife Ní Dhonechadha, Síle Sorcha Ní Chonghaile, Caitríona Ní Churraoin, Eimear Ní Mhaoileoin.

Faoi-10: Grád A, bhuaill na Sáirséalaigh muid leis na scór 2-1 in aghaidh 2-0; faoi-12, bhuaigh muid cluiche ceannais an Chontae in aghaidh na mBrídeog leis an scór 6-3 in aghaidh 1-1; agus faoi-16, bhuaill na Seamróga muid i gcluiche ceannais an Chontae leis an scór 4-4 in aghaidh 2-5. I ngrád na Sóisear, bhuaill na Seamróga muid i gcluiche ceannais Shraith an Chontae leis an scór 2-3 in aghaidh 1-4. Beidh na foirne faoi 9, 11, 13, agus 15 ag glacadh páirt i gComórtais an Iarthair sna seachtainí amach romhainn. Guímid gach rath ar na cailíní.

Bhí cóisir an-mhaith ag an gCumann in Óstán na Páirce anuraidh agus tá muid ag tnúth le ceann eile a reáchtáil roimh dheireadh na bliana seo. I mí Iúil d'eagraigh an Cumann campa

camógaíochta ar feadh seachtaine ar Pháirc na mBreathnaigh. B'iad Eoin Ó Ceallaigh agus Ciarán Ó Frighil as Co. an Chláir agus Diarmuid Ó Ceallaigh as na hAille na teagascóirí a bhí againn agus bhí siad iontach! Tháinig Veronica Curtin, imreoir cáiliúil Chontae na Gaillimhe, lá amháin lena cuid scileanna a roinnt leis na cailíní. D'fhreastail 66 cailíní ar an gcampa agus bhain siad an-spraoi as, gan trácht ar an bhfeabhas a tháinig ar a gcuid scileanna camógaíochta! Thug Aoife Ní Mhuirí (atá mar bhall den Chumann) léacht agus taispeántas do na cailíní faoi thraenáil agus cúrsaí bia. Is fisiteiripeach spóirt í Aoife agus chuaigh an méid a bhí le rá aici i bhfeidhm go mór ar na cailíní.

Roghnaíodh beirt ón gCumann ar fhoireann na Gaillimhe faoi-14 i

mbliana: Ciana Ní Churraoin agus Darina Ní Challanáin. Bhí Sadhbh Ní Cheallaigh ar fhoireann mionúir an Chontae. Comhghairdeas leis an triúr faoin éacht sin. Tá muintir Chois Fharraige an-bhródúil astu!

Déanann Cumann Camógaíochta Chois Fharraige freastal ar chailíní an cheantar ó na Forbacha siar agus cuireann an Cumann fáilte roimh bhaill nua i gcónaí. Traenáil chuile Shatharn ar Pháirc na mBreathnaigh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó aon duine de na traenáilaithe seo a leanas a bhíonn ar an bpáirc chuile Dé Sathairn: Caitríona Ní Chonchubhair, Áine Ní Chonchubhair, Aodán Mac Cormaic, Máirtín Ó Ceallacháin, Lily Ní Fhlatharta, Bríd Bleasdale, Andy Bleasdale agus Máirtín Ó Dubhghaill.

Comhghairdeas



① **Ciana Callinan**, iníon le hÁine (Ní Chéidigh) agus David Callanan a bhain amach an marc ab airde sa gClár BEd in Ollscoil Luimnigh i mbliana. Dá thoradh sin ainmníodh í don ghradam Vere Foster Medal, a bhronnann an INTO gach bliain ar an té a bhaineann amach an grád iomlán is airde sna staidéir Chleachtais Mhúinteora agus Curacalaim sa gclár BEd.



② **Loretta Ní Chellanáin**, deirfiúr le Ciana, a bhfuil Craobhchomórtas Chonnacht sa Damhsa Gaelach buaite aici le chúig bliana anuas, agus a bhain amach an tríú háit i gCraobhchomórtais an Domhain i mBéal Feirste anuraidh.

③ **Ciarán Ó Ráighne**, atá cáilithe mar Gharda Síochána ó mhí Iúil seo caite agus é anois i mbun dualgais i mBéal Átha na Sluaighe.



④ Tá Craobh na hÉireann in aclaíocht colainne bainte amach ag **Cathal Mac Tiarnáin** agus é anois ag díriú ar an teideal Mr. Universe. Ar na daoine cáiliúla a bhain amach an teideal sin in imeacht na mblianta, tá Arnold Schwarzenegger agus Johnny Weis Muller, an chéad Tarzan a bhí ar an teilifís.

Anseo, tá Cathal (sa lár) nuair a bhuaigh sé a chéad ghradam náisiúnta 'Irish Best Lifter' i 2003. Ar chlé dó, tá Tony McCaffrey agus ar a dheis tá Tom Dillon, Uachtarán an IPF.

Foireann Sacair an Údaráis i ndeireadh na seachtóidí



Tá sloinnte réamhphósta na gcailíní idir lúibíní agus is iad a mbailte dúchais atá luaite leo.

Ar chúl, ó chlé: Mairéad (Standúin) Wiseman, Leitir Caladh; Máire (Ní Chéidigh) Uí Mhaoláin, Na hAille; Máire T. (Ní Chonghaile) Uí Ghríofa, Baile na hAbhann; Cáit (Bheilbigh) Uí Fheinnadha, Camas; Eibhlín (Ní Chonghaile) Uí Chualáin, An Cnoc.

Chun tosaigh, ó chlé: Siobhán (Ní Chonghaile) Uí Choncheanainn, Baile na hAbhann; Pauline (Ní Churraoin) Uí Dhomhnaill, Both Chuana; Bríd (Ní Churraoin), Both Chuana; Róisín (Ní Loideáin) Uí Shúilleabháin, Coill Rua.



Tom Pheadair Lochrainn Uí Ghríofa agus a bhean Catherine Mháire Jeaic (de Bhailís) atá araon ar shlí na fírinne. Is dócha gur i Meiriceá a tógadh an pictiúr seo, ag tús an chéid seo caite, ach bhí cónaí orthu féin i gCor na Rón ina dhiaidh sin.

Muintir Mholly



Michael, May agus Kathleen Mholly in éineacht le Máire Ní Mháille agus arb í Máirín Phádraic Sheáinín Bhig an páiste? Meastar gur i dtús na seascaidí a tógadh an pictiúr.

Ó aois go haois



① Seanphictiúir d'fhir as an gceantar. Chun tosaigh, Pádraig Thaidhg Phádraig Ó Conghaile agus ba mhór againn ainmneacha na ndaoine eile a fháil don chéad eagrán eile.

② Mary Walsh, as Meiriceá (neacht le Winnie), Winnie agus Peadar Ó Máille, agus Michael Mholly (Ó Tuairisg) taobh amuigh de theach ósta Tigh Mholly.

③ Greg agus Caitlín Uí Bhraonáin, Eilín Uí Bhraonáin agus Máirtín Pheairts Ó Cualáin ag cóisir Nollag Tigh Mholly.

④ Máirtín a' Bhreathnaigh, Neainsaí Nolan, Winnie Mholly, ??, Noel Ó Tuairisg agus daoine eile ag an ócáid chéanna.

⑤ Agnes Sheáinín, Mary Keady (nach maireann), Delia Mholly (nach maireann), Sally Sheáinín agus Winnie Mholly ar a sáimhín só roinnt blianta ó shin.